



## An bhfuil eagla ort?

L. 23



## Domhnach na Cruaiche

L. 16



## Lá na fuascailte do Ghaillimh

L. 31




## Badly Drawn Boy

L. 22

## Gugalaí Gug, mo chircín dubh!

L. 20



€1.65 (£1.50)

Uimh. 18



# Gaelisceal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 23.07.2010

## Ceapachán Frank Feighan cáinte

### Le Meadhbh Ní Eadhra

MAR thoradh ar cheapachán Frank Feighan ina urlabhraí Gaeltachta ar Fhine Gael, tá míshásamh léirithe ag cuid de phobal na Gaeilge mar gheall ar an gcinneadh. Sheol an t-údar Gabriel Rosenstock litir chuig Fine Gael le déanaí ag lorg soiléir-iú i dtaca leis an gcinneadh seo. Sa litir, deir sé nach fiú dúinn urlabhraí a thabhairt air “óir baineann urlabhra le cumas teanga agus cumarsáide go bunúsach, éadáil nach bhfuil ag an Uasal Feighan i nGaeilge.”

Sheol Fine Gael teachtaireacht ar ais chuig an Uasal Rosenstock, i mBéarla, ag rá nach é Frank Feighan TD an chéad urlabhra Ghaeltachta le Gaeilge “teoranta”, agus nach raibh ach beagán Gaeilge ag Síle de Valera, a bhí mar Aire Gnóthaí Gaeltachta tráth. I litir atá sínithe ag deichniúr pearsa aitheanta agus atá foilsithe ar lch 15 de Gaelisceal, maítear gur cháin Fine Gael an ceapachán úd sin ag an am, mar gheall nach raibh Gaeilge líofa ag Síle De Valera. Tá daoine eile i ndiaidh scríobh chuig Fine Gael freisin mar gheall air seo agus is léir go bhfuil míshástacht agus fearg ar chuid de phobal na Gaeilge mar gheall ar dhearcadh Fhine Gael i leith na Gaeilge, agus mar gheall ar an bhfreagra lag, dar leo, atá tugtha ag an pháirtí ar an gceist go dtí seo.

# Cimí i mBun Agóide

### le hAnton Mac Cába

TÁ 30 cime Poblachtach, gur easaontóirí a dtromlach, ar agóid i Magh Gabraí sa Tuaisceart ón gCáisc. Dúirt Marian Price ó Chumann Foirirhinte na Meirleach Poblachtach Éireannach go raibh cúrsaí go dona, agus go raibh eagla uirthi go n-éireodh siad níos measa.

Is cimí atá ar an sciathán Poblachtach atá i gceist. Tá siad ag gearán go bhfuil siad dá gcoinneáil ina gcillíní

suas le 23 uair sa lá. Mar chuid den agóid, briseadh na leithris agus na doirtíl sna cillíní.

Dúirt Marian Price go raibh na cimí ag doirteadh múin agus eisceirde amach as na cillíní. “Le seachtain anuas, rinne na húdaráis na cillíní a shéalú,” ar sise. “As measc an aon fhear is tríocha ar an sciathán, tá tríocha ar an agóid. Tá fear amháin measartha aosta, sna seascaidí, agus na fir den bharúil gurbh fhearr dó gan páirt a ghlacadh ann. Baineann na fir

leis na grúpaí Poblachtacha ar fad. Tá siad iontach aontaithe sa rud atá siad a dhéanamh, iad ag labhairt d’aon ghuth.”

Dúirt Marian Price gurbh fhéidir an rud a shocrú go réidh. Níl na cimí ag iarraidh an iomarca. An rud atá dá éileamh ag na cimí ná go mbeadh deireadh le córas na gluaiseachta rialaithe. “Níl cead amach as an chillín acu ach amháin má tá triúr oifigeach príosúin in éineacht leo,” ar sise. “Agus ní ligtear ach duine amháin amach ag

an aon am amháin.”

Dar léi gur thosaigh an agóid mar nach raibh an dara rogha ag na cimí. “Cuireadh iachall orthu é a dhéanamh - ní rud é a dhéanfadh daoine dá stuaim féin,” ar sise.

Tá easaontóirí ina gcimí i bPort Laoise chomh maith. Dúirt Josephine Hayden, thar ceann Sinn Féin Poblachtach, nach raibh na fadhbanna céanna le coinníollacha ansin, ach an príosún bheith aosta agus iontach as dáta.

## Mol an Ceoltóir

PIC: LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND.



Kate O' Dowd (7) agus Sharon Shannon ag seoladh 'Ceili Culture' go hoifigiúil. Is féile í seo a dhéanann ceiliúradh ar stair agus ar thodhchaí cheol, ealaín agus chultúr na hÉireann. Ar an 14ú agus 15ú Lúnasa a bheidh an fhéile ar siúl i gcearnóg an Meeting House i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath. Ar na ceoltóirí a bheidh ag glacadh páirte san fhéile tá Shane MacGowan, Damien Dempsey, Paddy Casey agus Sharon Shannon ar ndóigh, i measc neart eile.

## Goan ag éirí as

Tá Cathal Goan chun seasamh síos óna phost mar Ard-Stiúrthóir ar RTÉ tar éis dó tréimhse 7 mbliana a chaitheamh sa phost.

D'fhógair RTÉ i ráiteas inné gur ghlac siad le cinneadh Chathail Goan seasamh síos agus go bhfuil siad chun an próiseas chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh a thosú go luath. Deir cathaoirleach bhord RTÉ Tom Savage “tá a mharc féin fágtha ag Cathal Goan, ní amháin ar RTÉ ach mar an t-aon duine a rinne bainistíocht ar an dá chraoltóir phoiblí sa tír, ar thionscail an chraolacháin phoiblí uile.” Beidh post an Ard-Stiúrthóra á fhógairt ag Bord RTÉ taobh istigh de roinnt seachtain. D'aontaigh Cathal Goan fanacht sa phost go dtí go mbeidh a chomharba ceaptha.



# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

## Deighilt faoi Cheist na nÍobartach

le hAnton Mac Cába

DHIÚLTAIGH próiseas comhairliúcháin ó thuaidh do mholadh ón nGrúpa Comhairliúcháin Ar An Am Atá Thart go ndíolfaí £12,000 (€14,298.25) le teaghlach gach íobartaigh de chuid na dTrioblóidí. Orthu siúd a rinne achainí sa phróiseas, dhiúltaigh 20 as 28 eagraíocht agus 169 as 174 duine aonair.

Bhí comh-chathaoirligh ar an Ghrúpa: Robin Eames, iar-Ard-Easpag Ard Mhacha de chuid Eaglais na hÉireann, agus Denis Bradley, iar-shagart Caitliceach as Doire. Mar sin, tugtar ‘Eames-Bradley’ ar an Ghrúpa in amannaí.

### Gaelscéal

**Trevor Ó Clochartaigh**  
Bainisteoir Tionscadail  
00353-91-536201  
trevor.oclochartaigh@gaelisceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**  
Comhordaitheoir Táirgiachta  
00353-91-536201  
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

**Ciarán Dunbar**  
Eagarthóir  
00353-91-536201  
ciarán.dunbar@gaelisceal.ie

**Treasa Bhreathnach**  
Soláthróir Ábhair  
00353-91-536201  
treasa.bhreathnach@gaelisceal.ie

**Gráinne McElwain**  
Soláthróir Ábhair  
00353-91-536201  
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**  
Soláthróir Ábhair  
00353-91-536201  
meadhbh.nieadhra@gaelisceal.ie

Le cabhair ó:  
**Foras na Gaeilge**

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhráíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge, [www.cruinneog.com](http://www.cruinneog.com)

Is léir ón bhfreagairt a fuair moladh seo an Ghrúpa go bhfuil deighilt ann maidir le ceist na nÍobartach. Tríd is tríd, bheadh náisiúnaithe i bhfabhar aitheantas a thabhairt do na híobartaigh uilig. Diúltaíonn Aontachtóirí do mholadh ar bith a cuirfeadh comhaltaí den IRA ar comhchéim le comhaltaí na bhfórsaí slándála.

Dúirt foinse go raibh tuigheáil aige ar obair an Ghrúpa gur labhair sin le cuid mhór daoine, polaiteoirí ina measc, ó achan taobh den phobal. Ní raibh sa díolaíocht ach moladh amháin.

Ó na freagraí a fuair siad, bhí siad den bharúil go raibh moltaí s’acu inghlactha. Nuair a tógadh an raic, bhí na polaiteoirí ina dtost.

Ní fios cén chéad chéim eile a ghlacfar. Dúirt Francie Molloy, Urlabhraí Íobartach Shinn Féin, gur léir nach mbeadh páirtithe polaitiúla ar aon intinn faoin gceist. Dar leis gurb é a bhí riachtanach ná modh chun teacht ar an bhfírinne agus go mbeadh gné idirnáisiúnta leis.

Dúirt ceannaire an SDLP, Margaret Ritchie, gur gá tabhairt faoin am a chuaigh thart ar bhonn eiticíúil le sochaí shlán a chothú:

“Caithfidh próiseas fírinne ar bith cloí le próis chuí, an dlí agus na dualgais idirnáisiúnta, agus tá sé de dhualgas ach go háirithe orthu siúd a bhí i gceannas ar eagraíochtaí stáit agus grúpaí sceimhleoireachta, gníomhartha s’acu a aithint agus a mhíniú.”

Dar le Jeffrey Donaldson ón DUP nach féidir dul ar aghaidh le moltaí an Ghrúpa, agus go bhfuil sé riachtanach bealach eile a fháil:

“An rud atá de dhíth ar dhaoine ná fírinne agus ceart dá muintir. Ba mhaith leo go

dtiocfadh na sceimhlitheoirí amach agus an fhírinne a rá faoin rud a rinne siad.”

Tá an bharúil sin coitianta sa phobal Protastúnach, ní i measc polaiteoirí Aontachtacha amháin.

Tá Kenny Donaldson ag obair le Fundúireacht Oir-Dheisceart Fhear Manach, a dhéanann freastal ar dhaoine a d’fhulaing de bharr fheachtais an IRA. Dar leis nár mhothaigh na daoine sa ghrúpa sin úinéireacht ar bith ar an tuarascáil.

“Tá an téarma ‘combatant’ ann le hiarracht a dhéanamh ar ghníomhartha na bhfórsaí slándála a chur ar comhchéim leis na sceimhlitheoirí. Ní aontaíonn siad leis an insint sin.”

Dar le Donaldson nach bhfuil íobartaigh ar aon intinn, ná baol air: “Tá daoine ag caint faoi Choimisiún Fírinne. Ó thaobh fhreagracht an Stáit de, tá comhaid de chineál éigin ann. Ní féidir an dualgas céanna a chur ar paraimíleataigh.”

Tugadh faoi fhadhb na nÍobartach a maraíodh sa Deisceart de bharr Thrioblóidí an Tuaiscirt. In 2003, bunaíodh Fondúireacht Chuimhneacháin agus socraíodh ar €15,000 a dhíol le teaghlach achan duine a maraíodh. I measc na dteaghlach a fuair díolaíochtaí bhí teaghlach John McDowell as an Chill Chaoil ar an Dún. Ba chomhalta den UVF é, a maraíodh i 1969 agus é ag leagan buama ag stáisiún ginte leictreachais ag Béal Átha Seannaigh.

Ní raibh conspóid ar bith faoin bhFondúireacht. Dar le daoine a phléann le cúrsaí íobartach, is léir go bhfuil an phian iontach beo ar fad ó thuaidh. Mar sin, níltear réidh dá leithéidí.

### Cloigeann gan chorp

PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.



Jamie Herbert (8) agus é mar dhuine den 500 duine a ndearnadh adhlacadh orthu mar chuid den Fhéile Dhomhanda Cloicheán ag trá Cheann Chlochair an deireadh seachtaine seo caite.

## Poist le MFG Rosmuc i mbaol

TÁ míshásamh ar oibrithe de chuid MFG i Rosmuc mar go bhfuil sé ráite leo go gcaithfear ciorruithe móra a dhéanamh ar an mbuiséad ansin, rud a chiallóidh go bhféadfadh suas le seisear as naonúr oibrí ansin a bpoist a chailleadh. Tá siad ag lorg cruinniú leis na hAíri Éamon Ó Cuív agus Pat Carey leis an gcás a phlé go práinneach leo.

Deir siad go ndúirt Ardbhainistíocht an chomhlachta leo an tseachtain seo go gcosnódh sé €233,000 as seo go deireadh na bliana chun tuarastail a íoc agus nach bhfuil fágtha sa bhuiséad ach €154,000. Iarradh orthu breathnú ar roghanna le ciorruithe a dhéanamh, ina measc gearradh siar breise ar phá, sos gairme, nó iomarcaíocht dheonach a ghlacadh. Maíonn na hoibrithe gur i gCiarraí a dhéantar bainistiú ar na buiséid agus nach bhfuil eolas cruinn faighte

acu féin ar an staid airgeadais le cuid mhaith míonna.

Tá seo ag tarlú ag an am céanna leis an mbord a bheith ag smaoineamh ar phost an Phríomhfheidhmeanaigh a fhógairt, a meastar tuarastal de thart ar €80,000 sa bhliain a bheith ag dul leis.

Tá imní ar fhoireann Rosmuc go bhfuil iarracht ar bun an oifig i Rosmuc a dhúradh agus fáil réidh le suas le seisear oibrithe ansin. Ní raibh Cathaoirleach MFG sásta ráiteas ar bith a dhéanamh i leith na gceisteanna seo.

Chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta in iúl go bhfuil iniúchadh leanúnach fós ar siúl ag POBAL maidir le gnóthaí MFG agus nach bhfuil aon chinneadh déanta fós acu ach an oiread faoin gcónascadh atá molta acu idir MFG agus Údarás na Gaeltachta.

## Luach €5.5m de mhaoín an Údaráis ar an margadh

Le Treasa Bhreathnach

TÁ 250,000 méadar cearnógach nó suas le 700 aonad ar fáil le ligean ar léas ag Údarás na Gaeltachta timpeall na tíre. Níl ach timpeall 70% acu siúd ligthe amach ar léas i láthair na huair mar “tá an 30% atá fágtha i ndroch-chaoi agus níl siad feiliúnach le ligean, leithéid Choláiste Íosagáin i mBaile Bhúirne” a deir Peadar Ó hUallacháin, Bainisteoir Maoine agus Innealtóireachta Údarás na Gaeltachta. In eagraíochtaí a ligeann léasanna tráchtála leis an earnáil phríobháideach agus phoiblí bhí sé normálta go n-ardófaí cíosanna ar áitreabh le blianta beaga anuas. Mar aon le hOifig na nOibreacha Poiblí, mar shampla, bhí an tÚdarás dlite chun cíos a ardú amháin agus conarthaí a athnu-achan ar na foirgnimh agus aonaid a bhí ligthe amach ar cíos acu. Ach, deir Peadar Ó hUallacháin “Ní raibh aon mhéadú costais léasa ar an chuid is mó d’fhoirgnimh an Údaráis ó 2008. Cé go raibh sé de cheart againn an cíos a ardú gach uair a athnuaitear conradh, ní dhearna muid é seo. In amanna nuair a bhí deacrachtaí ollmhóra ag comhlachtaí d’ísigh muid an cíos cé nach raibh sé dlíthiúil dúinn é seo a dhéanamh.”

I láthair na huair tá an tÚdarás ag iarraidh roinnt foirgneamh agus talaimh a dhíol agus is é €5.5 milliún an sprioc ba mhaith leo a bhaint amach thar thréimhse dhá bhliain. Tá luach €2 mhilliún Euro díolta ag an Údarás i mbliana agus iad an -dearfach go ndíolfaí leathmhilliún eile roimh dheireadh na bliana seo. Ciallaíonn sé seo, mar a sheasann rudaí faoi láthair, go mbeidh sprioc dhíolacháin de €3.5 milliún ag an Údarás an bhliain seo chugainn. Is ceantálaithe áitiúla den chuid is mó a úsáideann an tÚdarás agus iad ag iarraidh a n-áitreabh a dhíol. Mar eagraíocht rialtais caithfidh an tÚdarás rialacha soláthraí phoiblí a leanacht rud a chiallaíonn go gcaithfidh siad dul leis an bpraghas is ísle agus tá sé faighte amach acu thar na blianta gurb iad na ceantálaithe áitiúla, seachas na cinn náisiúnta, is saoire.

# Polaiteoirí ar ais ar scoil don Samhradh

## Le Treasa Bhreathnach

Is cosúil nach ndearna ár bpolaiteoirí a ndóthain oibre i rith na bliana, mar is ag Scoil Samhraidh atá an chuid is mó acu an tseachtain seo. Is sna Gleannta i nDún na nGall atá siad ag freastal ar Scoil Samhraidh MacGill agus iad ag déanamh anailíse ar na córais polaitiúla, eacnamaíochta agus riaracháin a rinne scríos ar an eacnamaíocht, agus réitigh éagsúla ar na fadhbanna uile.

Bhuel, is é seo ba cheart dóibh a bheith ag plé ach is cosúil go bhfuil roinnt dár bpolaiteoirí ag úsáid na Scoile Samhraidh mar ardán chun a glár gnó féin a chur chun cinn agus chun iarracht a dhéanamh fanacht lárnach i meon an náisiúin tríd ceann línte na bpáipéar nuachta a bhaint amach. Is é ceann de na bealaí is éifeachtaí le seo a dhéanamh ná ionsaí a dhéanamh ar an bhfreasúra.

B'fhearr le Garrett Fitzgerald, a d'oscail doirse na scoile an Domhnach seo caite, an milleán a chur orainn féin mar gur muidne a chaith na vótaí do na "rógairí neamhurchóideacha." Deir an Breitheamh Adrian Hardiman faoin moladh gur cheart fáil réidh le Bunreacht na hÉireann agus doiciméid cosúil le Fógra 1916 a chur ina áit, "ní chiallaíonn bunreacht pronounciamento" (fógra poiblí de chuspóirí). Síleann Mary O'Rourke (FF) gur cheart go mbeadh reifreann againn ar chearta reachtaíochta páistí láithreach agus nár cheart baint ar bith a bheith

th ag an salachar uile faoi na fothoghcháin leis seo. Ní féidir linn dearmad a dhéanamh gur i nDún na nGall a bhí sí ag labhairt, toghcheantar a bhfuil 16 mhí caite aige gan Teachta Dála. Síleann Dara Calleary (FF) gur cheart go mbreathnófaí ar an cheist ar cheart a comhghleacaithe, an Seanadóir Ivor Callely, a chaitheamh amach as an bpáirtí.

Dar le Leo Varadkar (FG), "tá luach fadtéarmach Nama áiféiseach." Cé nach bhfuil aon rogha againn ach glacadh le Nama ag an bpointe seo, síleann Varadkar nár cheart dúinn a bheith ag súil le luach eacnamaíochta fad téarmach uaidh.

Dar le Dan Boyle (CG) dá ndúnfaí Anglo Irish Bank thar thréimhse ama níos gaire, bheadh sé níos saoire orainn uile. Mar atá inste ag roinnt mhaith eacnamaithe linn thar na blianta, tá Colm McCarthy, de chail an Bord Snip Nua, den tuairim go raibh sé de chumas againn an ghéarchéim eacnamaíochta a sheachaint. Deir sé chomh maith faoi na meáin chumarsáide, nach raibh an díospóireacht phoiblí ar pholasaí eacnamaíochta sách dáiríre agus go bhfuil a lán de na mórphileoga imithe go híosmharghadh."

Tá deis ag freastalaithe an 30ú bliain de Scoil Samhraidh MacGill níos mó na 60 cainteoir a chloisteáil le linn na scoile seachtaine agus níl mórán dabht ann go mbeidh ceannlíne nó dhó sa bhreis bainte amach acu faoin am a dhúnfar doirse na scoile arís amárach.

## An tiománaí traenach is óige in Éirinn

PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Clifton Flewitt, Rúnaí gníomhach ar Chumann Gal Caomhnaithe Éireann (Irish Steam Preservation Society) agus Ruby Conroy (3) ó Phort Laoise agus í réidh leis an inneall gaille a thiomáint. Beidh an 46ú Railí Gaille ar siúl sa Sráidbhaile i gContae Laoise ar an 1ú agus an 2ú Lúnasa.

## Mí-úsáid ghnéasach sa Tuaisceart á plé i Stormont

### Le Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ cruinniú ag íospartaigh de mhí-úsáid páistí i dTuaisceart na hÉireann leis an gCéad-Aire Peter Robinson agus leis an Leas-Chéad-Aire Martin McGuinness i Stormont maidin inné. Mhair an cruinniú ar feadh thart ar uair an chloig agus bhí sé mar chuid d'fheachtas atá ar siúl chun brú a chur ar rialtas Thuaisceart na hÉireann tabhairt le fios gur tharla mí-úsáid ghnéasach in institiúidí ó thuaidh. Tá comhaltaí den Tionól Reachtach i ndiaidh vótáil a dhéanamh cheana féin ar son fiosrúcháin ar mhí-úsáid sna hinstitiúidí. Ach, tá frustrachas ar an toscaireacht d'íospartaigh a bhí i láthair ag an gcrúinniú inné mar gheall ar an easpa dul chun cinn atá déanta maidir leis an bhfiosrúchán. Táthar ag iarraidh go mbunófar imscrúdú fiosrúcháin cosúil leis na tuairiscí Ryan agus Murphy a bhí ann sa deisceart. Deir feachtasóirí go bhfuil sé tábhachtach go n-admhóidh an rialtas go raibh mí-úsáid ag tarlú mar go bhfuil an stát freagrach as páistí a chuirtear in institiúid ar bith.



Roinn an Taoisigh  
Department of the Taoiseach

## RANNA / OIFIGÍ RIALTAIS RÁITIS STRAITÉISE 2011-2013 IARRATAS AR AIGHNEACHTAÍ

Faoi fhorálacha an Achta um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, tá gach Roinn Rialtais agus Oifigí Sceidealta áirithe ag ullmhú a gcuid Ráiteas Straitéise don tréimhse 2011-2013 faoi láthair. Leagann na Ráitis Straitéise amach spriocanna ardleibhéil na Ranna/nOifigí, chomh maith leis na straitéisí a mbainfear úsáid astu chun iad a bhaint amach. Soláthraíonn na Ráitis chomh maith eolas maidir leis an mbealach a ndéanfaidh gach eagraíocht monatóireacht ar an dul chun cinn maidir lena spriocanna a bhaint amach trí aschuir, torthaí agus tascairí feidhmíochta intomhaiste a aithint.

Chun cabhrú le Ranna/Oifigí aonair a bhfís straitéiseach a shainmhíniú do na chéad trí bliana eile, tugtar cuireadh anois do pháirtithe leasmhara (e.g. custaiméirí, grúpaí úsáideoirí, gairmiúil, trádáil agus eagraíochtaí eile, gnólachtaí príobháideacha, úsáideoirí seirbhíse, agus daoine aonair) a gcuid tuairimí a chur isteach maidir le cruth agus ábhar na Ráiteas Straitéise nua seo. D'fhéadfadh roinnt de na Ranna/Oifigí teagmháil a dhéanamh go díreach le príomhgheallsealbhóirí d'fhonn déantús na n-aighneachtaí a spreagadh.

Is féidir eolas breise ar an bpróiseas seo agus ar conas aighneachtaí a dhéanamh le Ranna/Oifigí aonair a fháil ag [www.onegov.ie](http://www.onegov.ie), trí ghlaoh a chur ar (01) 6194468, nó trí scríobh chuig Máirín Ní Bhéicigh Uasal, Athchóiríú na Seirbhísí Poiblí, Roinn an Taoisigh, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

Tabhair ar aird le do thoil gur chóir gach aighneacht a chur ar aghaidh chuig an Roinn/Oifig Rialtais chuí roimh Dé hAoine an 6 Lúnasa, 2010.



# Cá bhfuil mo chuid airgid?

## Le Treasa Bhreathnach

AN ndeachaigh tú riamh ag an meaisín bainc, chuir tú do chárta isteach agus ansin bhuail an fón, nó rith na páistí amach sa trácht agus rinne tú dearmad glan ar do chuid airgid? Bhuel, má rinne tú a leithéid, tá tú i gcomhlúadar maith. Rinne 43,000 custaiméir eile de chuid Bhanc na hÉireann an rud ceannann céanna idir 2005 agus 2009.

Níor thug ach 50% de chustaiméirí a mbotún faoi deara nuair a thóg an banc an t-airgead amach as a gcuntais cé nach raibh an t-airgead tógtha as an meaisín ag an gcustaiméir. Tá sé beartaithe ag an mbanc €3 mhilliún euro a aisíoc leis na custaiméirí nár thóg a gcuid airgid le linn an ama seo. Tá 14,000 dá gcustaiméir féin i gceist agus 29,000 custaiméirí de chuid bainc eile. Banc na hÉireann

amháin atá ag déanamh aisíoca lena gcustaiméirí faoi láthair ach síltear go mbeidh gá ag na bainc uile aisíoc a dhéanamh dá gcustaiméirí mar gur ghlac siad ar fad na céimeanna frith-chalaoise (anti fraud) céanna ba chúis leis na fadhbanna seo uile. Cuireadh na céimeanna frith-chalaoise i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le camscéim ina n-úsáidtear cárta bréagach chun airgead a

aistarraingt.

Leis an chamscéim áirithe seo ní thógfadh na robálaithe an chéad nóta ná an nóta ar bHun an mhoill airgid, agus sa chaoi seo cuireadh an dallamullóg ar an meaisín. Roimh na céimeanna frith-chalaoise, shíl an meaisín bainc nach raibh aon airgead tógtha amach as an meaisín, rud a thug deis do dhaoine tuilleadh aistarraingthe a dhéanamh. Goideadh €50,000 leis an chamscéim seo.

# Doire ainmnithe mar Chathair Chultúrtha 2013

## Le Meadhbh Ní Eadhra

AINMNÍODH Doire mar chathair chultúrtha 2013 na Ríochta Aontaithe an tseachtain seo caite, agus tá ceil-iúradh á dhéanamh acu go fóill. Cé go mbíonn cathracha ar fud na hEorpa in iomaíocht do Chathair Chultúrtha na hEorpa, seo an chéad uair riamh go raibh comórtas ann do chathair chultúrtha na Ríochta Aontaithe.

Bhí Doire in iomaíocht le beagnach 30 cathair eile agus bhí sí ar an ngearrliosta le Sheffield, Birmingham agus Norwich sular roghnaíodh í mar bhuaiteoir an chomórtais agus mar an chéad chathair riamh ar bronnadh an teideal seo uirthi.

“Is aitheantas é an bua seo ar spiorad, láidreacht agus cruthaitheacht an phobail seo a d’fhulaing dífhostaíocht, leithcheal, coimhlint fhíochmhar ar na

sráideanna agus atá go fóill ag tabhairt aghaidh bhródúil ar an domhan,” a deir Gearóid Ó hEára, iarmhéara Dhoire.

Beidh mórimeachtaí 2013 ar siúl i gcathair Dhoire, agus beidh infheistíocht agus deiseanna oibre gur fiú na milliúin punt iad ag teacht chun na cathrach. Tá an chathair ag dúil le 3000 post a chruthú agus infheistíocht de £22m.

Fuair an chathair tacaíocht ó gach comhairle sa Tuaisceart, gach páirtí polaitiúil agus ó dhaoine mór le rá cosúil le Seamus Heaney, Seamus Deane, Liam Neeson, Brendan Gleeson, Nadine Coyle, Phil Coulter, Dana, Ferghal Sharkey agus Snow Patrol, agus iad ag dul san iomaíocht don chomórtas seo.

Labhair Gearóid Ó hEára ar son na cultúrlainne úire i nDoire, agus ar son

phobal na Gaeilge sa chathair ag rá, “tá bláthú ar chultúr na cathrach seo le blianta beaga anuas agus anois tá muid chun sin a thabhairt chuig leibhéal eile agus é a chur ar stáitse domhanda.”

I measc na bpleananna atá ag an gcathair anois tá sé i gceist acu cur isteach ar Oireachtas 2013 bheith ann, Fleadh Cheoil na hÉireann a thabhairt ó thuaidh agus Fleadh Cheoil Uladh a lonnú sa chathair.

# Tacaíocht tuaithe don Phobal ‘LADT’

## Le Róisín Ní Éalái

SEOLADH clár nua Dé Máirt seo caite agus is í an aidhm atá leis ná feabhas a chur ar sheirbhísí agus gréasáin tacaíochta atá ar fáil don phobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach (LADT) in Éirinn, iad siúd atá amuigh faoin tuath ach go háirithe. Dar leis an chláir ‘LGBT Diversity’, bíonn na daoine LADT atá ag cur fúthu faoin tuath ag fulaingt tréimhsí fada aonraithe agus leithcheala.

Shínigh an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa an Bille um Páirtíocht Shibhialta an tseachtain seo, in Áras an Uachtaráin. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta le gairid, i leith cear-ta agus comhionannas daoine LADT, deir bainisteoir ‘LGBT Diversity’, Derek McDonnell, go bhfuil sé fós deacair ar líon suntasach daoine cur fúthu ina bpobail áitiúla agus iad ‘amuigh’.

Deir sé freisin gurb í an chúis leis na fadhbanna seo ná easpa aitheantais go mbíonn daoine LADT i ngach pobal agus mothaíonn siad nach bhfuil siad in ann ról iomlán a bheith acu ina gceantair dhúchasacha

agus, mar sin, téann go leor acu i dtreo Bhaile Átha Cliath agus cathracha eile sa tslí agus go mbeidh siad in ann saol sóisialta oscailte a bheith acu chomh maith le rochtain a bheith acu ar sheirbhísí ar nós tionscadal sláinte fir aeracha.

Tá trí oibrí forbartha curtha ar fáil anois ag ‘LGBT Diversity’, duine san Iarthuisceart, duine i lár tíre agus duine eile sa taobh thoir theas d’Éirinn. Is í an aidhm atá ag na hoibrithe seo ná cabhrú le daoine i gceantair tuaithe mórcheisteanna a bhaineann le daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha a chomhtháthú sa tsochaí phríomhshrutha.

Beidh siad ag déanamh anailise ar a bhfuil de dhíth sna ceantair éagsúla i leith tacaíochta do dhaoine leispeacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinsneacha agus na seirbhísí a chur ar fáil dóibh, an tacaíocht a thabhairt dóibh i ngrúpaí tacaíochta, traenáil tuisceana agus eolas a scaipeadh.

Más suim leat eolas a fháil, tá sonraí teagmhála ar shuíomh an chláir ag

[www.lgbtdiversity.com](http://www.lgbtdiversity.com)

## Chitty Chitty Bang Bang!



Na haisteoirí Darren Bennet mar Caractacus Potts, Katie Ray mar Truly Scrumptious, agus na páistí Mia Jenkins mar Jemima agus Max Weitzman mar Jeremy agus iad ar fad i mBaile Átha Cliath mar chuid den dráma Chitty Chitty Bang Bang. Tá an dráma ar siúl anois go dtí 14ú Lúnasa. PIC: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND

## Lizzie McAnespie ar lár

### le hAnton Mac Cába

TÁ máthair duine de na híobartaigh ab aitheanta de na Trioblóidí ó thuaidh marbh in aois a ceithre scór bliain. Cuireadh alltacht ar an tír mí Feabhra 1988 nuair a scaoil saighdiúir mac Elizabeth (Lizzie) McAnespie. Bhí Aodán McAnespie ag teacht amach as cluiche peile ag Achadh na Cloiche i dTír Eoghain i lár an lae, é ag siúl chuig siopa chun milseáin a cheannach. Dhá bhliain ó shin ghabh rialtas na Breataine lei-

thscéal leis an teaghlach.

Ba bhuille trom do Lizzie bás na hiníne ba shine léi, Eilís, dhá bhliain ó shoin. B’í Eilís a spreag an feachtas le ceart a fháil d’Aodán.

Cuireadh Lizzie Déardaoín ag an Chlárach i gCo Mhuineacháin, san uaigh chéanna le hAodán, tar éis Aifrinn in Achadh na Cloiche. Maireann a fear céile John, a clann Margo, Seán, Vincent agus Gerard, a deartháir Frank, agus a deirfiúracha Annie agus Bernadette.

## Scéim nua do cheannaitheoirí tí

### Le Meadhbh Ní Eadhra

SEOLADH scéim nua cíosa darb ainm “rent-to-buy” i mBaile Átha Cliath Dé Máirt. Is é seo an chéad scéim dá chineál ach táthar ag súil go leathnófar amach ar bhonn náisiúnta é má éiríonn leis. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil i ndiaidh cead a thabhairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le bheith mar an chéad údarás áitiúil leis an scéim a chur i bhfeidhm.

Tá an scéim seo bunaithe ar scéimeanna den chineál céanna san earnáil príobháideach, ina mbíonn ceannaitheoirí tí in ann teach a fháil ar cíos ar feadh suas le trí bliana sula ndéanann siad cinneadh é a cheannach nó gan é a cheannach.

Cuirfidh an Chomhairle 91 áitreáimh ar an margadh mar chuid den scéim seo, i Rialto, san Fhionnghlas agus i nGlas Naíon.

Tá formhór thithíocht inacmhainne (affordable housing) na Comhairle, a bhí ann mar gheall ar an tobthití (slump) sa mhargadh príobháideach, díolta anois.

Deir an Chomhairle gurb é príomhbhuntaíste na scéime nua seo ná gur féidir le ceannaitheoirí tí 80% den chíos a íocann siad thar thréimhse trí bliana a chur i dtreo luach ceannaigh an tí, agus an troscán ar fad a fháil mar chuid den mhargadh.

Beidh praghsanna thart ar 10% níos saoire ná gnáthphraghsanna agus beidh rátaí cíosa 20% níos ísle.

## 12 Iúil ina Shaoire Phoiblí ar fud fad na tíre?

### Le Treasa Bhreathnach

TÁ moladh á dhéanamh ag iar cheannaire An Páirtí Daonlathach, Michael McDowell gur cheart gur lá saoire phoiblí é an 12ú Iúil ar fud fad na tíre. Is lá saoire poiblí é an 12ú Iúil cheana féin i dTuaisceart Éireann agus faoi

mholadh McDowell tá sé ag iarraidh go mbeadh an saoire poiblí céanna i gceist i bPoblacht na hÉireann chomh maith. Dar le McDowell, más fíor Poblachtánaigh muid agus dá mbeadh ciall ar bith leis an bpíosa oráiste inár mbrat náisiúnta bheadh sé d’aidhm againn sochaí chuimsitheach a fhor-

bairt.

D’iarr McDowell, an iar Aire Dlí agus Cirt, an é nach raibh in Aontas an Aoine Chéasta ach greimlín (plástar) thar ceann créacht oscailte, fabhtaithe. Bhí Michael McDowell ag caint ag Scoil Samhradh MacGill i gContae Dhún na nGall an tseachtain seo.

# Sprechen Sie Gaeilge?

Tugann Diarmuid Johnson léargas ar an Ghaeilge sa Ghearmáin

Tá deich mbliana ann ó bunaíodh SKSK (Studienhaus für Keltische Sprachen und Kulturen) in Königswinter, Bonn, an Ghearmáin. Ó 2000 i leith tá cúrsaí Gaeilge á dtairiscint ann trí mheán na Gearmáinise maraon le cúrsaí sna teangacha Ceilteacha eile. 'Is í SKSK an t-aon áit san Eoraip a bhfuil a leithéid ar fáil,' arsa an Dr Arndt Wigger, duine de lucht bunaithe an ionaid. Tá béim san ionad ar chaighdeán ard teagaisc, agus ar fheabhas an ábhair a thugtar do na daltaí.

I measc na múinteoirí Gaeilge atá gníomhach in SKSK faoi láthair tá Lorcán Mac Cumhaill. Is de bhunadh Bhaile Átha Cliath Lorcán, agus é lonnaithe in Düsseldorf le tamall de bhlianta anuas. 'Bíonn ranganna Gaeilge againn in Düsseldorf mar



chuid de chlár imeachtaí SKSK,' arsa sé. 'Reachtálaimid cúrsaí a mhaireann deich seachtaine'. I measc na múinteoirí Gaeilge eile atá ann, tá beirt chéimithe de chuid Ollscoil Bonn, Harold Flohr agus Marcel Bubert.

Feidhmíonn SKSK le cúnamh airgid ó Chiste na Gaeilge, scéim a bhunaigh Éamon Ó Cuív, TD. Íoctar riarthóir an ionaid leis an airgead seo, maraon leis an gcíos atá ar na seomraí. Is iad na daltaí féin a íocann na múinteoirí ar gach cúrsa faoi leith. 'Ó am go chéile bíonn imeachtaí breise againn freisin,' arsa an Dr Gisbert Hemprich, ball de SKSK, agus ball

**Is cúis mórtais do SKSK go dtagann daoine go Königswinter ag freastal ar chúrsaí teanga ann ó cheithre chearn na Gearmáine**


d'fhoireann na hollscoile in Bonn. 'Tháinig Hugo Hamilton i mbliana,' arsa sé, agus bhí oíche Bhriotánach againn le deireanas chomh maith.'

I measc na n-áiseanna atá in ionad SKSK, tá leabharlann bhreá a bhfuil ábhar go leor ann i nGaeilge, agus tuilleadh dá réir sna teangacha Ceilteacha eile. Agus tá cáil nach beag ar an ionad. Is cúis mórtais do SKSK go dtagann daoine go Königswinter ag freastal ar chúrsaí teanga ann ó cheithre chearn na Gearmáine, agus thar tír isteach, ó Lucsburg, cuir i gcás. Tá cuid de na daoine seo ina mbaill de chumann tacaíochta SKSK. Tá ceithre scór ball sa chumann

tacaíochta. Íocann siad táille ball-raíochta gach bliain, agus tá a líon ag fás.

Maraon leis na cúrsaí teanga a chuireann SKSK ar bun, tá sraith foilseachán acu chomh maith. Dhá imleabhar a foilsíodh go n-uige seo. Orthu sin tá 'Éigse Chonamara', caint a tógadh ó phobal Chonamara san am atá caite, móide dlúthdhiosca. Beathaisnéis Naig Rozmor, scríbhneoir ón mBriotáin, atá sa chéad imleabhar eile atá beartaithe. 'Tá súil againn go mbainfidimid blianta fada eile amach faoi ráchairt,' arsa Arndt Wigger. Tá tuilleadh eolais le fáil faoi SKSK ar [www.sksk.de](http://www.sksk.de).

## An Réalta is mó riamh aimsithe



**Le Róisín Ní Éalaí**

TÁ sé fógartha ag réalteolaithe go bhfuil curiarrachtaí briste ag an réalta ollmhór, R136a1, a aimsíodh ó réadlann sa tSile. Ceapadh roimh an réalta seo a aimsiú, gurbh í an teorainn mhéide le haghaidh réalta ná 150 uair

níos troime ná an ghrian. D'aimsigh réalteolaithe ón mBreatain an réalta, le teileascóp mór sa tSile, gur leis an Réadlann Dheisceartach Eorpach é.

Le meáchan beagnach 265 uair níos troime ná an ghrian, ceaptar go raibh toirt thart ar 320 uair níos mó ná

an ghrian inti, i dtús a shaoil.

Tá an réalta ag dó gás hidrigin chomh tapai sin, go meastar go bhfuil sé meánaosta, ag 1 mhilliún bliain d'aois, i gcomparáid leis an ghrian, atá tuairim is 5 bhilliún bliain d'aois le 5 bhilliún eile le dul aici.

### COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE



**SCÉIMEANNA DEONTAS /  
SCOLÁIREACHTAÍ 2010/2011**

- (a) Scéim Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais  
(b) Scéim Deontas Cothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe

Fáilteofar roimh iarratais ar Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais agus/nó Deontais Chothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe uathu seo a leanas:

1. Daoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsa lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag Institiúidí/Coláistí tríú leibhéal aitheanta i 2010/.
2. Daoine a bhfuil Teastas Náisiúnta, Dioplóma Náisiúnta nó Ard-Dioplóma Náisiúnta de chuid na Comhairle Oideachais Gnó agus Teicneolaíochta (BTEC HND) acu.
3. Mic léinn lánfhásta/aibí, sé sin, daoine atá 23 bliain d'aois ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig Coláiste.

**SCÉIM DEONTAS COTHAITHE  
DO CHÚRSAÍ  
IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA  
(PLC) 2010/2011**

Fáilteofar roimh iarratais ar dheontais chothaithe do Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ó dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsaí lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag scoileanna/coláistí dara leibhéal. Tabhair faoi deara go bhfuil na deontais ar fad thuasluaite faoi réir ag tástáil acmhainne. Is féidir foirmeacha iarratais agus mionsonraí uile maidir lena bhfuil luaite thuas a fháil ach clúdach litreach stampáilte a sheoladh chuig:

An Rannóg Deontas Mac Léinn  
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe  
Coiléar Bán  
Baile Átha an Rí  
Co. na Gaillimhe  
Uimhir Theileafóin: (091) 874536

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte 31 Lúnasa 2010.  
Seosamh Mac Donncha Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Iardheachtóir ina uachtarán

le Alex Hijmans  
in Salvador, an Bhrasail

TOGHADH Desi Bouterse (64) ina uachtarán ar Shuranam (Suriname) an tseachtain seo. Ní hé an chéad uair é go bhfuil Bouterse i gcumhacht sa tírín beag seo i dtuaisceart Mheiriceá Theas: is é a bhí i gceannas ar dheachtóireacht mhíleata fhuilteach sa tír idir 1980 agus 1986.

Cuireadh cúigear déag a bhí i gcoinne a réimis mhíleata chun báis le linn ‘Dhún-mharuithe Mhí na Nollag’ i 1982, an eachtra is duibhe i stair an tírín óig, a bhain neamhspleáchas amach ón Ísiltír i 1975. Tá na dúnmharuithe seo, a bhfuil Bouterse cúisithe ina leith, á scrúdú ag cúirt speisialta i Suranam go fóill.

Lena chois sin, tá Bouterse á lorg ag Interpol: gearradh téarma príosúin 11 bhliain air san Ísiltír i 1999 – gan é i láthair – maidir le mangaireacht drugaí go hidirnáisiúnta.

Cruthóidh an stair achranach seo deacrachtaí do Bouterse, nár fhág Suranam ó eisíodh barántas Interpol ina leith. Cé gur féidir leis taisteal go hidirnáisiúnta anois toisc go bhfuil díolúine thaidhleoireachta aige, dúirt Aire Gnóthaí Eachtracha na hÍsiltíre, an tír is mó a bhfuil plé ag Suranam léi, an tseachtain seo nach mbeadh fáilte roimh Bouterse san Ísiltír ‘ach amháin chun an téarma príosúin a gearradh air a chaitheamh ann.’

Tá eacnamaíocht agus, go deimhin, cuid mhór de shaol sóisialta agus cultúrtha Shuranam fite fuaite san Ollainn.

Léiríonn sracfhéachaint ar staitisticí daonáirimh cén fáth: tá cónaí ar 350,000 duine as Suranam san Ísiltír – tuismitheoirí daoine ar nós Ruud Gullit agus Nigel de Jong ina measc. Níl ach 470,000 duine ina gcónaí i Suranam féin.

Ba ábhar suntais é toghadh iardheachtóra ina uachtarán, ní hamháin san Ísiltír, ach ar fud Mheiriceá Theas, mór-roinn inar mhair nach mór gach tír faoi scáth deachtóra sna 1980í. Tá Bouterse féin, arb é uachtarán Veiniséala, Hugo Chávez, a laoch mór,

**“Táimse ag síneadh mo láimhe amach chuig gach uile dhuine. Ach ní féidir linn ligint d’eachtrannaigh saol mhuintir Shuranam a shocrú.”**

beag beann ar an gcáineadh idirnáisiúnta. “Táimse ag síneadh mo láimhe amach chuig gach uile dhuine. Ach ní féidir linn ligint d’eachtrannaigh saol mhuintir Shuranam a shocrú.”

IDIR an dá linn tá a shocrú féin déanta ag an bhfear gnó óg, André Brands. Tá André daichead bliain d’aois; bhí Suranam mar chuid den Ísiltír nuair a rugadh é. “Roimh na toghchán seo, dúirt mé liom féin: muna dtagann Bouterse i gcumhacht, fanfaidh mé agus déanfaidh mé mo chuid in atógáil na tíre. Ach má bhíonn an bua aige, baileoidh mé liom. Tá post faighte san Eoraip agam cheana féin.”

# An seolfar ár gcuid sonraí pearsanta go hIosrael?

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ rialtas na hÉireann ag iarraidh cosc a chur ar an Aontas Eorpach sonraí pearsanta de bhaill an Aontais a sheoladh chuig Iosrael. Is é an tAire Dlí agus Cirt Dermot Ahern atá ag cur brú ar an AE gan sonraí den chineál seo a chur ar fáil do rialtas Iosrael. Chomh maith leis sin, deir an tAire Ahern go mbeidh sé ag déanamh gach iarrachta tacaíocht a fháil ó stáit eile san Aontas Eorpach ar an gceist seo. Léiríonn an ghníomhaíocht seo an imní atá ar rialtas na hÉireann faoin úsáid a bhain dúnmharfóirí ó Iosrael as ocht bpas Éireannacha i ndúnmharú Mahmoud al-Mabhou in Dubai i mí Eanáir. Tá Iosrael ag iarraidh ar rialtais Eorpacha faomhadh a thabhairt do ráiteas a deir go bhfuil cead ag Iosrael teacht ar shonraí pearsanta mhuintir na hEorpa. Tá oifigigh Éireannacha áfach, ag iarraidh go gcuirfear deireadh leis an bpróiseas faoina bhfuil rialtais Eorpacha le glacadh le ráiteas an Choimisiúin. Gan an dearbhú sin, níl cead sonraí pearsanta a sheoladh chuig Iosrael. Beidh plé fhoirmiúil ag tarlú ar an gceist seo i mí Mheán



Fómhair. Deir an tAire Ahern go gcreideann sé go mbeidh muintir na Breataine inníoch faoin aistriú agus stóráil eolais a bheadh á dhéanamh ag Iosrael ar shonraí mhuintir na hEorpa, mar gur úsáid Iosrael

pasanna dá gcuid i gcalais aitheantais freisin. “Tá sé tábhachtach go léireoidh muid go bhfuil muintir na hÉireann buartha faoi seo, agus tá sé sin déanta againn,” ar sé.

# Smachtbhannaí Mheiriceá ar an Chóiré Thuaidh

Le Treasa Bhreathnach

D’ATHfhógair Rúnaí Stáit Mheiriceá Hilary Clinton, agus í ar cuairt go dtí an Crios Dímhíleataithe tacaíocht Mheiriceá don Chóiré Theas. Tá Meiriceá chun smachtbhanna (sanctions) sa bhreis a ghearradh ar an Chóiré Thuaidh.

Le linn cuairte go dtí an Crios Dímhíleataithe dúirt Hilary Clinton go mbainfí na

smachtbhannaí arís dá mbeadh an Chóiré Thuaidh in ann oibriú lena gcomharsana. Deir Hilary Clinton gurb é aidhm na smachtbhannaí nua ná cosc a chur ar an Chóiré Thuaidh airm a dhíol nó aon earra dá leithéid a dhíol agus chun bac a chur orthu só an tsaol a fháil sa tír sin. Tá sé mar aidhm acu, chomh maith, go gcuirfí deireadh le gnóthaí núicléacha na Cóiré Thuaidh

agus gnóthaí eile mídhleathacha dá gcuid thar lear. Tagann an t-aighneas seo uile tar éis gur scaoileadh torpedo le long chogaidh na Cóiré Theas agus chuaigh sé béal faoi i mí an Mhárta agus cailleadh 46 duine. Chuir an Chóiré Theas agus Meiriceá an milleán ar an gCóiré Thuaidh don eachtra seo. Dhiúltaigh an Chóiré Thuaidh freagracht a ghlacadh don eachtra seo.

# Aiséirí Ceausescu

Le Treasa Bhreathnach

TÁ eolaithe sa Rómáin tar éis Nicolae Ceausescu agus a bhean Elena a athnochtadh (exhume) chun cinntiú gurb iad atá curtha ina n-uaigneanna. Rinne clann Ceausescu iarratas go ndéanfaí na coirp a athnochtadh mar nach gcreideann siad gurb iad atá curtha ann.

Creidtear gur cuireadh an bheirt in uaigneanna gan mharcáil tar éis gur cuireadh chun báis iad i ndiaidh dóibh iarracht a dhéanamh éalú tar éis réabhlóid na tíre i 1996. Thóg paiteo-

laithe samplaí DNA an tseachtain seo, cé go mbeidh tréimhse 6 mhí ann go dtí go mbeidh torthaí na dtástálacha cinnte. Chonaic mac pósta Ceausescu na coirp a athnochtadh agus síleann sé gur aithin sé an cóta geimhridh a bhí ar a athair pósta. Is é Gelu Voican-Voiculesc, iar-oifigeach rialtas na réabhlóide, a rinne maoirseacht ar adhlacadh Ceausescu agus deir sé anois go bhfuil súil aige go gcuiridh torthaí an DNA deireadh leis na ceisteanna uile faoi na coirp san uaign.

# Caife Cac Cait

Le Treasa Bhreathnach

BHÍ an Chomhairle Ioslamach i mbun cainteanna teasaí agus iad ag iarraidh cinneadh a dhéanamh an gcuirfidís cosc ar Mhoslamaigh an caife ‘Kopi Luwak’ a ól. Sa deireadh thiar thall níl aon chosc curtha ar Mhoslamaigh an caife is daoire ar domhan a ól.

Bhí an Chomhairle Ioslamach ag díospóireacht an raibh an caife neamhghlan mar go dtagann na pónairí ó chác na sibhéide (civet), ainmhní atá cosúil leis an gcat.

Pioctar na pónairí caife ó fhuilleach na sibhéide tar éis dóibh na torthaí is aibí a ithe. Tá costas \$500 ar chileagram de na pónairí agus ní tháirgtear ach 200 cileagram in aghaidh na bliana. Tá roinnt áiteanna san Indinéis ina dtáirgtear an caife seo, Iáva, Sumatra agus an tSualaivéis ina measc.

# Atrial ar Haradinaj na Cosaive

Le Meadhbh Ní Eadhra

Tá iar PríomhAire na Cosaive, Ramush Haradinaj, le hatrial a fháil, dhá bhliain i ndiaidh dó a bheith éigiontaithe as dúnmharú, céasadh agus éigniú. Deir Uachtarán ar an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta, Patrick Robinson, go ndearnadh imeaglú ar fhinnéithe ag an gcéad triail agus go bhfuil gá leis an dara triail sa chás seo. Deir sé freisin gur theip ar an seomra trialach na céimeanna cuí a thógáil le cinntiú nár tharla an t-imeaglú sin agus go raibh triail chothrom ann. Maíonn an tUasal Robinson go bhféadfadh tábhacht ar leith a bheith ag baint leis na finnéithe sa chás seo agus mar sin go raibh “iomrall ceartais” ann. Níl dáta socraithe go fóill don atrial.

Tá na Normannaigh ag teacht!



Lachlan (2) agus Hannah Gaynor (5) ó Chumann Stair Bheo Fhine Gall agus iad ag Féile Rós Bhaile Átha Cliath. PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

Pobal na Gaeilge - Barraigh

le hAnton Mac Cába

TÁ Bord na Gàidhlig ag díol Deontaisí £4,000 (€4,796.06) le ceithre fhiontar leis an Gàidhlig a neartú ar oileáin Bharraigh agus Bhatarsaigh in Inse Gall na hAlban. Is mar chuid den scéim Taic Freumhan Coimhearsnachd (Tacú le Prémhacha Pobail) na deontaisí.

Tá Barraigh ar cheann de na ceantair Ghaeilge is láidre in Albain, agus tacaíocht phobail ag an teanga. De réir dhaonáireamh 2001, bhí Gàidhlig ag 70% den 1,078 duine ann. Ceanglaíonn cabhsa an t-oileán le Batarsaigh. Bhí Gàidhlig ag 59% den 94 duine ansin.

Tá trí dheontas dá ndíol. Díolfar £1,000 (€1,194.28) le hoiliúint ar scileanna raidió a thabhairt do dhaoine óga, agus tús eolais a thabhairt dóibh ar an scannánaíocht. Cuirfidh Siar FM, stáisiún

raidió ar líne an oileáin, seo ar fáil. Díolfar £1,200 (€1,433.10) le Gàidhlig san Dachaigh (Gàidhlig sa bhaile) le ranganna, grúpaí comhrá agus a leithéidí a chur ar fáil do strainséirí atá ina gcónaí ar an oileán. Díolfar £1,800 (€2,149.36) le hIonad Teaghlach Bharraigh chun grúpa máithreacha agus leanaí a chur ar bun.

Go dtí 15 bliana ó shoin, bhí meath tubaisteach ag teacht ar an teanga. Níl an meath céanna ann níos mó. Leath-dhosaen bliain ó shoin bhí a dhá oiread páistí ar an bhunscoil Bhéarla i mBà an Chaistil agus a bhí ar an bhunscoil Gàidhlig. Tá anois níos mó ar an bhunscoil Gàidhlig. Tá athrú ar dhearcadh tuismitheoirí. Dar leofa anois go bhfuil sé tábhachtach an teanga a labhairt le páistí. Dála Ghaeltachtaí na hÉireann, Béarla is mó a labhraíonn an ghlúin óg eatarthu féin. Dar le Jessie Mac Néill ó Siar FM go

bhfuil athrú áirithe air sin de bharr na bunscoilaíochta Gàidhlig: “Tá níos mó muiníne ag daoine óga Gàidhlig a labhairt, agus níos mó muiníne ag daoine níos aosta labhairt leo i nGàidhlig.” Beart tábhachtach don ghlúin óg ná go bhfuil postanna ar fáil sna meáin ag daoine óga le Gàidhlig.

Mar sin féin, tá an teanga faoi bhrú. Dúirt an Comhairleoir Donald Manford gur tharla athruithe ó bhí sé óg: “Bhíodh sé sa teach, ach ní ar an scoil. Anois, tá sé dá theagasc sna scoileanna, ach níl sé dá labhairt go coitianta.”

Cuireann sé fáilte roimh dheontaisí, ní fá choinne ranganna Gàidhlig amháin, ach fá choinne dóigheanna chun seans a thabhairt d’fhoghlaimeoirí é a labhairt: “Go fiú má dhéanann tú rud a theagasc d’achan uile dhuine, déanfaidh tú dearmad air muna bhfuil seans agat úsáid a bhaint as.”

Suíomh gréasáin nua ag Leabhar Breac

Le Caitríona Ní Chadhain

TÁ athdhearadh iomlán déanta ar shuíomh idirlín Leabhar Breac. Is foilsitheoirí leabhair Ghaeilge iad Leabhar Breac atá lonnaithe in Indreabhán i gContae na Gaillimhe.

Tá leathanaigh eolais faoi leabhair agus údair le fáil ar an suíomh. Chomh maith leis sin is féidir anois leabhair a cheannach ón siopa leabhar leis an gcóras PayPal.

Tá neart litríocht Ghaeilge le fáil ar an suíomh, ina measc tá saothar ó Dharach Ó Scoiláí, Máire Mhac an tSaoi, Liam Mac Cóil agus eile.

Bronnfar duaiseanna ar an chéad deich gcutaiméar a bhaineann úsáid as an suíomh chun leabhar a cheannach.

Bailte Fearainn Fhear Manach Slán

le hAnton Mac Cába

TÁ ainmneacha na níos mó ná 3,000 baile fearainn i bhFear Manach slán. Tá seo de bharr cinnidh a rinne an Chomhairle.

Tá Fear Manach ar an t-aon cheantar comhairle ó thuaidh mar a bhfuil ainm an bhaile fearainn sa seoladh poist. Tugadh isteach uimhreacha bóthair agus cóid poist i 1974 sa 25 comhairle eile.

Bhí riamh tacaíocht tras-páirtí ag ainmneacha na mbailte fearainn i bhFear Manach. Nuair a bhí tromlach ar an chomhairle ag Aondachtóirí le hocht mbliana ó 1989, níor athraigh siad an córas. Le tamall de bhlianta, áfach, níl siad chomh láidir ar an cheist.

Tá anois uimhir tí agus ainm bóthair le bheith leis an bhaile fearainn, mar thoradh ar chainteanna leis an Phost Ríoga agus le forais eile. Dúirt an Comhairleoir Patricia Rodgers, cathaoirleach Choiste Timpeallachta na Comhairle, go raibh comhlachtaí reachtúla ag cur seoltaí i bhfeidhm.

Bhí daoine trína chéile dá bharr seo, nó bhí seoltaí

difriúla dá gcur i bhfeidhm ag eagraíochtaí difriúla. Mar sin, bhí fadhbanna ann agus daoine ag cur isteach ar chártaí creidmheasa, fóin póca agus a leithéidí.

“Bhí an-chuid díospóireachta ar an Chomhairle le cúpla bliain anuas,” ar sise. “Tá na Comhairleoirí iontach tógtha faoi na bailtí fearainn. Ba mhaith leo go mbeadh na hainmneacha ann.”

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis na pobail áitiúla faoi na hainmneacha atá le bheith ar na bóithre. Dúirt an Comhairleoir Rogers go bhfuil an Chumann ag obair leis an gCumann Lúthchleas Gael leis an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá ainmneacha bailte fearainn ina gcuid thábhachtach de seo.

Eagraíodh cruinnithe, mar ar pléadh agus míníodh ainmneacha na mbailte fearainn. “Tá bród orm féin gurb as an phobal mé féin,” ar sise.

“Taobh liom, tá teach pobail beag agus reilig. B’as sin a fuair an baile fearainn a ainm.

**Picnic**  
**Ráth Chairn**  
Féile Gaeilge na Tíre

**24ú Iúil**

**Kila**  
**Liam Ó Maonlaigh**  
**Mo Hat Mo Gheansaí • Bréag**  
**Bráithre Franzini • Eamon & Michael**  
**Ceol Tec • Brídín Shéan Bridey • Tri Lasadh**  
**Karaoke GAA • Siopa Údar • Fibín • Aonach Bia Orgánach**  
**Imram • Seomra filíochta • Seomra Scannáin ar siúl i rith an lae**

Ticéidí: [rathcairn@eircom.net](mailto:rathcairn@eircom.net) nó Facebook: [picnicrathcairn](https://www.facebook.com/picnicrathcairn)

Comharchumann Rath Chairn & Pobal Gaeilge atá a reachtáil

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

**CONNACHT**  
NUACHT



 Seoltar scéalta chuig:  
[nuacht@gaelsceal.ie](mailto:nuacht@gaelsceal.ie)

## ‘Gleeks’ na Ceathrún Rua

Le Caitríona Ní Chadhain

TÁ ‘Glee’ ag teacht chomh fada leis an gCeathrún Rua leis na ‘Galway City Cougars’. Beidh míreanna stáitse ó Glee agus High School Musical á múineadh ag campa samhraidh sluaspreagtha (cheerleading) a bheidh á reáchtáil in Óstán an Dóilín an deireadh seachtaine seo. Beidh deis ag gach páiste a thógann páirt sa champa cur isteach ar thrialacha sluaspreagtha na Gaillimhe i mí Lúnasa. Is sraith theilifíse cheoldrámaíochta é Glee a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aige. Tá an campa ar siúl ó 26-30 Iúil. Tá sé feiliúnach do pháistí idir 7 agus 15 mbliana d’aois, buachaillí agus cailíní araon.

## Aer Acla

Le Caitríona Ní Chadhain

SEOLFAR dlúthdhiosca nua Des Cafferkey ‘Achill Air’, ar an 29ú Iúil, i dTí Ghielty ar Oileán Acla.

Is ceoltóir traidisiúnta é Des, a bhfuil clú bainte amach aige ar fud na hÉireann de bharr a chumais mar cheoltóir i réimse leathan d’uirlisí, go háirithe ar an bhfeadóg mhór.

Beidh meascán de cheol traidisiúnta agus saothar nua le cloisteáil ar an albam. Ina measc siúd a bheidh ag seinm in éineacht le Des ar an oíche beidh Tony Quinn ar an mbodhrán, Laoise Kelly ar an gcláirseach, Tony Byrne ar an ngiotár agus Trevor Hutchinson ar an dord. Beidh albam clairsí Laoise Kelly ‘Ceist’ á sheoladh ar an oíche chomh maith.

Tuilleadh eolais ag [www.myspace/descafferkey](http://www.myspace/descafferkey)

## Iascairí Óga Chonamara

BRONNFAR teastais an “Cúrsa i mBunscoileanna Cheird na hIascaireachta” ar ghrúpa 14 dhéagóir as Conamara Theas d’aois 14/15 inniu.

Bronnfar na teastais do na modúil FETAC leibhéal a trí i Loingseoireacht agus Deisiú Eangach, ag Gairmscoil na bPiarsach i Ros Muc ag a 1.30.

Chuir VEC Ros Muc, Bord Iascaigh Mhara (BIM) agus Údarás na Gaeltachta an cúrsa ar bun.

Clúdaíonn an cúrsa réimse ábhar thar cheithre seachtaine, idir loingseoireacht, dheisiú eangach, thógáil bád, innealtóireacht mhuirí agus teagmháil raidió.

“Is cuid rithábhachtach é an tionscal iascaireachta do go leor pobal ar an gcósta, agus is iontach an rud é na mná agus fir óga seo a fheiceáil ag cur suime san tionscal bia mara áitiúil i rith a laethanta saoire,” a dúirt Bob Walsh, teagascóir traenála le BIM.

Tugann tionscal na hiascaireachta níos mó ná €700 milliún isteach in eacnamaíocht na hÉireann gach bliain, agus fostaíonn sé níos mó na 1,300 duine i gceantar na Gaillimhe amháin.

## Údarás mí-shásta le Ring

Le Piaras Ó Raghallaigh

DHIÚLTAIGH Údarás na Gaeltachta don mhéid a bhí le rá ag an Teachta Dála Michael Ring an tseachtain seo caite faoin airgead amú a chaith siad ar chruthú post i nGaeltacht

## Saol sa phríosún do mharú in Indreabhán

Le Caitríona Ní Chadhain

GEARRADH príosún saoil an tseachtain seo ar an bhfear a mharaigh Nicola Vonkova (19) i gCartúr Leathan in Indreabhán i mí Iúil 2008.

D’admhaigh Jakub Fidler (24) gur dhúnmharaigh sé an déagóir trí í a thachtadh am éigin idir 20 -21 Iúil 2008.

Is as Poblacht na Seice don bheirt. Ba chairde iad a chas ar a chéile fad is a bhí siad ag obair i siopa Tesco i bPoblacht na Seice.

An oíche a maraíodh í, thosaigh argóint eatarthu agus iad ag siúl ar ais ón trá, mar gheall ar Nicola a bheith ag léamh teachtaireachtaí Jakub ar an ríomhaire.

Bhí Nicola ina cónaí in Indreabhán mar chuiditheoir do Michael Coleman, fear dall ó Ceanada a bhfuil cónaí air sa cheantar ar feadh roinnt blianta. Chaith seisean tréimhse ag maireachtáil i bPoblacht na Seice chomh maith.

Ag thart ar 2.30am ar an 21 Iúil, ghlaoigh Michael ar na Gardaí, ag rá

gur cheap sé gur mharaigh Fidler an bhean, ach nach bhfhéadfadh sé a bheidh cinnte mar go bhfuil sé dall.

Nuair a shroich Gardaí an teach bhí Fidler trína chéile. Threoraigh sé iad go dtí taobh an tí, áit a raibh an corp. Rinneadh an glaoch ar son an chúisí, a dúradh, a bhí ag iarraidh é féin a thabhairt suas chuig na gardaí.

Tháinig Fidler go hÉirinn ag tús mhí Iúil 2008 chun obair thírdhreachaithe a dhéanamh do Coleman. Tá sé ráite go raibh airgead dlite ag Fidler do Michael Coleman, agus go raibh sé ag déanamh na hoibre seo mar chúiteamh air sin.

Chuir máthair na mn a maraíodh, Magdalena Vonkova, síos ar a hiníon mar dhuine “thar a bheith féin-íobartach.”

Throid Nicola ar son cearta ainmhithe agus d’eagraigh sí urraíocht ar son clinic do pháistí i bPoblacht na Seice.

Is é seo an chéad chiontú ag an gcúisí. Chuir Fidler a chuid aiféala faoin eachtra in iúl sa chúirt.

Mhaigh Eo. Dúirt Bainisteoir Cumarsáide an Údaráis, Siubhán Nic Grianna, gur caitheadh an méid céanna airgid is a chaith aon eagraíocht forbartha eile sa tír cé go bhfuil an tÚdarás ag feidhmiú i réigiún tíreolaíoch níos dúshlánaí.

Cháin an Teachta Ring an tÚdarás mar nach raibh ach 13,763 post cruthaithe acu sa Ghaeltacht thar thréimhse 12 bhliain, cé gur caitheadh €243 milliún ann.

Cailleadh 13,730 post sa tréimhse chéanna dar le Ring, rud a chial-

laíonn nach raibh ach 33 post glan cruthaithe ag an Údarás, a dúirt sé.

Mhínigh Nic Grianna go bhfuil suas le €75 milliún de cháin sa bhliain á íoc ag comhlachtaí atá ag fáil tacaíochta ó Údarás na Gaeltachta, rud a thaispeánann luach ar airgead don cháiníocóir.

Dúirt sí gur buntáiste mór é seo don státchiste agus nach féidir comparáid a dhéanamh ar an méid postanna a cruthaíodh ag tabhairt san áireamh an méid a cailleadh sa tréimhse idir 1997 agus 2009.

Cailleadh mórchuid de na postanna le linn 2001 agus 2003 a dúirt Nic Grianna, nuair a bhí na comhlachtaí móra idirnáisiúnta ag íosghrádú nó ag bogadh go tíortha le costais níos ísle.

## Cúram Oistéapórois do Bhéal a' Mhuirthhead

Le Piaras Ó Raghallaigh

THUG AN Taoiseach Brian Cowen cuairt speisialta ar Bhéal a' Mhuirthhead ag an deireadh seachtaine le hIonad Sláinte Swanick a oscailt go hoifigiúil.

Bhog an Dochtúir Keith Swanick ó Chaislean Riabhach go Béal a' Mhuirthhead trí bliana ó shin le seal a ghlacadh ar chleachtadh míochaine sa bhaile. Rinneadh obair dheisiúcháin agus athfhorbartha ar sheansíopa pluiméara D&S i lár an bhaile.

Tá trealamh nua-aimseartha ceannródaíoch san Ionad Sláinte nua le seirbhís tástála oistéapórois, fisiteiripe, cosliacht, tástáil ultrafhuaime, seirbhís asma agus seirbhís diaibéitis ar fáil ann.

Níl ach áit amháin eile sa chontae ina bhfuil seirbhís tástála oistéapórois, sin i gCaisleán an Bharraigh.

Beidh cúram fiacla agus cogaslann á gcur ar fáil ag Ionad Sláinte Swanick chomh maith.

B'as Baile Chruaigh ó dhúchas do mháthair an dochtúra Swanick, Maimie Nee Leneghan.

Chaith an dochtúir Swanick a oíge sa cheantar áit ar fhreastail sé ar Scoil Náisiúnta Dhroim Slaoid.



## Sárthaispeántas sa tSeanscoil

Le Trevor Ó Clochartaigh

SARTHAI SPEÁNTAS ag sárchliar, le tacaíocht ó shárfhoireann. Sin an léirmheas a dhéanfaínn ar léiriú na Taibhdheirce ar ‘Éistigí.... Caithefear Éis-teacht’, le Joe Steve Ó Neachtain, bunaithe ar shaol agus shaothar Mháirtín Uí Chadhain. Tá an léiriú ilmheán seo mar chuid d’Fhéile Ealaíon na Gaillimhe. Meascán de mhíreanna drámatá, amhráin, ceol agus corrsteip dhamhsa atá

ann i ndáiríre - ach chaon chuid acu déanta go paiteanta. Is é a laghad a locht. Bhí uaim tuilleadh de Mhac Dara Ó Fátharta mar Mháirtín a chloisteáil ag aithris eachtraí saoil an Chadhnaigh. Bhí uaim tuilleadh de charachtracht ghleoite Joe Steve & Mháirín Uí Neachtain, Dhiarmada Mhic an Adhastair agus Eoghainín Mhic Dhiarmada a fheiceáil. Chuir glór aoibhinn, taibhseach Róisín Elsafty fuarchrith ionam cúpla uair agus b’álainn mar a

tháinig Mairéad Ní Chuaig i láthair mar an deoraí uaigneach. Bhí Bridie Ní Churraoin, Josie Ó Cualáin agus Páidí Breathnach thar cionn ins na ról éagsúla a bhí acu féin chomh maith. Bhí an léiriú taitneamhach agus spreagúil agus spiorad an Chadhnaigh go brath go láidir i Seanscoil Sailearna. Tá deis agatsa é a fheiceáil go dtí an Domhnach 25 Iúil - ná caill é! Eolas breise ag: [www.antaibhdhearc.com](http://www.antaibhdhearc.com)



Seoltar scéalta chuig:  
nuacht@gaelisceal.ie

Scéalta Chorca  
Dhuibhne

Le Breandán Mac Gearailt

Taispeántas

BHÍ an saol agus a mháthair i láthair ag Taispeántas Talmhaíochta, Cear-daíochta agus Tís Chorca Dhuibhne a reáchtáladh i Marglann an Daingin an Domhnach seo caite. “Bhí an-lá againn,” arsa Rúnaí an Choiste, Pádraig de Brún ó Bhaile an Ghóilín. “Is mó athrú chun feabhais atá tagtha ó thosnaigh an Taispeántas sa bhliain 1964,” ar sé. Is deacair é a chreidiúint, ach tá Pádraig ina Rúnaí ón gcéad lá.

Dúirt sé go raibh méadú thar cuimse tagtha ar an raon comórtas atá anois acu, mar go bhfuil siad bog ar an aimsir. “Nuair a thosnaíomar is i bPairc [Peile] an Ághasaigh a bhíomar. Bhí sé sin go breá agus fuilleach slí againn, ach dá mbeadh an lá fliuch chrothódh sé fadhbanna, rud a tharla roinnt uaireanta, agus bhí orainn aistriú go dtí Amharclann an Phoenix. Le blianta maithé tá an Mharglann againn agus tarrac ar shlí ann agus bíonn puball againn do na comórtais bhia.

“Tá baill choiste mar Shéamus Ó Rócaín ó Shráid Eoin, Bob Ó Conchúir ón gClochán, agus Pádraig Ó Fearghail ó Dhun Sian, imithe ar shlí na firinne, ach tá daoine óga tagtha ar bord. Ar an Domhnach bhí Mícheál Ó Glíósáin ó Chill Airne linn atá 97 bliain d’aois.

Bhí sé ina mholtóir ar Rannóga na gCaorach i 1964 nuair a thosnaíomar. Tá sé go seamhrach fós,” arsa Pádraig. Admhaíonn Pádraig go bhfuil go leor oibre ag baint le heagrú an Taispeántais a thosnaíonn tar éis Lá ‘le Pádraig agus a chríochnaíonn i mí Mheán Fómhair.

Is ar son an phobail agus an cheantair i gcoitinne atá Pádraig fós ar an stiúir. Thug Pádraig Ó Cíobháin ó Rathanáin, Fionn Trá, ardmholadh don Bhrúnach, “fear ciúin socair críochnúil nár iarr riamh aon saghas aitheantais,” ar sé. Dar le Diarmaid Ó Murchú ó Bhaile Móir, gur “fear iontach é go bhféadfá brath air agus lánmhuinín a bheith agat as.” Tagann scata de shaol na polaitíochta go dtí an Tais-

Trodaí Taekwondo Mhúscaí Buacach

Le Seán Ó Loingsigh

D’FHILL foireann na hÉireann abhaile an tseachtain seo caite le boinn buaite acu ag Craobhchomórtas agus Féile Dhomhanda Taekwondo sa Chóiré Theas, mac léinn 22 bliain d’aois ó Bhaile Bhúirne ina measc.

Bhí Diarmuid Mac Suibhne mar dhuine de 40 d’fhoireann na hÉireann a bhí ag iomaíocht i measc 2,000 ball ar fhoirne ó bhreis is 30 tír a ghlac páirt sna comórtais i gcúige Chung Cheong Thuaidh.

Reáchtáladh an fhéile dhomhanda Taekwondo ar dtús, tionól de dhá eagraíocht dhomhanda go bhfuil a bhfréamhacha acu sa Chóiré Thuaidh agus Theas, an deighilt i bhfeidhm ansin chomh maith sna healaíona oscartha.

Bhí foireann na hÉireann ag iomaíocht faoi bhrat an ITF (International Taekwondo Federation), eagraíocht a bhunaigh an Ginearál Choi Hong Hi ón gCóiré Thuaidh sna 1960í sular bunaíodh an WTF (World Taekwondo Federation) sa Chóiré Theas i 1973.

Bhí an Suibhneach mar bhall de chúigear



d’fhoireann sinsir na hÉireann a bhuaigh bonn óir in aghaidh na Gréige i spearáil foirne san fhéile Taekwondo, agus bhain sé dhá bhonn cré-umha i mbriseadh clár agus i spearáil aonair in aghaidh Malaeisiaigh. Nuair a bhí an fhéile thart, reáchtáladh Craobhchomórtas Taekwondo ITF an Domhain in Ollscoil Cheongju, mar a bhuaigh fear Bhaile Bhúirne dhá bhonn cré-umha i spearáil foirne agus i mbriseadh clár i gcomórtas foirne sinsir chomh maith.

“Cheapas féin go n-éireodh níos fearr liom, ach bhí sé go maith,” a dúirt Diarmuid.

Agus nuair a cuireadh críoch leis an gcaobhchomórtas, ghlac an Suibhneach páirt i seimineár Taekwondo faoi stiúir mháistrí Taekwondo ó thíortha ar fud an domhain, an Máistir agus Uachtarán ITF Éireann Don Dalton ina measc, chomh maith le huachtarán agus Ardmháistir eagraíocht dhomhanda ITF an lae inniu, Jung Hwa Choi.

Ba le ranganna traenála faoi stiúir Don Dalton ó Bhiorainn, oirthear Mhúscaí, a thosaigh Diarmuid Mac Suibhne leis an Taekwondo i Halla an Pharóiste i mBaile Bhúirne nuair a bhí sé 11 bli-

ain d’aois. Ghnóthaigh sé a chéad chríos dubh trí bliana dár gcionn, agus tá críos dubh sa tríú grád aige ó 2007. Tá sé féin ag múineadh na nealaíon oscartha anois d’fhoghlaimoírí Taekwondo i Ráth Luirc, Ceann Tuirc agus i nDroim Collachair.

Tá naoi ngrád nó ‘dan’ mar a thugtar air ag baint leis an Taekwondo agus tá an Suibhneach ag súil go mbainfidh sé amach an cheathrú dan an bhliain seo chugainn.

Is fada an bóthar é mar go gcaitear fanacht sa dan ar feadh an mhéid chéanna bliain agus an uimhir ina bhfuil tú - ceathrú dan, ceithre bliana agus mar sin de go dtí go sroichfidh tú grád an ardmháistir ag grád a naoi. Is é an seachtú dan céim an mháistir, mar a bhfuil Don Dalton.

Tá céim sa stair agus i nGaeilge ag Diarmuid Mac Suibhne ó Ollscoil Chorcaí, agus ghnóthaigh sé céim mháistir sa pholaitíocht i Mí Mheán Fómhair anuraidh. Tá bliain shaor ó chúrsaí ollscoile tógtha aige ó shin agus é ag múineadh an Taekwondo, ach tá sé chun filleadh ar an ollscoil an bhliain acadúil seo chugainn chun tabhairt faoin Ardeastas Oideachais. Is ceoltóir é Diarmuid chomh maith, agus cé nach n-ólann sé deochanna meisiciúla, seinneann sé an bainseó le grúpa mac léinn i gCorcaigh darb ainm The Thirsty Scholars.

peántas agus bhíodar ann ina scrath: Jackie Healy-Rae, TD, agus a mhac Michael, Comhairleoir Contae, Feargus O’Dowd, TD gurb ó Chill Chúile a athair, Tom Sheehan, TD ón Ráth Mhór agus na Comhairleoirí Contae Mícheál Ó Cathail, Séamus Mac Gearailt agus Mícheál Ó Sé.

B’iad na príomhdhuaiseoirí ná Seosamh Ó Siochrú ó Bhaile an Ghóilín, le gamhain Limousine, Seosamh Ó Maoileoin ó Imeall Átha le beithíoch Aberdeen Angus, agus Dara Ó Murchú ón Tobar, Lios Póil, le bó fhreaslannach, Seán Ó Muircheartaigh ó Bhaile an Lóchaigh i Rannóg na gCaorach Sléibhe, Feargal Ó Sé ó Ard an Bhóthair i Rannóg na gCaorach Ísleán, Pádraig Ó Cuinn agus Eoghan Ó Muircheartaigh iad beirt ó Chorrághráig, Paróiste Múrach, i Rannóg na Reathaithe. B’i Maighréad Uí Shíthigh ó Bhaile an Mhuilinn, an Daingean, a ghnóthaigh an gradam “An Bhean Ba Ghléasta” ag an Taispeántas, Nóirín Uí Chinnéide ó Bhaile na Buaille a thuill gradam ‘Granny Ghaelach’ an Taispeántais, agus b’é Muiris Ó Fiannachta, file, scéalaí agus feirmeoir ó Bhaile an Chóta, Fionn Trá “An Fear Ba Ghléasta” ag an dTaispeántas.

Comóradh

“TÁ saol na dtábhairneoirí iompaithe tóin thar ceann,” arsa an fear faobhair, Páidí Ó Sé ó Ard an Bhóthair, an tseachtain seo. Tá Páidí, go bhfuil ocht mbonn sinsir caide uile-Éireann aige, ag comóradh 25 bliain mar thábhairneoir. “Mo ghraidhn do cheann,” ar sé, “ní dhéanfá an beart mar thábhairneoir tuaithe olc ná maith anois gan mar thús bia a bheith ar fáil,

ceol, amhráin agus seo siúd. Is beag in aon chor a ólann deoch ar maidin anois.

Buaileann daoine isteach ag teacht ón obair agus ólann cuid acu cúpla pionta agus seans go n-íos-faidís greim. Téann siad abhaile agus fanann siad ag baile,” arsa gaiscíoch Ard an Bhóthair.

“Cinnté is saol nua i bhfad níos déine é don tábhairneoir faoin tuath agus glac leis go mbeidh leá is baolach ar scata tábhairní de thoradh an athrú saoil,” dar leis. Sa samhradh buaileann scata turasóirí isteach chuige ach caitear gach cóir a chur orthu sin chomh maith, a deir sé.

Thuígfeá go mbíonn tarrac thar meon ag turasóirí ar thábhairne Pháidí ach féachaint ar na fallaí atá tuilte le pictiúirí den saibhir agus daibhir, an mórchúiseach agus umhal.

Sort dánlainne ann féin é. Ach bhain sé an-taithneamh agus ard-shólás as na cúig bliana is fiche atá imithe tharainn agus tá sé sin á chomóradh aige an tseachtain seo. “Tá filí, rincooirí, ceoltoirí agus amhránaithe againn agus beidh féasta mór againn ar an Satharn seo ina mbeidh daoine againn ó na Gaeltachtaí ar fud na tíre,” arsa Páidí. “Beidh an Moinsíneoir Ó Fiannachta i mbun dáin agus alaithe, Séamus Ó Beaglaoidh i mbun ceoil, agus aionna mar Sheán Ó Liatháin, Colm Ó Méalóid agus Séamus Ó Dubhánaigh inár dteannta.”

Tuigtear dúinn go mbeidh an craoltóir Mícheál Ó Sé agus Pat Rabbitte, TD orthu siúd eile a bheidh ag greadach bhóithrín na smaointe in Ard an Bhóthair ar an Satharn. Chuir Finbarr Furey tús leis an spórt agus leis an gceol oíche Dé Luain seo caite, oíche a leanfaidh go Domhnach.

Dráma Bhéara agus Ceol ó Mhúscaí

Le Seán Ó Loingsigh

AN tseachtain seo chugainn i nGuagán Barra cuirfear tús le séasúr amharclainne cois locha leis an dráma aon fhir ‘O’Sullivan Béara, the last Gaelic Chieftain’.

Is é an laoch aisteoireachta Aidan Dooley a bheidh ag cur an chéad taispeántas domhanda den dráma nua seo i láthair in ollphobal le hais Óstán Ghuagán Barra oíche Dé Céadaoin seo chugainn, an 28 Iúil (8.00).

Beidh Dooley ag glacadh páirt Dónal Cam Ó Súilleabháin, Taoiseach Bhéara a sheas an fód in aghaidh arm Shasana i dtús an 17ú haois go dtí gur chaith sé féin agus 1,000 dá threibh máirseáil ó

thuaidh i dtreo Liatroma i mí Eanáir 1603. Tá cáil ar Aidan Dooley de bharr a dhráma aonair ‘Tom Crean - Antarctic Explorer’ gur éirigh thar barr leis san ionad céanna i nGuagán Barra anuraidh, agus táthar ag súil leis na sluaite arís dá seó nua a leanfaidh san amharclann cois locha go dtí an 15 Lúnasa.

Idir an dá linn beidh ceoltóirí agus amhránaithe proifisiúnta ó Ghaeltacht Mhúscaí ag seinm i gceolchoirm in Óstán Ghuagán Barra anocht (Aoine an 23 Iúil) faoi scáth na gluaiseachta Ceol ó Mhúscaí. Cuireadh an eagraíocht seo ar bun i dtús na bliana chun margaíocht a dhéanamh orthu féin agus a ndlúthcheirimíní.

Is iad na hamhráin a bheidh chun cinn anocht le Noel Shine agus Mary Greene, a n-iníon óg Ellie Shine, chomh maith le Fiona Kelleher agus Ger Wolfe. Cé go gcanann Peadar Ó Riada chomh maith, táthar ag súil go seinnfidh sé cúpla port sa cheolchoirm a thosóidh ar a 8.30.


**Daonscoil na Mumhan 2010**  
i gColáiste na Rinne, Rinn ó gCuanach, Co. Phort Láirge

**Satharn 14 – Satharn 21 Lúnasa**

**Seachtain thaitheamhach thairbhíúil i nGaeltacht na nDéise ...  
Léachtaí, ranganna, siúl sléibhe, céilithe, ceol, amhránaíocht, filíocht, craic agus cairdeas.**

Teastas ar fáil.  
Aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

**www.daonscoil.com**  
Ríomhphost: annraoi.depaor@ucd.ie  
Guthán : 01 280072 087 9711091

ULAI DH  
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:  
nuacht@gaelsceal.ie

## Scoláireachtaí Fulbright Bronnta ar beirt fhear as Tír Chonaill

Le Judy Ní Ógáin

TÁ scoláireacht 'Fulbright' go Meiriceá bronnta ar bheirt fhear óga as Tír Chonaill. Ag searmanas speisialta i mBaile Áth Claith, bhronn an Teachta Dála agus Aire Gnóthaí Eorpacha, Dick Roche, agus Ambasadóir Mheiriceá, Dan Rooney, scoláireacht 'Fulbright' ar Mhaitiú de Hál ó Leitir Ceanainn agus ar Sheán Ó Curraighín ón Charraig chun a bheith mar Mhúinteoirí Cúnta i dTeanga Iasachta Fulbright (i nGaeilge) ag Coláiste 'Elms' i Massachusetts, agus ag Ollscoil Naomh Tomás i Minnesota.

Tá Maitiú díreach tar éis Dioplóma Iarchéime a chríochnú in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus chríochnaigh Seán céim i nGaeilge & Iriseoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le gairid.

Bronntar scoláireachtaí 'Fulbright' ar bhonn bliantúil ar scoláirí Éireannacha, ar mhic léinn agus ar dhaoine gairmiúla chun cúrsaí iarchéime agus taighde a dhéanamh ag leibhéal ardoideachais agus in institiúidí gaolmhara i Meiriceá.

Tá deiseanna tugtha ag na scoláireachtaí seo do scoláirí Éireannacha, do mhic léinn agus do dhaoine gairmiúla chun staidéar, léachtóireacht agus taighde a dhéanamh ag príomh-ollscoileanna agus institiúidí i Meiriceá ó 1957.

## Scoil Samhraidh Mhic Reachtain

TÁ Scoil Samhraidh Mhic Reachtain ar cheann de na himeachtaí Gaeilge is mó agus is tábhachtaí in Éirinn taobh amuigh d'Oireachtas na Gaeilge. Lonnaithe i dTuaisceart Bhéal Feirste, is é an rud atá i gceist leis an Scoil Samhraidh ná féile

sheachtaine a bhfuil réimse leathan d'imeachtaí,

ceardlanna agus cúrsaí Gaeilge ar fáil ann. Bíonn freastal mór ar an imeacht bliain i ndiaidh bliana. Bíonn breis agus 3,000 duine ó aois-ghrúpaí difriúla páirteach sna himeachtaí le linn na seachtaine. Beidh an dianchúrsa Gaeilge ar bun arís i mbliana i dTeach Mhic Reachtain, san

Iontaobhas 174 i dtuaisceart Bhéal Feirste.

## Ionad Caitheamh Aimsire 'Aura' i Leitir Ceanainn Cáinte

Le Judy Ní Ógáin

TÁ an tIonad Caitheamh Aimsire 'Aura' i Leitir Ceanainn cáinte, de bharr nach réachtáiltear a ndóthain ceolchoirmeacha agus ócáidí móra ann. Tá 'Jedward' le bheith ar stáitse san ionad ag deireadh mí Lhúnasa, ach braitear nár mhór go leor imeachtaí móra eile dá leithéid a mhealladh isteach, chun go mbainfí níos mó tairbhe as an ionad.

Ag cruinniú de chuid Chomhairle Bhaile Leitir Ceanainn an tseachtain seo caite, chuir roinnt des na comhairleoirí a mí-shástacht in iúl, maidir leis an líon beag imeachtaí a bhíonn ar siúl ann. D'aontaigh na baill bualadh le bainistíocht an ionaid go luath, chun plé a dhéanamh ar bhealaí eile chun imeachtaí agus ceolchoirmeacha móra a mhealladh chun na háite.

Dúirt an Comhairleoir Ciarán Brogan go bhfeiceann siad amhránaithe & bannaí ceoil mór le rá ag teacht chuig ionaid ar nós Dhoire, Chaisleán an Bharraigh i Maigh Eo agus Bhéal Feirste, agus nach bhfuil Leitir Ceanainn sa chiorcal céanna sin ar chúis éigin.

Luaigh an Comhairleoir Dessie

## Sagart Meiriceánach Eiseachadta go hÉirinn

Le Judy Ní Ógáin

DÉANADH sagart 82 bliain d'aois a bhí ina chónaí i Meiriceá a eiseachadhadh ar ais go hÉirinn de bharr líomhaintí mí-úsáid ghnéis atá curtha ina leith, ceann acu a tharla i gCo. Dhún na nGall.

Deimhníodh le gairid gur tógadh an tUrramach Francis Markey ó Phríosún Contae Naomh Seosamh, i 'South Bend' in Indiana Mheiriceá, an deireadh seachtaine seo caite agus gur tugadh ar ais go hÉirinn é. I measc na gcúiseanna a bhaineann le hÉirinn atá curtha i leith an tsagairt, tá líomhain go ndearna sé buachaill óg 15 bliana d'aois a éigniú, le linn oilithreachta reiligiúnach i nDún na nGall agus arís tar éis shochraid athair an bhuachalla, i gContae na Gaillimhe.

Sa chéad eachtra, tá sé curtha ina leith gur lean sé an buachaill óg isteach i seomra folctha poiblí ag an ionad oilithreachta. De réir an bharántais ghabhála a comhdaíodh i gCúirt Dúiche Mheiriceá

i 'South Bend' i mí na Samhna 2009, dúirt Markey leis an mbuachaill óg "you are a lovely wee fellow" cúpla nóiméad sular tharla an eachtra atá curtha ina leith.

Sa dara heachtra, maítear gur thug Markey an buachaill óg ar thuras cairr tar éis shochraid a athar agus go ndúirt Markey le máthair an bhuachalla go raibh sé ag iarraidh cabhrú leis an déagóir gan a bheith ag smaoineamh an iomarca ar bhás a athar.

Stop Markey a charr gar do stábla agus rinne sé ionsaí gnéis ar an mbuachaill, de réir na líomhaintí atá déanta. D'inis an t-íospartach dá bhean chéile agus do chomhairleoir faoi na hionsaithe gnéis in 2005 agus chuaigh sé chuig na gardaí ina dhiaidh sin.

I mí Feabhra, chaith breitheamh ó Chúirt Dúiche Mheiriceá i 'South Bend' achomharc Markey amach, achomharc lena raibh sé ag iarraidh an t-eiseachadhadh a sheachaint.

Larkin na himeachtaí móra a bhí ar stáitse san ionad roimhe seo ar nós: Riverdance, Phil Coulter, Daniel O'Donnell, ilchomórtais dornálaíochta agus chispheile chomh maith le clár teilifíse Ryan Tubridy. "Ní hé caighdeán na n-imeachtaí atá á cheistiú, ach líon na n-imeachtaí" a deir an tUasal Larkin.

Dúirt urlabhraí de chuid an ionaid 'Aura' gur ionad spóirt é an t-ionad go príomha agus nár tógadh an t-ionad lena úsáid mar ionad ócáidí.

## Comóradh James Connolly

le hAnton Mac Cába

DÉANFAR comóradh i nDoire Dé Luain ar 100 bliain, cothrom an lae, ó d'fhill James Connolly ó Mheiriceá. Ar 26ú Iúil 1910, ar ché Dhoire, leag an Sóisialach mór cos ar thalamh na hÉireann den chéad uair le seacht

mbliana. Is ar 7pm tráthnóna Dé Luain i Lár-Ionad Chlós an Gháis, Bóthar Lecky i nDoire a bheidh an comóradh. Labharfaidh Emmet O'Connor, staraí go bhfuil neart leabhar scríofa aige, ar stair ghluaiseacht an lucht oibre; Bernadette McAliskey, Sóisialach agus iarfheisire parlaiminte; agus Tomaí McKearney, eagraí ceardchumainn agus iarstailceoir ocrais Poblachtach. I ndiaidh na cainte, beidh amhráin agus bia ann. Is é Comhchoiste Dhoire Shaoir atá ag réachtáil an chomórtha.

## Beirt fhear as Ghaoth Dobhair ag taisteal thar na tonnta ar 'jetskis'

Le Judy Ní Ógáin

TÁ beirt fhear as Gaoth Dobhair fós ag ceiliúradh tar éis dóibh a ndúshlán pearsanta a bhaint amach - is é sin taisteal ó Éirinn go hOileán Mhanann ar fheithicilí scairdsciála (jetskis).



Eamonn Ó Duibhir



Tomas Mac Aoidh

Rinne Tomás Mac Aoidh ó Dhobhair agus Eamonn Ó Duibhir ó Mhachaire Gathlán an turas an deireadh seachtaine seo caite nuair a d'fhág siad cuan Chill Chaoil i gCo. an Dúin lena mbealach a dhéanamh go 'Port Erin' ar Oileán Mhanann, turas timpeall 50 míle chaon treo.

Ag labhairt dhó tar éis an turais, dúirt Tomás Mac Aoidh: "D'fhág muid Contae an Dúin ar maidin Dé Sathairn agus thóg an turas beagán os cionn dhá uair an chloig. Bhí an aimsir go dona agus bhí orainn tais-teal thríd ceo don chuid is mó den bhealach. D'fhan muid ar Oileán Mhanann thar oíche agus d'fhill muid ar ais ar Chontae an Dúin ar an Domhnach. Bhí sé beartaithe againn



Páistí ag baint suilt as Coláiste Charn Tóchair 2010

filleadh ar maidin Dé Domhnaigh, ach de bharr na drochaimsire, ní raibh muid ábalta Oileán Mhanann a fhágáil go dtí tar éis a dó a chlog”.

Thaistil siad ar dhá fheithicil scaird-sciála trí shuíochán, atá níos mó ná na gnáthfheithicilí scairdsciála. Chríochnaigh siad an dúshlán gan cabhair ó aon bhád tacaíochta agus níor stop siad le linn an turais, ach chun na comhordanáidí ar an trealamh ‘GPS’ (a bhí ar na feithicilí scairdsciála) a sheiceáil, lena chinntiú go rabhadar ag dul an treo ceart.

## 13 chiliméadar de Chanáil Uladh le hathoscailt

le hAnton Mac Cába

TÁ Uiscebhealaí Éireann ag dul i gcomhairle leis an Bhord Pleanála faoi phlean le 13 chiliméadar de Chanáil Uladh a athoscailt. Beidh seo idir an Éirne i bhFear Manach agus Cluain Eois i gContae Mhuineacháin. Dúirt urlabhraí thar ceann an Bhoird go rabhthas ag deimhniú arbh é an Bord a bheadh ag déileáil leis, fán Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach). Cosnóidh an fiontar €35 milliún. Ba í an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas a shocraigh air trí bliana ó shin. Ach is é stát-chiste na hÉireann a dhíolfaidh as. Dúirt urlabhraí thar ceann Uiscebhealaí Éireann go bhfuil súil acu tús a chur leis an obair an bhliain seo chugainn. Osclaíodh Canáil Uladh in 1841.

Chuaigh sé ó Loch nEathach go dtí an Éirne i ndeisceart Fhear Manach. Ach faoina 1880í, ní raibh an chuid a bhí siar ó Bhaile Mhuineacháin inseolta. Chuaigh an bád deireanach ó Loch nEathach go Baile Mhuineacháin in 1929. Dar leis an scríbhneoir Darach McDonald as Cluain Eois gur fiontar riachtanach é. “Tá frustrachas millteanach i gCluain Eois mar nach bhfuil sé ceangailte leis an Éirne,” ar seisean. “Is trua nach féidir Canáil Uladh ina hiomláine a athoscailt, agus uiscebhealaí móra na hÉireann ar fad a cheangal lena chéile.”

## “Ó Alba go Béal Feirste”

CLOISFEAR ceol Gaelach ó Albain agus Dún na nGall ag ceolchoirm a bheidh ar siúl i mBéal Feirste an tseachtain seo chugainn. Is iad na ceoltóirí a bheidh le cloisteáil ná Maeve Mc Kinnon agus Lauren Mac Call, Ewan Mac Pherson, Doimnic Mac Giolla Bhríde agus Griogair Labhruidh. Is ar an gCéadaoin 28 Iúil ag 8.30in a bheidh “Ó Alba go Béal Feirste” ar siúl sa Halla Mór, Iontabhas 174 ar Bhóthar Aontroma, i mBéal Feirste.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag suíomh Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain: <http://www.ccmr156.com/>.



Seoltar scéalta chuig: [nuacht@gaelsceal.ie](mailto:nuacht@gaelsceal.ie)

## Bás ag rásaí i gCeanannas don dara bliain as a chéile

Le Meadhbh Ní Eadhra

DON dara bliain as a chéile, maraíodh fear ag Rásaí Bóithre i gCeanannas i gContae na Mí. Tharla an eachtra thragóideach seo oíche Shathairn, le linn do Stephen Larkin a bheith ag cleachtadh do rása. Ba as Áth Mhic Giolla i gContae an Dúin do Stephen, agus maireann triúr páiste

# Ceanncheathrú nua Choláiste na bhFiann i mBaile an Bhairínigh

Le Meadhbh Ní Eadhra

D’OSCAIL an Coláiste Samhraidh, Coláiste na bhFiann, a doirse an tseachtain seo caite i mBaile an Bhairínigh i nDroim Rí. Tá foirgneamh ceannaithe ag Coláiste na bhFiann ann chomh maith le 20 acra ón Ord Sailíseach. Bhíodh Coláiste Talmhaíochta na Sailíseach suite ann roimhe seo. Beidh ceanncheathrú Choláiste na bhFiann lonnaithe i nDroim Rí anois, agus beidh siad ag bogadh ó Bhaile na Manach i mBaile Átha Cliath. Ag labhairt ag seoladh oifigiúil na háise nua i mBaile an Bhairínigh an tseachtain seo caite, dúirt Príomhfheidhmeannach Choláiste na bhFiann, Caitriona Ní Cheallaigh, go raibh gá leis na háiseanna cearta do dhaoine óga ionas gur féidir leo an Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo agus ionas go mbeidh idirghníomhaíocht ann as Gaeilge. “Mura gcuirtear na háiseanna sin ar fáil, ní thioc-

faidh fás go brách ar líon na nGaeilgeoirí sa tír seo,” ar sí. “Tar éis os cionn 30 bliain a chaitheamh ag reáchtáil gréasán náisiúnta de chlubanna óige trí Ghaeilge, thuig muid go raibh gá le Lár-Ionad Óige a bhunú chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga an Ghaeilge a labhairt.

Cuirfidh an t-ionad nua seo áiseanna iontacha ar fáil do dhaoine óga in go leor réimsí éagsúla. Beidh stiúideo taifeadta, stiúideo damhsa, áiseanna spóirt agus ionad eachtraíochta san áireamh ann. Chomh maith leis sin, beidh áiseanna ann dóibh siúd le spéis san ealaín, sa drámaíocht, sa ríomhaireacht, sa ghrianghrafadóireacht agus i staidéar daonnachtaí eile. Níl spás ar bith fágtha ar chúrsaí an Choláiste i mBaile an Bhairínigh an Samhraidh seo, ach beidh coláistí samhraidh eile de chuid Choláiste na bhFiann ag teacht le chéile le haghaidh lá spraoi, trí mheán na Gaeilge, roimh dheireadh an tSamhraidh.

leis. Anuraidh, maraíodh Padraig Campbell ó Chontae na hIarmhí, agus bhí seisean ag cleachtadh do rása ag an am freisin. Ba é bás Phadraig an chéad bhás riamh i stair cúig bliana déag na rásaí seo. Cé gur thug teaghlach an Uasail Larkin le fios gur cheart do na rásaí dul ar aghaidh, cuireadh rásaí an Domhnaigh ar ceal mar gheall ar dhrochaimsir. Bhí Stephen ag obair mar mheicneoir i gContae Ard Mhacha agus bhuaigh sé a chéad rása gluaisrothair i gContae Thír Eoghain ceithre seachtaine ó shin.

## Óige Camros ag ceiliúradh ilchineálacht chultúrtha

Le Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ ÓIGE Camros páirteach in imeacht a tharraing aird ar ilchineálacht chultúrtha le déanaí, nuair a tháinig grúpaí óige ón East-óin, ón bPolainn agus ón Ísiltír ar cuairt chuig cumann gasóg Camros. Tháinig na grúpaí seo le chéile le bheith páirteach i gclár darb ainm “Surviving Cultural Diversity”, agus a mhair ar feadh seachtaine. Ghlac ceannairí na ngrúpaí seo páirt i gclár “Youth in Action” agus is as sin a tháinig an clár nua. Bhí go leor gníomhaíochtaí éagsúla á dhéanamh ag na daoine óga agus mar chuid den tseachtain, chuir siad dialann scan-náin de na himeachtaí go léir le chéile. Bhí imeachtaí ceiliúrtha ar siúl in Camross ag deireadh na seachtaine, agus chuir James Deegan, Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Laoise, fáilte roimh na grúpaí go léir agus dúirt go raibh sé ag súil gur fhoghlaím siad go leor ón tseachtain agus go mbeadh neart cairdis nua cruthaithe acu mar gheall ar an gclár.

## Cúrsaí á reachtáil ag an tAcadamh i nGaeltacht Rath Chairn

Le Kate Fennell

TÁ an deis ann an Fómhar seo clárú i gcomhair cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge nó Cúrsa Aistriúcháin Gaeilge-Béarla i Rath Chairn a bheith á chur ar fáil ag muintir an Acadaimh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Freisin, sa bhFómhar 2011 cuirfear tús le Cúrsa

Céime sa Ghaeilge ar bhonn páirt-aimseartha. Leanfaidh na cúrsaí seo ar aghaidh má léiríonn dóthain daoine spéis iontu. Ta gach eolas le fáil ar [www.rathchairn.net](http://www.rathchairn.net) nó glaoigh ar 046 9432068. Agus ná déanaí dearmad go mbeidh Picnic Rath Chairn ar siúl amárach an lá ar fad le ceol ó Kila, Liam Ó Maonlaí agus go leor eile!

## Cluichí GAA agus Damhsa na Briotáine sa Chlub

Le Kate Fennell

MÁ tá fonn ort féachaint ar na cluichí Gaelacha i gcomhlúadar Gaelach buail síos chuig Club an Chonartha ar Shráid Fhearchair amárach agus ar an Domhnach áit a mbeidh siad ag taispeáint na gcluichí go léir ar an scaileán óna 3 a chlog ar an Satharn agus óna 2 a chlog ar an Domhnach.

Más damhsa atá mar shuim agat is féidir sult a bhaint as damhsa na Briotáine Dé hAoine seo chugainn, 30 Iúil i gClub an Chonartha. Tosóidh sé ar a 9.30i.n. agus tá saorhead isteach. Freisin, beidh amhráin ón Bhriotáin le cloisteáil mar chuid d’fhéile na gCultúr Domhanda i nDún Laoghaire an deireadh seachtaine seo. Tuilleadh eolais ó [www.breizheire.net](http://www.breizheire.net) agus [www.festivalofworldcultures.com](http://www.festivalofworldcultures.com)

## Amanna oscailte nua Áras Chrónáin

TÁ amanna oscailte nua ag Ionad Cultúrtha Áras Chrónáin anois. Beidh siad ar oscailt gach Déardaoin go Domhnach óna leath i ndiaidh a hocht san oíche. Beidh níos mó ceoil agus cainte ná riamh ar siúl san Áras anois agus beidh seisiúin ceoil ann ceithre oíche den tseachtain.



Bébhinn Ní Riagáin ón Nás agus Cormac Moore ón Camembert Quartet agus Halla Thomas Prior i nDroichead na Dothra á shroicheadh acu chun a bpósadh a cheiliúradh.

# 3 TUAIRIMÍ

## Ardán: Ollghéilleadh Gáis an Chéid seo

Le Thérèse Ruane

Tá an ghéarchéim gheillea-grach sa stát seo ag dul in olcas gach lá. Táimid banchhriste, tá cúlú eacnamaíochta domhanda ann, tá cúrsaí feirmeoireachta agus iascaireachta buailte, tá fiontair bheaga agus mheánmhéide ag fulaingt. Gach lá, tá gearradh siar ar sheirbhísí riachtanacha na tíre seo, seirbhísí sláinte, oideachais, leasa shóisialaigh srl - rud atá ag dul i bhfeidhm ar na daoine leochaileacha sa phobal.

Cuireann sé ionadh an domhain orm, le gach gearradh siar nua, le gach athchóiriú nua, nach bhfuil trácht ar bith ag an rialtas seo ar athchóiriú a dhéanamh ar earnáil ola agus gháis na tíre seo. Bíonn saincheist úinéireacht agus saothrú na n-acmhainní nádúrtha - ola agus gás na mara - chun cinn in aigne na ndaoine níos mó gach lá. Tá daoine ag fiafraí cén fáth go mbaineann an Iorua níos mó tairbhe agus leasa as acmhainní nádúrtha na hÉireann ná muidne féin, saoránaigh an stáit seo.

Tá daoine ag fiafraí cén fáth go bhfuilimid ag fáil réidh lenár n-acmhainní féin agus á dtabhairt ar

shiúl saor in aisce d’ollchomhlachtaí idirnáisiúnta agus a leithéid. Is é Ollghéilleadh Gáis an Chéid seo é.

Sa Fhrainc, sa Rúis, sa Bholaiv, agus in go leor leor tíortha eile, rinne na rialtais idirbheartaíocht leis na comhlachtaí gáis agus ola ar na téarmaí, ar na coinníollacha, ar na rátaí cánacha agus ríchiosa agus ar úinéireacht stáit na n-acmhainní. I gcónaí bíonn na comhlachtaí ag gearán, ach i gcónaí glacann siad leis na coinníollacha nua. Cén fáth? Mar is gnó brabúsach ar fad é. Ach, anseo in Éirinn, a mhalairt de scéal atá i gceist.

Táimid ag tabhairt ola agus gás na tíre seo uainn saor in aisce mar gheall ar chonarthaí lofa a rinne airí éilitheacha Fhianna Fáil ag tús na nóchaidí. Is conarthaí iad a mbaineann corparáidí ilnáisiúnta - agus ní muintir na hÉireann - tairbhe agus brabús astu. Is cion coiriúil é. Tá sé thar am na conarthaí sin a shocrú as an nua.

Is scannal amach is amach é nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an tslí stuama inar bhain rialtais i ndiaidh a chéile san Iorua úsáid as acmhainní gáis agus ola na hIorua le blianta anuas. An bhliain seo caite, mar shampla, chuir an Iorua €21 billiún sa



chiste ola agus gáis, airgead a fuair an 4.8 milliún duine san Iorua ón gcáin ar ola agus gás de bharr úinéireacht a bheith ag an stát ar na holacheantair, agus ó dhíbhinn ón scair de 67% atá acu i Statoi ASA, an comhlacht fuinimh is mó sa tír.

Lena chois sin, an bhliain seo caite, cheannaigh an Iorua scair mhór ar os cionn dhá billiún euro in Shell, maoinithe ag státhchiste saibhris, ardcheannasach na hIorua. Léiríonn an infheistíocht sin gur imreoir lárnach í an Iorua i dtionscadal gáis na Coiribe agus go mbeidh muintir na hIorua ag

baint saibhris agus tairbhe as gás agus acmhainní nádúrtha na nÉireannach!

In 2006, d’athghabh rialtas na Bolaive a gcuid acmhainní nádúrtha, a gcuid ola agus gáis, ar ais ó na corparáidí ilnáisiúnta agus rinneadh iad a náisiúnú ar mhaithe le muintir na tíre. Faoi láthair, úsáidtear an brabús chun tograí a chur chun cinn maidir le hoideachas, sláinte, scéimeanna le haghaidh pinsinéirí, páistí agus teaghligh na tíre.

I bhfómhar na bliana 2008, chaith mé féin sé seachtaine sa Bholaiv agus chonaic mé dom féin éifeacht na dtograí seo ar chosmhuintir na tíre agus an tairbhe a bhaineann siad astu. Chonaic mé pobail agus cosmhuintir a bhí dóchasach do thodhchaí a gclann agus iad ag teacht chucu féin tar éis na mblianta de choilíniú, bochtaineacht, deachtóireacht agus saint na gcorparáidí ilnáisiúnta. Anois go bhfuil ceannaireacht pholaitiúil láidir sa tír sin, tá seans as an nua acu.

Cá bhfuil an cheannaireacht sin sa tír seo? Tá sé dochreidte nach bhfuil atheagar ar bith beartaithe ar thionscal ola agus gáis na tíre seo. Dá mbeadh scair 10% fiú amháin ag muintir na hÉireann i dtogra gáis na Coiribe, bheadh billiún euro againn le

haghaidh seirbhísí riachtanacha do phobal na hÉireann. (Tá scair 82% ag muintir na Bolaive).

Tá acmhainneacht ollmhór sna limistéir eile ola agus gháis atá amuigh ó chósta thiar na tíre seo, imchuach an Torcáin, togra na Dubhaise, Dún Chaoin agus go leor eile. Tá sé thar am ár n-acmhainní nádúrtha a náisiúnú agus idirbheartaíocht a dhéanamh in athuair ar chonarthaí amhrasacha na nóchaidí ar mhaithe le muintir na tíre seo. Lena chois sin, táim ag iarraidh ar na ceardchumainn, tríd an gcomhpháirtíocht shóisialta, athshocrú a dhéanamh ar na ceadúnais agus na conarthaí amhrasacha maidir lenár n-acmhainní nádúrtha chun saibhbreas an pheitiriliam a úsáid ar son mhuintir na tíre seo.

Ní ar na bainc agus forbróirí amháin is cóir an milleán a chur mar gheall ar an ngéarchéim gheilleagrach reatha; is féidir an milleán a chur freisin ar an míbhainistíocht mheargánta agus lígean le sruth luach na mbilliún dár n-acmhainní nádúrtha - Ollghéilleadh Gáis an Chéid seo, gan dabht.

Is ball de chuid Sinn Féin ar Chomhairle Bhaile Chaisleán an Bharraigh í Thérèse Ruane.

## Is ionann na deora



Le hEoghan Ó Néill

Ní thig linne é a dhéanamh. Dar leat go mbeadh sé sin soiléir faoin am seo - do pholaitheoirí, do thráchtairí agus don phobal in Éirinn agus sa Bhreatain.

Ach ní fheiceann siad é.

Ní aithníonn siad go fóill nach bhfuil ar ár gcumas próiseas a chur ar bun a dhéanfadh fiosrúchán cothrom ar mharú 3,673 duine le linn na dTrioblóidí. Coiste na Fírinne, nó cibé ainm a ba mhian leat a thabhairt air.

Ní thig linne é a dhéanamh.

Agus seachas caint a thuilleadh faoi muidne ár bpeacaí féin a fhiosrú, ba cheart go ligfí do dhream ón taobh amuigh theacht isteach leis an rud a dhéanamh dúinn.

Eagras idirnáisiúnta neamhspleách.

Agus ba cheart go ndéanfaí go luath é nó tá an síorachrann faoi na mairbh

ag coinneáil siar iad siúd atá beo.

Lena gceart a thabhairt dóibh, rinne an tOirmhinneach Robin Eames agus Denis Bradley a ndícheall chun múnla de shórt éigin a leagan síos.

An tseachtain seo caite, áfach, tugadh droim láimhe dá gcuid moltaí agus, lena chois, rinneadh díspeagadh orthu beirt.

Lascadh iad roimhe seo, ar ndóigh, as a bheith ag moladh go mbeadh íocaíocht £12,000 do ghaolta na ndaoine a maraíodh sna Trioblóidí.

Moladh é sin a bhí ciallmhar, dar liom, nó thug sé aitheantas oifigiúil do gach duine a maraíodh, gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

Táthar ann a déarfadh gur mhasla é airgead a bhronnadh ar dhaoine ar maraíodh mac leo sna Trioblóidí, nó iníon nó athair nó matháir leo. Moladh conspóideach gan dabht, ach túsphointe a bhí ann a leag síos an prionsabal nach bhfuil céimiúlacht ann i measc na marbh.

Agus mar a dúirt Eames agus Bradley, ní cúiteamh a bhí i gceist acu. Ghlac siad leis nárbh fhéidir luach a chur ar bheatha dhuine. Íocaíocht shiombálach a bhí i gceist; a bhí bunaithe ar an íocaíocht €15,000 a thug rialtas na 26 Chontae do ghaolta

na ndaoine a maraíodh ó dheas le linn na dTrioblóidí.

Íocaíocht a rinneadh gan raic gan chonspóid.

Tugadh droim láimhe do mholadh sin Eames / Bradley agus do gach moladh eile dá ndearna siad.

Rud a fhágann nach bhfuil aon mhúnla ar bith anois againn ná aon fhócas don phlé seo maidir le haimsiú na fírinne.

Rud a fhágann go bhfuil gach dream sa tuaisceart míshásta agus den bharúil nach bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leis na daoine a maraíodh ar an taobh s’acu.

Agus faoi mar a tharlaíonn an fhrustrachais, tosófar ar chaint anois faoin Afraic Theas agus faoi Choiste na Fírinne a bunaíodh ansin.

Ach san Afraic Theas, ba iad ‘an lucht sceimhle’ (an ANC) agus lucht a dtacaíochta, an cine dubh, a bhunaigh Coimisiún na Fírinne agus a d’úsáid é chun peacaí an rialtais bháin a scrúdú.

Ba iad na buaiteoirí a rinne an scrúdú ar dhrochghníomhartha na gcaillteoirí.

Sa tuaisceart, ní raibh buaiteoir ann. Leamhsháinn a bhí ann agus b’éigean do gach uile dream géilleadh.

Rud a d’aithin Eames agus Bradley

agus iad ag iarraidh próiseas a bhunú a bheadh inghlactha ag gach taobh.

Túsphointe a bhí in Eames/Bradley. Bhí easnamh ann, ceart go leor, ach ba é an ball laige is mó aige ná go raibh rialtas na Breataine le bheith i gceannas ar an phróiseas.

Níl agus ní raibh rialtas na Breataine neodrach i gcogadh an tuaiscirt. Bhris siad gach riail sa leabhar, go hoscailte (Domhnach na Fola, imtheorannú, piléir phlaisteacha), agus go rúnda (Brian Nelson, armáil na ndílseoirí paraimíleatacha, dúnmharú Pat Finucane, buamáil Bhaile Átha Cliath).

Ní fiú a bheith ag iarraidh ar rialtas na Breataine a bheith á bhfiosrú féin. Ní dhéanadh siad é ar shlí chothrom. Nó is mó atá le cailleadh ag bunaíocht na Breataine ná ag aon dream eile.

Chaith corradh is 20,000 náisiúnaí tréimhse faoi ghlas sa tuaisceart as a bheith páirteach sna Trioblóidí.

Mar gheall air sin, tá cuid mhór eolais againn faoi mharú an 2,151 duine sin ar mharaigh grúpaí Poblachtacha iad.

Ach is scéal i bhfolach inniu féin é scéal Bhrainse Speisialta an RUC/MI5 agus a ról siúd in armáil agus in eagrú dílseoirí paraimíleatacha.

Mar a thug Nuala O’Loan le fios, bhí

sraithmharfóir UVF, a mharaigh ar a laghad 15 duine, ar phá-rolla an RUC i gceantar Mount Vernon i mBéal Feirste Thuaidh feadh na dTrioblóidí.

Agus mar is eol dúinn ó fhiosrúchán Stevens agus ó fhiosrúcháin eile, bhí an fear a thug grianghráf de Pat Finucane dá mharfóirí, an fear a chuir an gunna ar fáil dóibh, an fear a thiomáin na marfóirí chuig an teach agus an fear a tharraing an trucear, bhí siad uilig ar phá-rolla MI5/an RUC.

Sa deireadh, tá caolseans ann go mbeidh próiseas ceart fiosrúcháin agus athmhuintearais sa tuaisceart mar níor mhaith le rialtas na Breataine a bpeacaí a léiriú os comhair an tsaoil.

Agus níor mhaith le polaiteoirí agus ‘ceannairí pobail’ náisiúnacha ná aontachtaithe go nochtfaí cuid de na rudáí déistíneacha a rinne siad sin le linn an chogaidh.

Dream ón taobh amuigh an t-aon dream amháin a d’fhéadfadh próiseas iontaoifa a chur sa tsíúl.

In éagmais a leithéide, beimid fágtha ag síorachrann faoi cén dream a ba chiontaí as na Trioblóidí agus ár gcluasa lán le macallaí na marbh seachas macallaí an aosa óig sin ar mhaith leo bogadh ar aghaidh chuig sochaí nua iarsheicteach.

# Ní den chéad uair tá mearbhall orm



Le Conall Ó Móráin

Bhí am ann tráth nuair a dhéanadh duine táirgeadh ar earra, chuireadh i mbosca é agus d’easpórtáladh é thar lear. Mar a chéile le daoine, nuair a d’imíodh duine thar lear ag obair deirtí go raibh an duine sin tar éis dul ar imirce. Ach tá an saol athraithe go hiomlán. Díolann an tír seo luach níos mó de sheirbhísí thar lear anois ná mar a dhíolann muid d’earraí crua. Thóg an coincheap seo, go mbeadh muid ábalta earraí ‘boga’ a dhíol thar sáile, roinnt ama ar m’intinn tuiscint iomlán bheith agam air ach i ndáiríre mise atá dúr seachas an coincheap.

An bealach is simplí le smaoineamh air ná díriú ar chomhlacht innealtóireachta. Má tá siad siúd ag dearadh droichead san Araib Shádach, abraimis, agus cuireann siad a gcuid pleananna go dtí an Araib Shádach i ríomhphost, tá siad

anois tar éis a gcuid maoín intealachtúil a easpórtáil agus tagann ioncam uaidh sin, abhaile go hÉirinn. Dá mhéad easpórtáil den sórt seo gur féidir linn a dhéanamh is ea is fearr an scéal don eacnamaíocht againn é. Seo foinse teacht isteach nó ioncam na tíre ar a ndíolann comhlachtaí cáin agus a choimeádann seirbhísí rialtais ag rith. Agus ar ndóigh rud an-tarraingteach maidir leis an ngeilleagar seo ná gur cuma cá bhfuil comhlacht lonnaithe, in Éirinn nó san Ind, i gCeatharlach nó i nGort an Choirce. Níl bac in aon chor orthu siúd atá ag tabhairt faoin sórt seo oibre de bharr iad bheith rófhada ón margadh.

Margadh oscailte domhanda atá anois ann agus, ag dul le hábaltacht dearaidh agus cumas cruthaitheach, tá an t-ádh linne go bhfuil fíorchumas díolacháin againn freisin. Chomh maith le hioncam a thuilleamh tá buntáiste eile le trádáil agus geilleagar domhanda. Déanann sé cealú ar theorainn mar níl a leithéid de rud ann agus teorainn ag an idirlíon. Fiú údarais na Síne tuigean siad an méid sin in ainneoin na n-iarrachtaí atá dá ndéanamh acu cinsireacht a dhéanamh ar innill chuardaigh cosúil le Google. Tá sé beagnach

dodhéanta.

Mar an gcéanna agus muid ag trácht ar theorainneacha caithfidh muid freisin tosú ag breathnú ar bhealaí nua maidir le heisimirce agus inimirce. Bhí am ann gurbh fhocal scanrúil an focal eisimirce mar go mbíodh ar Sheán nó Máire an tír d’fhágáil agus gur mhór an

## Má chaitheann tú ceithre lá i Londain agus trí lá in Éirinn an féidir baile a thabhairt ar an áit seo?

seans nach bhfillfeadh siad ar an dtír arís cheal pósta nó adhlactha. Ach arís tá an saol athraithe go millteanach mór. Is é an chéad rud go dteastaíonn ó chéimí ollscoile nó coláiste tríú leibhéal a dhéanamh ná, ar a laghad, bliain a chaitheamh san Astráil nó pointí is faide uainn más ann dóibh.

Deir tuarascáil na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a foilsíodh lá nó dhó ó shin go mb’fhéidir go mbeidh eisimirce ón tír seo chomh hard le 160,000 duine sna cúig bliana atá amach romhainn. Ach is í an cheist ná céard is ciall leis seo? Tá cónaí

orainn ar oileán beag bídeach ar imeall na hEorpa. Tá domhan mór le feiceáil againn agus is locht orainn é mura gcuireann muid an stró orainn féin dul agus é a bhlaiseadh.

Tá a fhios agam go maith gur difriúil an scéal ar fad é dóibh siúd go gcaithfidh dul ar eisimirce cheal oibre agus cheal na scileanna atá ag teastáil chun obair d’fháil sa bhaile. Tá ceist seo na scileanna agus na scolaíochta ag croílár aon díospóireachta faoi eisimirce. Daoine gan scileanna a bhformhór acu siúd go mbíonn orthu obair bhunúsach a lorg thar sáile.

Ach má tá cónaí ormsa i San Francisco agus má bhogaim, ar thóir oibre, go Nua-Eabhrach, ní cheaptar go bhfuil mé tar éis dul ar eisimirce. Ar an mbonn céanna má lonnaím mé féin i mBéal Feirste ó Bhaile Átha Cliath ní cheapann aon duine go bhfuil mé tar éis dul ar eisimirce in ainneoin go bhfuil mé tar éis teorainn a thrasnú. Má théim go Londain ag obair, áfach, féachtar air sin mar eisimirce. Thabharfadh sé seo le fios go mbíonn orainn dhá cheannteideal a chomhlíonadh ionas gur féidir a rá go bhfuil duine tar éis dul ar eisimirce, sin fad agus teorainn.

Ach is Eorpach mise. Éireannach

ar ndóigh ach breathnaím orm féin agus ar an Mór-Roinn i dtéarmaí gur cuid den Aontas Eorpach mo thír bheag. Nuair atá mise i gCiarraí tá mé i gCiarraí san Eoraip mar atá Bordeaux san Eoraip. Anois má bhogaim go dtí Bordeaux an bhfuil mé tar éis dul ar eisimirce nó an bhfuil mé fós sa bhaile?

Tháinig na mílte Polannach go hÉirinn, na hÉireannaigh nua mar a thugtar orthu, agus le dhá bhliain anuas tá na mílte acu tar éis muid d’fhágáil arís agus Londain ar a dtri-all, chun dul ag obair ar infreastruchtúr na gcluichí Oilimpeacha a bheidh dá rith sa Ríocht Aontaithe i 2012. An bhfuil na Polannaigh sin tar éis sinne d’fhágáil agus, dá bhrí sin, an bhfuil siad tar éis dul ar eisimirce nó an bhfuil siad ar a mbealach abhaile arís tar éis cuairt fhada a thabhairt orainne?

Agus anois cá seasann mo chairde a oibríonn i Londain i rith na seachtaine agus a fhilleann ar an tír seo agus ar a dteaghlach ar an Aoine chun an deireadh seachtaine fada a chaitheamh anseo, sa bhaile. Nó an seo baile? Má chaitheann tú ceithre lá i Londain agus trí lá in Éirinn an féidir baile a thabhairt ar an áit seo?

Ní den chéad uair tá mearbhall orm.

# Ceartha Féinchosanta le Moladh



Le Bernie Ní Fhlatharta

Faoi dheireadh thiar thall tá uinéirí tí ag fáil aitheantais gur leo a maoín agus ní leis na buirgléirí. Níor thuig mé riamh cén fáth a raibh a leithéid in ann cúiteamh a fháil ó árachás an teaghlai. Briseann siadsan isteach i do theach agus má ghortaíonn siad iad féin, tá tusa ciontach! Ach anois tá dlí nua á phlé a thabharfaidh roinnt cumhachta dúinn inár dtithe chun ár maoín a chosaint. Faoi láthair is cuma cén tslándáil in aghaidh buirgléirí atá sa teach agat, tá tú ciontach má ghortaíonn siad iad féin agus iad i mbun a ngnó - sin thusa a robáil!

Cuireann sé seo ag smaoiniú mé ar an fheirmeoir sin i Sasana a chaith buirgléir agus a mharaigh gadaí a bhí ag déanamh iarrachta briseadh isteach.

Níos gaire don bhaile tá Pádraig Nally a mharaigh fear a bhí ag déanamh an rud céanna i gCo Mhaigh Eo.

Níl mise ag iarradh aon duine a mharú

ach cheap mé le blianta, ó thosaigh mé mar iriseoir agus mé ar dualgas sna cúirteanna, go raibh an dlí ar thaobh an ghadaí agus an buirgléara i bhfad rómhór.

Nach bhfuil sé de cheart againn ár maoín, go speisialta an teach ina bhfuil muid inár gcónaí, a chosaint?

Tá an teaghlach in ainm is a bheith mar chroí an phobail, tá sé sin ráite i mBunreacht na hÉireann, ach faoi láthair cén tslándáil atá muid a fháil in aghaidh buirgléirí ná aon bhriseadh isteach orainn?

Deirimse nach bhfuil aon chearta sibhialta ag aon ghadaí na buirgléir a leagann cos isteach ar thalamh nó teach príobháideach.

Go bunúsach cé na cearta atá ag dul dóibh nuair a chuireann siadsan isteach orainne. Níl aon chearta tuillte acu.

Caithfear rialacha a leagan síos a thugann ómós do chearta an duine ina theach féin.

Bheadh sé iontach ar fad muna mbeadh gá le rialacha ar chor ar bith agus go mbeadh meas ag gach uile dhuine ar an duine eile. Bheadh deireadh le dúnmharú, gadaíocht, bréaga. . . gach uile pheaca in aghaidh an duine.

Ach sin ‘Utopia’ agus ní dóigh liom go bhfeicfidh mise ná tusa an saol sin sa ré seo faraor.

ESB ecars  
Ag stiúrú an lucht

Ag stiúrú an lucht

[www.esb.ie/ecars](http://www.esb.ie/ecars)

# Eagarfhocal



Gaelscéal  
An Chuasnóg, Baile Ard  
An Spidéal,  
Co. na Gaillimhe

## Caithfear Éisteacht!

SIN an mana a bhí ag Máirtín Ó Cadhain agus cuireadh é sin in iúl arís le léiriú de shaol agus shaothar an Chadhnaigh ag Taibhdhearc na Gaillimhe i rith na seachtaine. Meas tú nach mbeadh díomá, go deimhin cantal, ar fhathach litríochta agus fealsúnachta an Chré Dhuibh dá dtiocfadh sé ar ais agus Éire na mílaoise nua seo a fheiceáil?

Bhí seisean ag agóid ar son chearta na cosmhuintire, chothrom na féinne do chách agus shaoirse cainte, chultúrtha agus eacnamaíochta muintir na hÉireann. Bhí spiorad an chirt agus na córa ina chroí agus ina aisling. Ach, cá bhfuil an spiorad

sin in Éirinn an lae inniu? Tá muid ag feidhmiú taobh istigh den dlí, ach an bhfuil muid ag feidhmiú mar is ceart? Ní gá ach breathnú ar bhua na Mí ar chontae Lú, galamaisíocht Ivor Callely os comhair choiste an tSeanaid, gnóthaí Fingleton, Fitzpatrick, na forbróirí agus na hinstiúidí airgeadais le feiceáil go bhfuil muid mar náisiún imithe ar strae ar fad ó fhís an Chadhnaigh. Ach, níl deireadh an scéil scríofa fós. Bhí an Cadhnach mar chuid de ghluaiseacht leathan pobail. Labhair siad amach agus throid siad ar son a gcearta. Tá an mianach sin fós ionainn ach go mb'fhéidir go dteastaíonn an tine a fhadú

rud beag. Tús an aistir sin ná an fhreagracht phearsanta a ghla-cadh. Cén duine againn nár chaith an iomarca, nach ndeachaigh rud beag thar fóir in amanna le linn ré an Tíogair Cheiltigh? An té atá gan pheaca mar a déarfá caithidís an chéad chloch. Ach, tá gá labhairt amach ar na cúrsaí seo. Tá gá plé a dhéanamh leis an aos óg maidir le céard atá ceart agus cóir, seachas díreach céard atá dleathach. Caithfidh muid an spiorad seo a mhúscailt sa bpobal go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. Ansin amháin is féidir linn labhairt go muiníneach ar an stáitse domhanda faoi na

hathruithe a theastaíonn ag an leibhéal sin chomh maith. Ach, má tá dream ag labhairt amach chun cearta saoránaigh a chosaint agus a neartú, níl aon mhaith dóibh labhairt leo féin. Ní mór do na ceannairí atá againn - ó thaobh polaitíochta, institiúidí, cultúir agus pobail - a bheith ann agus toilteanach an teachtaireacht a chloisteáil. Chuige sin caithfidh siadsan breithiúnas a thabhairt orthu féin agus ar a bhfuil siad ag déanamh chun an ceart agus an chóir sin a chur chun cinn i ndáiríre. Ní mór dúinn labhairt amach, ach ní mór dóibhsan éisteacht. ..Caithfear éisteacht!

## LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig [litreacha@guelsceal.ie](mailto:litreacha@guelsceal.ie).  
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

### Litir Neandartal

A Eagarthóir, a Chara,  
Chuir mise an-spéis san alt le Pól Mac Cana a foilsíodh ar lch 20 in Gaelscéal an 16 Iúil, 2010, 'An Néandartálach --- beo go fóill. Cá háit? Ionainn féin!', ach ní fheadar i dtaobh Néandartálach Mhic Cana.

Is é an chéad rud atá le tabhairt faoi deara ar an bpictiúr den Néandartálach atá ag gabháil leis an alt a dhealraithí is atá sé linne inniu. Go deimhin, is minic a chonaic mé féin daoine mar é lasmuigh de thithe tábhairne ar fud na tíre. Ní dóigh liom go rachadh sé síos rómhaith le hAdolf Hitler gan an máistirchine a bheith á shamhlú le gach uile pháirt den Ghearmáin. Is é an tuiscint a bhí go dtí seo ar an Néandartálach gur homainid ba ea é ceart go leor ach nár dhuine daonna é. Na hargóintí go léir i gcoinne an Néandartálach a bheith ina dhuine daonna, tá siad á gceistiú an-mhór i láthair na huaire. Ar a shon sin is uile ní chreidimse gurb iad na tátail chearta atá á mbaint ag na heolaithe as an staidéar is déanaí atá déanta ar rian na Néandartálach ar Eoráisigh an lae inniu. Ní chreidim, cuir i gcás, nach ón aon lánúin amháin a shíolraigh gach a bhfuil de dhaoine daonna ar an saol inniu, tugaimis 'Ádamh' agus 'Éabha' ar an lánúin úd, nó 'Fred' agus

'Wilma'.

Glactar coitianta leis go bhfuil na hAfracaigh beagáinín beag difriúil leis an gcuid eile den chine daonna trí chéile. Cad ina thaobh nó conas? Is é an chúis atá leis gur as an Afraic a leath an cine daonna ar fud an domhain, agus gur thosaigh an cine daonna ar athrú ó d'fhág sinsir na coda eile againn an Afraic. Níl sna hathruithe sin ach athruithe an-mhion ar fad ó thaobh na géinitice de, agus na tátail atáthar a bhaint as an staidéar is déanaí ar an Néandartálach, níl siad le baint dáiríre. Cuir i gcás tá ciníocha Afracacha ar beag gruaig a fhásann ar a gceann. Tá ciníocha Áiseacha ann nach mbíonn clúmh nó fionnadh orthu. Formhór na nAfracach tá col acu le bainne, agus tá an ceathrú cuid de na Cúgasaigh [Caucasians] atá ar an gcuma chéanna. Agus ar a shon sin is uile bíonn dreamanna carthanachta ag maíomh as an obair mhór go léir a bhíonn siad a dhéanamh nuair a chuireann siad ba agus gabhair chun na hAfraice!

Fuair lucht taighde amach le déanaí nach bhfuil aon rian den Néandartálach ar Afracaigh an lae inniu, ach idir 1% agus 4% de ghéinte na nEoráiseach, is géinte iad a bhí sa Néandartálach chomh maith. Is é an tátal mór atáthar a bhaint as sin go raibh homo sapiens

sapiens ag plé go collaí leis an Néandartálach san Eoraip agus san Áise, ach nach raibh aon phlé collaí ag homo sapiens sapiens na hAfraice leis an Néandartálach. Tátal eile atáthar a bhaint as, nach ón lánúin chéanna go bunúsach a shíolraigh a bhfuil de dhaoine daonna ar an saol. Tá fianaise na heolaíochta ag teacht le teagasc na hEaglaise Caitlicí ina thaobh sin [feic leat Humanis Generis an Phápa Pius XII (1950)]. Nuair a bhíonn cine an-láidir ann, de réir a chéile éiríonn leo an iasacht a ruaigeadh as a gcoim-pléasc. Is iontach le rá é go bhfuil 82% de mhuintir na hÉireann ar aon dul ó thaobh géinitice de leis an chéad dream sin, agus níl ach difríocht an-bheag ar fad idir 82% de mhuintir na hÉireann agus muintir Thír na mBascach sa lá atá inniu ann.

Ach tá ceisteanna an-inspéise múscaite ag lucht taighde ar an Néandartálach. Cuir i gcás, má bhí homo sapiens sapiens agus an

Néandartálach ag plé go collaí le chéile, cathain a rinneadh aon chine amháin daonna den dá chineál. Níl fianaise ar bith gur mhair an Néandartálach níos faide ná 26,000 bliain ó shin. Músclaíonn sé ceist eile: cathain a tháinig an duine daonna chun cinn? Is léir ar fhianaise na n-iontaisí go ndeachaigh homo sapiens sapiens i bhfad chun tosaigh ar na homainidí go léir eile timpeall 30,000 míle bliain ó shin, i gcúrsaí mhéid na hinchinne ag homo sapiens sapiens. Agus rud is inspéise ná sin féin, gur laghdaigh ar mhéid na hinchinne ag homo sapiens sapiens idir 30,000 bliain ó shin agus 12,000 bliain ó shin. Creideann na Críostaithe i bPeaca an tSinsir, agus na droch-iarmhairtí a bhí air sin. Ach ní droch-iarmhairtí spioradálta amháin a bhí air ach droch-iarmhairtí ó thaobh éirime aigne chomh maith, 'dorchú na hintleachta' mar a thugtaí ar a leithéid. Is iontach le rá é, ach más ag dul in olcas a bhí homo sapiens sapiens idir 30,000 bliain ó shin agus 12,000 bliain ó shin, gur thosaigh fás iontach 12,000 bliain ó shin. Is ansin a tosaíodh ar an bhfeirmeoireacht. 6000 bliain ó shin a chonacthas na chéad chathracha ar an saol. Agus in 1969 chuaigh daoine daonna isteach ar an nGealach. Má éirigh leis an

duine cuid mhaith dá éirim aigne a fháil ar ais le 12,000 bliain, is léir go bhfuilimid fós ag broic le laigí móra spioradálta agus moráltachta.

*Do Chara,  
Séamas de Barra,  
83 Mulláin Beaufort, Ráth Fearnáin,  
Baile Átha Cliath 14.*

A Eagarthóir,  
Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do litir an "Tuaisceartach Lagchroíoch" in eagrán na seachtaine seo. Do tagair mise cheana don dúchasach atá fé chaibidil aige ina litreach. Tá spiorad ailt 31 beo folláin i RnaG agus TG4 - is cuma cad a mhaíonn said mar mhalairt air.

Tá láithreoirí na cláracha múnlaith go maith thar na blianta i gcéard na cinsireachta ag leithéidí Póilín agus Páidí. Dá bhrí sin cad eile a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú. Sé mo bharúil ná go na láithreoirí an rud beagnach ar eagla go gcaillfeadh siad a bpostanna dá ndéanfadh said a mhalairt. Is rud fíor bhaolach í an fhúinne.

Ní gá don "Tuaisceartach Lagchroíoch" a bheith mó buartha ansin sna críocha gafa, mar tiocfaidh deireadh le ré na mbréag mar a thagann deireadh le gach rud eile. A thúisce is fearr.

*Is mise,  
Antón Breathnach.*

# Éire Crp. ina féimheach faraor



Le Páidí Ó Lionáird

**T**á beagán tuisceana agam i dtaobh cúrsaí eacnamaíochta - fíor-bheagán. Tuigim go mbaineann go leor dár luach eacnamaíochta le luach táirgíochta agus easpórtála na tíre. Tuigim gur as seo ar fad a ríomhtar GDP agus GNP agus an difríocht eatarthu. Ar ndóigh tuigim freisin gur fearr i bhfad é má bhíonn 90,000 duine dífhostaithe seachas 456,000 faoi mar atá faoi láthair agus ag dul i méid, nó níos fearr fós, muna mbíonn duine ar bith dífhostaithe in aon chor.

Ina dhiaidh sin, níl tuairim agam agus chaithfinn tráthnóna (an-fhada agus b'fhéidir meisiciúil) a chaitheamh i dteannta mo chomhcholúnaí Conall Ó Móráin chun aon ghreim a fháil ar mhionsonraí ealaín an airgeadais.

Chuala ár dTaoiseach, Brian Cowen, agus é ag tabhairt amach faoi iriseoirí agus na meáin de bharr tuairisciú "...forleatach, diúltach..." a bheith ins na meáin ar fad faoi staid eacnamaíochta na tíre. Bhí sé ag tabhairt amach mar, go hoifigiúil, agus tagann na húdaráis ar fad lena chéile ar an gceann seo, go bhfuil Éire Crp. tar éis teacht as an bpoll domhain ina raibh sí, go bhfuil an cúlú eacnamaíochta thart go hoifigiúil agus go bhfeabhsóidh dath na spéire agus caighdeán amhráin na Eoraifise freisin.

Anois seo cuid (bheag) den



ealaín nach dtuigim.

Má táimid tagtha as an gcúlú eacnamaíochta, conas go bhfuil na scuainí dóil ag dul i bhfad gach seachtain? Má táimid tagtha as conas go dtuarann na heacnamaithe (na daoine céanna a aontaíonn go bhfuil sé thart) go gcaillfidh na mílte eile a bpoist sa bhliain amach romhainn? Má tá an taobh eile den stoirm bainte amach againn, conas go dtuarann na healaíontóirí céanna go dteipfidh

ar idir 1,800 agus 1,900 gnó nó comhlacht gnó i mbliana amháin agus go dteipfidh ar thuilleadh an bhliain seo chugainn?! An bhfuil na healaíontóirí seo as a meabhair? An bhfuilimidne as ár meabhair le héisteacht leo? An bhfuil aon rogha againn? Nó an é go bhfreagraíonn siad na ceisteanna a chuirtear orthu? Ceisteanna atá dírithe agus pointeáilte i dtreo an ghloine leathlán a chur os ár gcomhair. Íocann na ranna éagsúla rialtais as a gcuid

freagraí cuí agus bronnar iad i bhfoirm tuairiscí cuimsitheacha, údarásacha.

Deirtear faoi fhírinneacht na n-iliomad pobalbhreitheanna a fheicimid na laethanta seo go bhfaightear na freagraí ag brath ar na ceisteanna a chuirtear agus go ndréachtar na ceisteanna ag brath ar cé atá ag díol as an bpobalbhreith. Ar ndóigh bheadh sé ró-éasca

**I súile na gcomharsan, táimid go hiontach. Táimid ag dul i ngleic lenár bhfadhbanna sainte dar leo. Dá mbeadh an fhírinne ar eolas acu.**

glacadh leis gur mar seo a bhíonn i ngach cás nuair is rud é nach ndíoltar as an bhformhór mór díobh ach le díolachán na nuachtán de bharr a dtoraidh. Ach fós, is fiú smaoineamh air.

Ní shásaíonn sé seo an Taoiseach áfach. Ní shásaíonn sé an áisíneacht rátáil fiacha Moody's ach an oiread. Cosúil liomsa tá Moody's amhrasach faoi na fógartí seo ar fad ach tá Moody's difriúil uaimse sa tslí is nach féidir liomsa aon ní a dhéanamh faoi. Trí rátáil na tíre a laghdú go Aa2 in áit Aa1 mar a bhí, is féidir le Moody's cur lenár gcruatan go mór. Méadaíonn an t-íosghrádú seo costas aisíoc iasachtaí leatsa agus liomsa fá 1% nó 2% nó 5% ag brath ar cé mhéad a chosnóidh sé ar ár mbainc airgead a cheannach ar na margaí idirnáisiúnta. In ainneoin gur chuir Dietmar Hornung, ainilísí Moody's d'Éirinn, aguisín lena tharraingreacht á rá go bhfuil geilleagar na

tíre "seasmhach" in áit "diúltach" mar a bhí, fós féin tá an rátáil is fearr Aa1 cailte againn le dhá bhliain anuas agus muid ag íoc go daor as.

Táim nach mór críochnaithe ach fan liom don deireadh mar is dóigh liom go bhfuil sé tábhachtach go léann tú an méid seo.

Thit luach an Euro fá 10% le bliain anuas in aghaidh an Dollair. Thit sé de bharr go bhfuil amhras faoi mhéadú ar easnamh buiséid i dtíortha an AE, an Ghréig, an Spáinn agus Éire ina measc. Chiallódh sé seo amhras faoi inniúlacht aisíoc na bhfiacha náisiúnta. I measc na gcúiseanna go bhfuil easnamh ar bhuiséad na hÉireann tá sé seo - go bhfuil fiche dó billiún Euro caite againn ag cobhsú ár gcórais bhaincéireachta. Sin €22,000,000,000.00 agus an formhór de curtha i bpoll gan tóin darb ainm Anglo Irish.

I súile na gcomharsan, táimid go hiontach. Táimid ag dul i ngleic lenár bhfadhbanna sainte dar leo. Dá mbeadh an fhírinne ar eolas acu.

Seachtain inar dearbhaíodh duine d'iar-laochra na tíre ina fhéimheach agus duine dár bpoilaiteoirí ina fhéimheach go mórálta, tá siad araon ag lorg trua agus maithiúnais ag an am céanna uainn.

Caithfidh Seán Fitzpatrick maireachtáil ar pé blúire flaithiúlachta a cheadóidh a bhean chéile dó. Níl aici ach cnuabadh €3.6m.

Caithfidh Ivor Callely náire 20 lá ar fionraí ón Seanad a fhulaingt gan tuarastal ná costais.

Sin an méid a chaithfidh siad san a aisíoc. Íocfaidh muidne an chuid eile as a saint siúd áfach.

## LITREACHA chuig an Eagarthóir

### Gaeilgeoirí mí shasta le cleachtais Fine Gael i leith na Gaeilge

A Eagarthóir, a chara,

Téann focal le gaith agus téann buille le cnámh. Ábhar maíte ag Fine Gael le fada an lá anois is ea an 'bhá' atá acu leis an nGaeilge. Ar eagla aon mhíthuisceana, áfach, b'fhéidir nár mhiste an focal sin 'bá' a thabhairt chun léire ábhairín faoi mar a réalaíodh í go cruthanta i bhFine Gael le déanaí. Níos túisce an mhí seo, cheap Enda Kenny an t-uasal Frank Feighan mar urlabhraí Gaeltachta an pháirtí. Ardaíonn an ceapachán sin ceist an-bhunúsach, mar atá, conas is féidir le Frank Feighan feidhmiú

mar urlabhraí Gaeltachta muna bhfuil urlabhra na Gaeltachta aige?

Cuireadh an cheist réasúnta seo chuig Vincent Gribben - 'Head of Internal Communication, Fine Gael' - le déanaí. Ba dhóigh le duine ar an dteideal mórthaibhseach réamhluaithe go mbeadh ealaín na cumarsáide go paiteanta ag an t-uasal Gribben. Tá fabhban na cumarsáide i bhFine Gael, faraor. Grinnigh an freagra 'báuil' a fuaireamar ar an gceist a sheolamar chuige i nGaeilge.

1. Frank Feighan TD is not the first Deputy with responsibility for Gaeltacht Affairs with limited Irish. Síle De Valera served as Minister for the Gaeltacht with limited Irish. Ní gá go mbeifeá i do 'cheannasaí cumarsáide' ionas go n-aith-

neofá go bhfuil freagra 'báuil' Gribben i mBéarla. Tá easpa rianúlachta i bhfreagra Gribben chomh maith. Nuair a ceapadh Síle De Valera mar aire Gaeltachta cháin Fine Gael an ceapachán sin go láidir. Bhí an ceart ar fad acu. Is léir anois, áfach, gur 'bá' aon uaire ab ea í sin ag Fine Gael. Mhínigh an 'ceannasaí cumarsáide' dúinn ansin:

2 Frank Feighan TD is take lessons in Irish to improve his communication skills in the language and is happy to do so. Caithfear a admháil go dtéann teanntás Gribben ar an

mBéarla thar acmhainn cumarsáide an ghnáthdhuine san abairt seo. Ag deireadh na teachtaireachta, áfach, míníonn Gribben dúinn go bhfuil dár suirí ar



Frank Feighan agus go dteastaíonn uaidh siúl amach le Conradh na Gaeilge!!!

3 His discussions to date Conradh na Gaeilge have been cordial and constructive.

Abair 'Bá'! Tá súil agam go n-éiríonn le Frank Feighan an cliúsaí sin Conradh na Gaeilge a mhealladh gan ró-mhoill.

Ní bhaineann an ceapachán seo le Frank Feighan per se ach le

neamhiontas Fhine Gael i dtaca leis an nGaeilge agus an nGaeltacht trí chéile. Is é an neamhiontas sin a thug orthu urlabhraí Gaeltachta a cheapadh a labhróidh ar neamhchead do mhuintir na Gaeltachta. Tá ceist amháin againn. Cathain a dhéanfaidh Fine Gael leorghníomh sa bhfaillí seo?


'Bá'? Ní leor focail mhóra agus mogaill fholmha a thuilleadh.

*Beannacht, Liam Carson, Lillis Ó Laoire, Pádraic Breathnach, Brenda Ní Shúilleabháin, Muiris Ó Meara Biddy Jenkinson, Gabriel Rosenstock, Theo Dorgan, Caitríona Ní Chleirchín, Proinsias Mac a' Bhaird*

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

## Caillte sa Chnoc

### Stair Oilithreachta Chruach Phádraig



Le Treasa Bhreathnach

**B**eidh oilithreacht thraidisiúnta Chruach Phádraig ar siúl ar an Domhnach an 25ú den mhí seo. Is oilithreacht bhliantúil í seo atá á déanamh ag muintir na tíre seo le os cionn 5,000 bliain. Cé go bhfuil Cruach Phádraig aitheanta mar chnoc tábhachtach do Chríostaithe na tíre bhí tábhacht stairiúil ag baint leis an gcnoc seo in aimsir na bPágánach chomh maith. Is é ‘Domhnach na Cruaiche’ a thugtar ar an Domhnach deireanach i mí Iúil, an Domhnach a dhreapann na mílte duine an Chruach, ach tá roinnt ainmneacha eile ar an lá seo sa stair, ‘Domhnach Chrom Dubh’ ceann acu sin.

Ba é Crom Dubh ceann de na déithe is tábhachtaí a bhí ag na Ceiltigh agus tá scéal dheireadh a shaoil fite fuaite i scéal Naomh Pádraig agus tús na Críostaíochta in Éirinn. Deirtear gurbh é Cruach Phádraig áit chónaithe Chrom Dubh, nó Cruachán Aigli mar a thugadh Pádgánaigh air. Ba shuíomh iontach tábhachtach é Cruachán Aigli do Phágánaigh. Sa stair, ba ar Dhomh-



hádha daoine chun ofráil a dhéanamh do Chrom Dubh ina áit chónaithe (Cruachán Aigli nó Cruach Phádraig). Bhí tábhacht faoi leith aige do mhná chomh maith - chodlaídis ar an sliabh thar oíche ar Dhomhnach Chrom Dubh ag ceapadh go mbeadh sé ina chabhair dá dtorthúlacht.

Deirtear go ndéanadh daoine íobairt do Chrom Dubh gach bliain chun fóimhar maith a chinntiú, an chéadghin as gach clann agus an chéadghin beostoic as gach teach. Tá sé ráite i dtaobh Naomh Pádraig go raibh an bua aige ar na déithe Pádgánacha uile ar thug muintir na tíre onóir dóibh agus ar an dóigh sin go rar chreideamh na bPágánach.

I dtoghailt a rinneadh ar Chruach Phádraig i 1994 fuarthas dún Ceilteach ar bharr an tsléibhe agus fuarthas séipéal déanta as cloch a mheastar gur tógadh é idir 430 agus 890 A.Daibh an bua ag an gCríostaíoch

Rinnlá agus oíche ar an gcnoc i 441 A.D. e Naomh Pádraig troscadh 40

nach Chrom Dubh a chuirtear tús le Féile Lughnasa in ómós don dia, Lugh. Tt .

agus deirtear go raibh sé céasta ag deamhain a tháinig chuige i bhfoirm préachán. Tá roinnt scéalta éagsúla ann faoi bhua Naomh Pádraig ar Chrom Dubh. I gceann de na scéalta seo deirtear gurbh cheann fine (cineál taoisigh) é Crom Dubh a d'iarr Naomh Pádraig rud le n-ithe air. Sheol Crom Dubh a tharbh chuig Naomh Pádraig ag súil go maródh sé an naomh, ach ghéill an tarbh don naomh agus lig sé dó é a mharú agus é a ithe. Bhí Crom Dubh ar buile agus d'iarr sé ar Naomh Pádraig a tharbh a thabhairt ar ais dó, agus fios maith aige nárbh fhéidir leis é seo a dhéanamh. Rinne Naomh Pádraig an tarbh a aiséirí tríd a chuid cnámh agus craicinn a chur ar ais le chéile. Tá dhá insint éagsúla ar dheireadh an scéil seo. Sa chéad insint deirtear go ndeachaigh éacht Naomh Pádraig chomh mór sin i bhfeidhm ar Chrom Dubh gur iompaigh sé láithreach ar an gCríostaíocht. Sa dara hinsint deirtear gur iompaigh a tharbh féin ar an gceann fine agus gur mharaigh sé é. Cibé cén scéal atá fíor, má tá aon cheann acu, tá sé iomlán soiléir go luaitear Naomh Pádraig le deireadh ré na bPágánach agus le tús na Críostaíochta in Éirinn. Bhíodh tairbh á n-íobairt i gCois Fharráige, Co na Gaillimhe agus i Lughnasa in Albain suas go dtí an t-ochtú haois déag ag tús mhí Lúnasa.

Tá roinnt suíomh eile ar fud na tíre a bhaineann le bua Naomh Pádraig ar na Pádgánaigh agus tá roinnt réalteolaíthe ann a shíleann go bhfuil baint nach mór acu le turas cónochta (equinox journey) a rinne Naomh Pádraig a chríochnaigh ag Cruach Phádraig. I leabhar a scríobh Anthony Murphy agus Richard Moore, Island of the Setting Sun: In Search of Ireland's Ancient Astronomers d'úsáid siad Google Earth chun nasc a dhéanamh idir shuímh thábhachta Naomh Pádraig ó Chnoc Shláine go dtí Cruach Phádraig. D'aimsigh siad ailíniú cosmeolaíoch (cosmological alignment) 127 km ar fad ó Chnoc Shláine go Cruach Phádraig go Cruachán Aí, Ros Comáin, áit chónaithe Mhedb, banríon, agus ar deireadh go Tóchar Phádraig, Maigh Eo.

Ní hamháin go bhfuil tábhacht Phágánach, Chríostaíoch agus chosmeolaíoch ag baint leis an gcnoc cáil-iúil seo ach fuarthas amach sna 1980í go bhfuil aibhneacha óir ag caismirneach tríd an sliabh. Tá 12 fhéith

óir sa sliabh a bhfheadfaí 700,000 tonna óir a tháirgeadh uathu. Tar éis gur thosaigh muintir Mhaigh Eo ag agóidíocht in aghaidh mianadóireachta ar Chruach Phádraig bhuadar an cath agus sa lá atá inniu ann tá cosc ar mhianadóireacht i gceantair áirithe i Maigh Eo, Cruach Phádraig ina measc.

Tá Cruach Phádraig 640 méadar ar airde agus deirtear go ndreapann níos mó ná 100,000 duine an sliabh gach bliain. Ar Dhomhnach na Cruaiche, an Domhnach beag seo, beidh suas le 30,000 duine ag déanamh oilithreachta ar an gcnoc. Tá muintir na tíre seo agus níos faide i gcéin ag déanamh an turas oilithreachta seo ar feadh na mblianta. Go traidisiúnta bhíodh roinnt daoine ag déanamh na hoilithreachta agus iad cosnócht agus roinnt eile á déanamh i lár na hoíche go dtí gur chuir an Eaglais Chaitliceach iallach oifigiúil ar dhaoine gan dreapadh san oíche in 1974.

Dóibh siúd nach ndeachaigh in airde ar an gcnoc riamh cheana, tá ábhar spéise go leor ann ar an mbealach suas agus ar bharr an tsléibhe, taobh amuigh de na hoilithrigh gan bróga ná stocaí orthu.

Tá Teampall Phádraig le feiceáil ar bharr an tsléibhe agus Leaba Phádraig chomh maith. Thóg an tAthair Ó Stiofáin séipéal sealadach ar an sliabh in 1883 ach ní go dtí 1905 ar tógadh an séipéal atá fós le feiceáil ann inniu. Cuireadh píosa leis an séipéal seo in 1961.

Sa bhliain 1000 A.D. bhí aighneas idir Ardeaspag Thuama agus Ardeaspag Ard Mhacha faoi úinéireacht Theampall Phádraig ar mhullach an tsléibhe. Sa deireadh thiar thall rinne an Pápa breithiúnas gur le hArdeaspag Thuama an Teampall in 1216. Bhí dlúthcheangal ag na Pápaí éagsúla le Críostaithe a rinne an oilithreacht ar Chruach Phádraig síos tríd na blianta. In 1500 A.D. agus in 1750 A.D. d'fhógair dhá phápa éagsúla, Eugene IV agus Paul V, go mbeadh maithiúnas ar a bpeacaí acu siúd a thug cuairt ar an sliabh chun an oilithreacht a dhéanamh.

Tá trí stáisiún traidisiúnta oilithreachta ar an sliabh. Is é an chéad stáisiún ná Leacht Benáin atá suite ag bun an tsléibhe. Tá sé de nós ag daoine siúl seacht n-uaire timpeall Leacht Benáin ag rá na bpaidreacha 'Ár nAthair', 'Is é do Bheatha a Mhuire' agus 'An Chré' seacht n-uaire.

Tá an dara stáisiún den oilithreacht ar mhullach an tsléibhe agus tá trí cinn de nósanna ag baint leis an stáisiún seo. Caithfear dul ar do ghlúine agus na paidreacha thuas luaite a rá seacht n-uaire, ansin caithfear a bheith ag guí ar son an Phápa agus ansin siúl timpeall ar an séipéal beag cúig huaire déag agus 'Ár nAthair' agus 'Is é do Bheatha a Mhuire' a rá cúig huaire déag.

Bíonn nós mhaireacht uimhir a seacht i bhfeidhm arís sa tríú cuid den stáisiún seo nuair a chaithfear siúl timpeall ar Leaba Phádraig ag rá 'Ár nAthair', 'Is é do Bheatha a Mhuire' agus 'An Chré' seacht n-uaire. Is ag Reilig Mhuire atá an tríú stáisiún de chuid na hoilithreachta, áit a gcaithfear na paidreacha a rá seacht n-uaire arís agus tú ag siúl timpeall ar gach carn cloch atá ann. Sa deireadh, siúil timpeall ar an Reilig uile seacht n-uaire agus tú ag guí.



Is é easpa éadaí oiriúnacha ceann de na fadhbanna is mó a fheiceann Cumann Tarrthála Sléibhte Mhaigh Eo agus iad ag iarraidh a bheith cinnte gur féidir le gach duine an sliabh a dhreapadh go sábháilte. Tá dhá fhoireann déag ag Cumann Tarrthála Sléibhte na hÉireann. Is é turas bliantúil oilithreachta suas Cruach Phádraig an lá is gnóthaí do na foirne uile, lá a bhíonn na foirne uile faoi stiúir fhoireann Mhaigh Eo agus iad uile réidh chun dul i gcabhair ar éinne a bhfuil creabhair de dhíth orthu agus iad ag dreapadh suas nó anuas an sliabh. Beidh idir 130 agus 150 duine ó chumainn tharrthála na tíre seo agus ó chumainn i Sasana ar an sliabh ó mheán oíche amárach go dtí go déanach ar an Domhnach, chomh maith le foireann ó Chumann Tarrthála an PSNI den chéad uair riamh. Bíonn comhoibriú i gceist Domhnach na Cruaiche idir Cumann Tarrthála Mhaigh Eo, héileacaptar an Airm agus Ord Mhálta.

Glaoítear amach ar Chumann Tarrthála Mhaigh Eo timpeall 50 uair in aghaidh na bliana chun dul i gcabhair ar dhaoine ar Chruach Phádraig. Bíonn gortuithe éagsúla ar dhaoine,

daoine fásta agus daoine óga araon. Anuraidh, faraor, bhuail taom croí fear amháin agus é ar bharr an tsléibhe agus fuair sé bás. Chuaigh foireann Mhaigh Eo i gcabhair ar bhean a bhí 8 mí torrach chomh maith agus sa deireadh thiar thall bhí sí togha. Is ar chón an tsléibhe a tharlaíonn an chuid is mó de thimpistí agus anois tá Cumann Tarrthála Mhaigh Eo ag iarraidh go ndéanfar an píosa seo den sliabh a chothabháil chun baol timpistí a laghdú. Cé go n-ardaíodh an cheist seo cheana faoi chothabháil an tsléibhe bhí ceist ann maidir le cé a thógfadh an dualgas orthu féin.

Tá ceithre pháirtí leasmhara ar an sliabh: na feirmeoirí a bhfuil coimíneacht acu ar an sliabh, an Eaglais Chaitliceach, Comhlachas Forbartha Mhuraisc agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Deir Dick Harnedy, Oifigeach Caidrimh Phoiblí do Chumann Tarrthála Mhaigh Eo, "Tá neart samplaí le feiceáil ar shléibhte ar fud na tíre seo agus thar lear, Beinn Neibhis ar cheann de na samplaí is fearr."

Más ag smaoineamh ar Chruach Phádraig a dhreapadh i mbliana atá tú, tá roinnt leideanna ag Cumann Tarrthála Mhaigh Eo duit chun a chinntiú

**Sheol Crom Dubh a tharbh chuig Naomh Pádraig ag súil go maródh sé an naomh, ach ghéill an tarbh don naomh agus lig sé dó é a mharú agus é a ithe.**



go mbainfidh tú barr an tsléibhe amach agus go dtiocfaidh tú ar ais arís slán sábháilte - agus níos tábhachtaí ná gach rud eile go mbainfidh tú sult as an dreapadh.

- Bí ag súil lena bheith ar an sliabh ar feadh idir 3 agus 6 uair a chloig.
- Tabhair éadaí leat atá feiliúnach d'aimsir an gheimhridh. D'fhéadfadh an aimsir a bheith 10 gcéim Celsius níos fuaire ar bharr an tsléibhe ná ag an mbun.
- Caith bróga cearta - moltar duit buataisí a chaitheamh
- Tabhair do dhóthain bia agus dí leat - ní alcól atá i gceist anseo.
- Is féidir le maidí siúil a bheith úsáideach ach bí cúramach leo.
- Bí iontach cúramach ar do bhealach síos an sliabh. Tarlaíonn a lán timpistí ar an mbealach síos mar go mbíonn tuirse ar dhaoine ag an bpointe seo.
- Ná tosaigh ag rith ar do bhealach síos.
- Smaoinigh go cúramach sula dtógann tú páistí an bealach ar fad go dtí barr an tsléibhe. Má tharlaíonn sé go bhfuil an dreapadh iomarcach do na páistí, gabh síos arís.

# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

## Mearbhall na bhFón Póca

Caitheann Diarmuid Ó Muirgheasa súil ar an teicneolaíocht soghluaiste is nuálaí

### Le Diarmuid Ó Muirgheasa

Tá an-chuid cainte déanta sna meáin i gcoitinne maidir le gléasanna so-ghluaiste nua na laethanta seo, agus ní haon eisceacht é Gaelscéal. Tá sé ráite faoin gcolún seo gur minic nach mbíonn ann ach liosta des na gléasanna nua ó Microsoft, Apple agus cairde, ach an chúis atá leis seo ná an ghluaiseacht do-chreidte tapa i margadh a athraíonn ó sheachtain go seachtain agus ó mhí go mí i modhanna a thógann blianta in earnálacha eile. Mar shampla de seo, féach dul chun cinn Android, an córas oibriúcháin d'fhóin ó Google, agus na gléasanna a théann leis.

Ó eisíodh an bogearra ar dtús beagán os cionn bliana ó shin seoldadh cúig leagan éagsúla de, agus an séú ceann ag teacht go luath. Ó thaobh na bhfón féin de, i mí na Samhna seo caite b'é an Motorola Droid an fón Android is fearr a bhí ar fáil. I mí na Nollag, tháinig an Hero ó HTC, agus ní raibh ach cúpla seachtain eile caite nuair a tháinig feabhas eile, an Nexus One, eistithe faoi ainm Google ach arís deartha ag HTC. Bhí cúpla seachtain chiúin ina dhiaidh sin gur bhuail an HTC Incredible an margadh, ag baint na corónach de Nexus One, agus ní raibh ach cúpla seachtain eile caite nuair a d'athraigh an choróin lámha arís eile nuair a d'eisigh HTC an Evo. Agus anois, díreach le cúpla lá anuas, tá an choróin i ndiaidh bogadh arís, agus an Motorola Droid X mar churadh. Ar feadh tamailín, ar aon nós.

Agus é sin ar fad ar siúl ní raibh na comhlachtaí eile ag fanacht socar ach oiread. Tá suas le dosaen fón eistithe ag RIM (Blackberry) ó mhí na Samhna seo caite, agus cé go bhfuil sos beag á ghlaacadh ag Microsoft sula seolann siad Windows Mobile 7 ghlacadar fós an t-am chun dhá fhón nua, ar a nglaoonn siad an Kin 1 agus Kin 2, a sheoladh. Cé nár díoladh mórán aonad de cheachtar

Kin, agus cé nach bhfeicfear lasmuigh des na Stáit Aontaithe iad, tá cleas iontach cliste acu nach bhfuil ag aon fhón eile, agus is é sin go gcoimeádann siad cóip ar-líne de chuile rud ar an bhfón, idir phictiúirí, fhíseáin agus eile. Má chailleann tú an fón, níl le déanamh agat ach ceann nua a fháil agus logáil isteach sa chuntas Live agus beidh chuile rud ar ais mar a bhí. Tá leagan lag de seo ag an iPhone agus Android, ach bí ag súil le feabhas mór sa chúpla mí atá romhainn. Ní fada go mbeidh néalríomhaireacht mar chuid lárnach d'aon fhón a cheannaíonn tú, agus an cinneadh a dhéanann tú idir Google, Apple, Microsoft, Blackberry nó eile iontach tábhachtach ar fad mar gheall ar cé chomh deacair 's a bheidh sé bogadh ó dhéantóir go déantóir.

Ná dearmad ach oiread Nokia, fós an déantóir fóin is mó ar domhan agus beagnach dosaen fón eistithe acu san am céanna, ina measc sin an N900. Tá an N900 tábhachtach ós rud é gurb é an chéad fhón ó Nokia é a ritheann ar an gcóras oibriúcháin Maemo, agus ós rud é gur cosúil go mbeidh Maemo mar fhreagra Nokia ar Android agus iOS, freagra ar a bhfuil an margadh ag fanacht le fada. De réir na dtuairiscí tá sé rud beag garbh go fóill, ach is tús iontach suimíúil é le caibidil nua i stair Nokia, agus murab ionann agus mórán des na gléasanna thuasluaite tá sé ar fáil in Éirinn ó Vodafone nó O2.

Agus sin ar fad gan trácht ar Palm, Samsung, Sony-Ericsson agus an iliomad comhlachtaí eile atá i mbun dearadh agus eisiú amháil 's dá mbeadh duais ann don chomhlacht leis an gcatalóg is do-thuigthe.

An áit is mó suim sa mhargadh do dhaoine, áfach, ná Apple. Cé nach mbo-gann siad ag an luas céanna le comhlachtaí eile, is cosúil go rabhadar ag bogadh ró-thapa ar aon nós leis an iPhone nua. Muna bhfuil cloiste agat faoi, tá fadhb le haeróg an ghléis, agus Apple go dtí le déanaí á sheánadh go



**Má chailleann tú an fón, níl le déanamh agat ach ceann nua a fháil agus logáil isteach sa chuntas Live agus beidh chuile rud ar ais mar a bhí**

fióchmar. Má chuireann tú do lámh ar an gcuid mhí-cheart den fhón agus gan ach dhá nó trí bharr glacachta agat, cailleann tú do nasc leis an ngréasán, agus é seo de bharr cinneadh dearaidh a ghlac Apple go luath i ndearadh an ghléis nua.

Ar deireadh, beagnach mí i ndiaidh don ghléas bheith ar fáil, tá Apple i ndiaidh glacadh leis go bhfuil fadhb ann, agus cás saor in aisce nó aisíocaíocht a thairiscint d'éinne a cheannaigh an

gléas nua. Is cosúil go réitíonn an cás an fhadhb ós rud é nach gá ach teagmháil idir do lámh agus pointe ar leith ar an bhfón a sheachaint, ach deirtear go n-oibríonn píosa seilíteipe chomh maith céanna! Beidh le feiscint an bhfuil a ndóthain déanta acu le dílseacht a choimeád, nó an bhfuil dochar fadtéarmach déanta acu don bhranda.

*Eiseofar an iPhone i ndeisceart na tíre an 30 Iúil, ar fáil ar O2, Vodafone agus Three*

# Athbhreithniú ar Chlár Díolúine Cairtéil

Le Treasa Bhreathnach

D'IARR an tÚdarás Iomaíochta an tseachtain seo aighneachtaí ón bpobal maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gClár Díolúine Cairtéil. Is éard atá mar aidhm leis an gClár Díolúine Cairtéil ná spreagadh a thabhairt do bhaill de chairtéil faisnéis a thabhairt in aghaidh a gcairtéal féin agus díolúine a fháil ó ionchúiseamh.

Is iarracht iad na leasuithe seo de chuid an Údaráis Iomaíochta agus an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí an clár a dhéanamh níos follasaí agus níos mealltaí d'iarrthóirí ar dhíolúine.

Faoi na leasuithe atá beartaithe acu a dhéanamh tá sé i gceist go mbeadh níos mó cinnteachta ag daoine atá ag déanamh iarratais ar dhíolúine ó níos mó ná Ballstát amháin den Aontas Eorpach. Is féidir go dtiocfadh athrú ar an gceannaire a bhíonn ar chairtéal le linn tréimhse na mball sa chairtéal agus mar gheall air sin, tá sé i gceist leasú a dhéanamh ar an gclár le nach féidir le daoine a bhí ina gceannairí ar chairtéal iarratas a dhéanamh riamh ar dhíolúine. Tá roinnt leasuithe eile beartaithe don Chlár Díolúine Cairtéil. Más mian leat eolas a fháil ar na leasuithe uile téigh chuig [www.tca.ie](http://www.tca.ie)

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta agus an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí leis an gClár Díolúine Cairtéil in 2001. Is cion coiriúil é aon ghníomhaíocht chairtéil in

**"Múchann cairtéil an iomaíocht agus déanann siad damáiste do shaoirse eacnamaíochta agus tráchtála."**

Éirinn ó 1996 i leith. Ón mbliain 2006 ar aghaidh bhí 32 ciontú de bharr gníomhaíochtaí cairtéil ann agus gearradh fineálacha de

€600,000 beagnach ar choirpigh ón am sin i leith. Is éard atá i gceist le cairtéal ná comhaontú idir eagraíochtaí, a bhíonn i gcomórtas le chéile go hiondúil, chun praghsanna, margaíocht agus comórtas a dtionscail a choinneáil faoi smacht. Dúirt an Breitheamh McKechnie agus é ag tabhairt breithiúnais ar chás cúirte san Ard-Chúirt le déanaí, "Múchann cairtéil an iomaíocht agus déanann siad damáiste do shaoirse eacnamaíochta agus tráchtála." Tá an tÚdarás Iomaíochta, i gcomhpháirtíocht leis an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag iarraidh a chloisteáil ón bpobal an amhlaidh go n-aontaíonn siad leis na leasuithe

he atá beartaithe nó an bhfuil aon mholadh eile acu féin. Is é an spriocdháta ná an 3ú Meán Fómhair ag 5i.n. agus b'fhearr dá seolfaí na hiar-ratais ar ríomhphost chuig [immunityconsultation@tca.i](mailto:immunityconsultation@tca.i)

e. Is féidir aighneacht a sheoladh tríd an ghnáthphost chuig: Comhairliúchán ar an gClár Díolúine Cairtéil, An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

## €500,000 sa bhreis don chéad ionad traenála ola agus gáis in Éirinn

le Caitríona Ní Chadhain

OSCLAÍODH go hoifigiúil an chéad ionad traenála in Éirinn don tionscal ola agus gáis easchósta ar an Fhál Charrach i nDún na nGall. Tá infheistíocht bhreise de €500,000 beartaithe don chomhlacht Feidhm Mara Teo chun cúrsaí nua sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil dírithe ar an tionscal ola agus gáis.

Cruthóidh sé seo 12 phost nua ardoilte, rud a mhéadóidh líon na bhfostaithe go 25. "Is deashampla é Feidhm Mara Teo a léiríonn an dóigh gur féidir le comhlacht beag Éireannach atá lonnaithe faoin tuath a bheith chun cinn sa mhargadh domhanda," a dúirt an tAire Oideachais agus Scileanna, Máire Ní Chochlainn agus í ag

labhairt ag an oscailt oifigiúil. Soláthraíonn an comhlacht, a bhunaigh beirt deartháireacha as Leitir Ceanainn, sainchúrsaí a chomhlíonann na riachtanais éigeantacha d'iontrálaithe nua atá ag dul isteach sa tionscal ola agus gáis.

"Is údar misnigh é a fheiceáil go bhfuil oiliúint chreidiúnaithe faighte ag os cionn 400 duine cheana féin sa tamall gairid atá an comhlacht ag feidhmiú," a dúirt Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta a thug tacaíocht don togra. Tá trealamh oiliúna ardteicneolaíochta san ionad: ionsamhlóir héileacaptair, báid agus áit chomhraic dóiteáin inar féidir ionsamhlú a dhéanamh ar na coinníollacha ar rigí ola agus gáis amach ón chósta.

## Apple Leithscéalach faoi iPhone4

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Steve Jobs i ndiaidh leithscéal a ghabháil faoi na fadhbanna atá ag an iPhone nua, an iPhone 4. Deir sé go dtabharfaidh a chomhlacht, Apple, cásanna saor in aisce do gach duine a cheannaigh nó a cheannóidh iPhone suas go dtí deireadh Mí Mheán Fómhair ar a laghad. Tá go leor gearán déanta ag cus-taiméirí mar nach bhfuil na gutháin nua ag glacadh le glaonna i gceart. Ní féidir lámh a leagan ar chúinne clé an ghutháin gan cur isteach ar ghlaonna. Tá sé ráite ag Apple go n-aisíocfaidh siad einne gur mhaith leo a iPhone a thabhairt ar ais go dtí an comhlacht. Deir an tUasal Jobs go

bhfuil áibhéil á déanamh ar an bhfadhb seo agus go bhfuil formhór den 3 mhilliún cus-taiméir a cheannaigh iPhone le 22 lá anuas sásta. Maíonn sé go bhfuil fadhbanna den chineál seo ag go leor fón nua-aimseartha eile. "Is dúshlán é seo don tionscal ar fad," ar sé. Tá Apple le leagan bán den iPhone a chur amach ar an margadh freisin ach táthar ag súil go mbeidh moill air seo mar gheall ar na fadhbanna go léir. Tá Apple ag seoladh an iPad in Éirinn inniu. Is ríomhaire táibléid é seo ar a bhfuil an-tóir ar fad - tá trí mhilliún iPad díolta ar fud an domhain ó Mhí Aibreáin i leith. Beidh an leagan 16GB den iPad ar díol ar €499 agus an leagan 64GB ar díol ar €799.

## Folúntais

Glór na nGael Teo / [www.udar.ie](http://www.udar.ie)



### OIFIGEACH MARGAÍOCHTA

Tá Oifigeach Margaíochta á lorg, ar chonradh bliana, don siopa-ar-líne, [www.udar.ie](http://www.udar.ie).

Tuarastal : 24,000 in aghaidh na bliana

Féach [www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie) le haghaidh réimse samplach cúraimí, cáilíochtaí riachtanacha agus eolas breise.

Seol d'iarratas mar aon le C.V. roimh 5.00 i.n. 30/07/2010, chuig

An Ceannasáí  
Glór na nGael Teo  
Ráth Chairn  
Baile Átha Bui,  
Co. na Mí

Guthán : 046 - 9430974  
Ríomhphost : [lorcan@glornangael.ie](mailto:lorcan@glornangael.ie)

Tá an post seo páirt-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta

## Folúntais

### COMHAR

Urraithe ag

Foras na Gaeilge

Comhar Teo.

Tá Comhar – ceann de na teidil is so-aitheanta agus is mó cáil i saol na Gaeilge ó 1942 i leith – ag lorg duine cumasach chun dul i mbun cúraim pháirtaimseartha mar Bhainisteoir ar ghnó na hirise, díolaíocht agus cumarsáid san áireamh, ag plé leis na coláistí tríú leibhéal go háirithe.

Ní mór tuilleadh eolais faoin chúram a fháil ó [comhar.iris@gmail.com](mailto:comhar.iris@gmail.com)

Seoltar iarratas mar aon le C.V faoi 5.00 in, 12 Lúnasa 2010, chuig Cathaoirleach Comhar, 5 Rae Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 nó chuig [comhar.iris@gmail.com](mailto:comhar.iris@gmail.com)

## Folúntais



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

### Coláiste na hEolaíochta

**Ollamh Bunaithe/Pearsanta le Físic Fheidhmeach (Optaic Thurgnamhach nó Fótónaic Thurgnamhach)**

**Tuarastal:** €113,604 x 6 = €145,952 sa bhliain (Ollamh Bunaithe),  
€133,001 sa bhliain (Ollamh Pearsanta)  
**Spriocdháta:** 5.00 i.n., Dé hAoine, 8 Deireadh Fómhair 2010.

### Leabharlann Shéamais Uí Argadáin

**Cartlannaithe ar Conradh (go dtí an 31 Nollaig 2011) (2 Phost)**

**Tuarastal:** €39,846 x 7 = €49,303 sa bhliain. (Leabharlannaí Cúnta Grád 2),  
€47,197 x 5 = €56,511 sa bhliain (Leabharlannaí Cúnta Grád 1)  
**Spriocdháta:** 5.00 i.n., Dé hAoine, 30 Iúil 2010

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:**

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ó láithreán gréasáin Acmhainní Daonna: <http://www.nuigalway.ie/vacancies>  
An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh.  
T: 353 91 492151; R: [hr@nuigalway.ie](mailto:hr@nuigalway.ie)

### Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

**Léachtóir (Téarma Seasta) le hOtairinealaraingeolaíocht / Cláraitheoir le hOtairinealaraingeolaíocht**

**Tuarastal:** €62,059 - €81,431 sa bhliain  
**Spriocdháta:** Déardaoin, 5 Lúnasa 2010.

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:**

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun cur isteach ar an bpost Otairinealaraingeolaíochta seo, tabhair cuairt, le do thoil, ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie)

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



**publicjobs.ie**

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Public Appointments Service



[www.nuigalway.ie](http://www.nuigalway.ie)

# 6 COMHSHAOL

## Gugalaí Gug, mo chircín dubh!

Tosaíonn Conn Ó Muíneacháin a fheirme chirce féin

**M**á tá tú ag cuimhneamh ar shicíní a fháil, is í an chomhairle is fearr a d'fhéadfainn a thabhairt duit ná seo. Má tá páistí agat, ná habair leo é mura bhfuil tú sásta é a dhéanamh anois, díreach, gan mhoill! Murar tógadh le héanlaith tú, tá seans ann go bhfuil tú cosúil liom féin.

Is é sin le rá, go mbeadh spéis agat d'uibheacha féin a bheith agat, geonaíl shuaimhneach na gcearc a chloisteáil sa chúlghairdín, agus uaireanta, fiú, sicín breá rósta a ithe don dinnéar ó d'ál féin! Má tá tú cosúil liomsa, cuireann tu an aisling sin ar an méar fhada, agus bíonn tú sásta leis sin go dtí go ndeir do pháistí leat, "A Dhaid, cathain a gheobhaimid na sicíní?" Anois, ar nós go leor tuismitheoirí eile, tá orm beart a chur le briathar! Go fírinneach, tá sé an-éasca tabhairt faoi bhuachail-leacht sicíní sa lá tá inniu ann. Agus Ré an Tíogair ag trá in Éirinn, tá Ré an tSicín sa Chúlghairdín anois ann, agus tá go leor daoine ag cur spéise i saol níos traidisiúnta agus níos féinmharthanai. Níl rud ar bith níos faiseanta i láthair na huaire ná ál sicíní ar chúl an tí, is cuma an teach sin a bheith suite i lár na tuaithe nó i gcroí na cathrach. Ní mór a bhíonn ag teastáil chun sicíní a choimeád. Is leor méadar cearnach nó dhó de spás le haghaidh cró cearc a bheidh mór a dhóthain do thrí nó ceithre éan. Má tá cúpla méadar cearnach lena chois sin iata isteach ionas gur féidir leo rith thart, tá feirm bheag sicíní agat! Cúig bliana ó shin, is dóiche ná a mhalairt go mbíodh ort do chró féin a dhéanamh, ach tá siopaí peataí ar fud na tíre dá ndíol anois. Tosnaíonn na praghasanna thart ar €250, seachadadh agus tógáil san áireamh. Maidir leis na éanlaith féin, tá rogha leathan ann don té atá ag iarraidh sicíní a bheith aige mar chaitheamh aimsire. Tá breis agus 100 pór éagsúil ann, agus tréithe ar leith acu. Tá leithéidí na Cóisíní a bhfuil clúmh agus cleití taibhseacha acu agus a mbíonn tóir orthu mar pheataí agus mar éanlaith seó. Ach ní bhíonn siad chomh maith sin chun uibheacha a bhreith. Tá leithéidí Sussex agus Rhode Island Rua ann, póir thraidisiúnta fheirme atá go maith ag breith (agus go maith ar an mbord). Tá na héin seo go maith ag gor freisin. De ghnáth, ceannaítear cearca agus iad ar tí breith den chéad uair, nuair a bhíonn siad thart ar sé mhí d'aois. Cinnte is



féidir iad a cheannach agus iad níos óige, chomh luath agus a bhíonn clúmh iomlán orthu, ach ní fios ag an aois sin an fireann nó bainneann iad. Uaireanta is féidir socrú a dhéanamh le soláthróir go ndíolfaidh sé ál sicíní óga leat ar an gcoinníoll go nglacfaidh sé na coiligh ar ais uait nuair a bheidh a dtréithe léirithe acu. I gcás na bpór traidisiúnta, is féidir eireoga atá ar tí breith a cheannach ar thart ar €25 an ceann. Ach tá rogha níos saoire sa lá tá inniu ann ar a dtugtar na hibridí. Is póir iad seo a forbraíodh go speisialta ar mhaithe leis an ubhfheirmeoireacht thionsclaíoch. Níl siad chomh dathúil leis na cearca traidisiúnta ach tá siad ar fheabhas ar fad chun uibheacha a bhreith. Na hibridí is fearr, béarfaidh siad

**Níl rud ar bith níos faiseanta i láthair na huaire ná ál sicíní ar chúl an tí, is cuma an teach sin a bheith suite i lár na tuaithe nó i gcroí na cathrach.**

breis agus 350 ubh in aghaidh na bliana. Is féidir iad a cheannach ar thart ar €7. Tá locht eile ar na hibridí, is é sin nach maireann siad chomh fada céanna le cuid de na póir thraidisiúnta. Ach is iomaí bagairt eile atá ann ar bheatha agus ar shláinte éanlaith chlóis. Tá baol i gcónaí ann go scriosfar d'ál le galar éigin - gan trácht ar na sionnaigh. Mar a dúirt cara liom, "Go n-éirí leat agus do chuid sicíní. Croch suas fógra don sionnach!" Ní miste tagairt do na bantaim chomh maith. Gearrcearcar is ea iad seo, iad díreach cosúil leis an ngnáthchearc ach go bhfuil 1/4 den mheáchan acu. Bíonn na huibheacha níos lú chomh maith, ach beireann siad chomh minic céanna. Is rogha mhaith iad na bantaim don té a bhfuil

easpa spáis aige nó aici. Is féidir bia circe a cheannach a chomhlíonann a gcuid riachtanas go léir, agus íosfaidh siad fuíollach na cistine chomh maith. Ní mór a chinntiú go bhfuil greanchlocha nó gaineamh ar fáil sa ghairdín - slogann siad é chun cuidiú leis an díleá, ach mura bhfuil a leithéid i do ghairdín is féidir é a cheannach. Ní mór glanadh suas ina ndiaidh chomh maith. Is féidir crónna a cheannach a bhfuil tráidírí fúthu a chuidíonn le glanadh an chaca, agus freisin tá crónna ar féidir leat iad a bhogadh thart go dtí talamh nua i do ghairdín. Maidir liom féin, táim ag obair chun tigín beag ina mbíodh gineadóir leictreach tráth a dheisiú. Beidh roinnt Sussex Geal ar an bhfara ann go luath!



€10,000 i ngradaim do thógálaithe na tíre

**Le Treasa Bhreathnach**

SEOLADH comórtas nua gradam an tseachtain seo ina bhfuil €10,000 le buachan ag lucht tógála na tíre. Iar-tar ar thógálaithe proifisiúnta, idir ailtirí, forbróirí agus innealtóirí, cur isteach ar Isover Energy Efficiency Awards a thugann aitheantas d’fhoirgnimh nua agus athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh. Beidh buaiteoir an ghradaim mar ionadaí na hÉireann ag searmanas Eorpach i Maidrid i mí Bhealtaine 2011.

Dúirt Kieran Holohan ó ISOVER Ireland, “Tá na gradaim seo ag díriú ar dhá mhórchéist - cosaint don tim-

peallacht agus forbairt ar chaighdeán agus ar chompord na bhfoirgneamh ina gcónaímid agus ina n-oibrímid gach lá.”

peallacht agus forbairt ar chaighdeán agus ar chompord na bhfoirgneamh ina gcónaímid agus ina n-oibrímid gach lá.” Tá sé i gceist go ndéanfaidh na gradaim seo ceiliúradh ar thíosacht fuinnimh i dtograí cónaithe agus neamhchónaithe ar fud na tíre. Tá rialúchán nua tógála i bhfeidhm in Éirinn agus athrú meoin tagtha ar mhuintir na tíre le blianta beaga anuas. Dá bhar seo tá níos mó daoine ná riamh cheana ag athchóiriú a gcuid tithe. Caithefear cur isteach ar an gcomórtas seo roimh 8 Deireadh Fómhair 2010 agus tograí atá ar an bhfód le níos lú ná 5 bliana amháin atá ceadaithe.

# Srónbheannach maraithe ag póitseálaithe



Le Treasa Bhreathnach

TÁ níos mó srónbheannach á marú ag póitseálaithe na hAfraice Theas ná riamh cheana a deir oifigigh fhiadhúlra na hAfraice. An tseachtain seo mharaigh póitseálaithe an srónbheannach baineann deireanach san ana-clann dúlra Krugersdorp.

D’úsáid siad gunnaí suaimhneasáin (tranquilisers) agus héileacaptar chun an t-ainmhí a ghabháil. Ghearr siad a hadharc di le sábh slabhrach agus d’fhág siad an srónbheannach ann chun bás a fháil. Thóg sé naoi n-uaire an chloig ar oifigigh a lao a ghabháil chun go bhféadfaí é a thabhairt slán. Maraíodh 129 srónbheannach dá n-adharca anuraidh san Afraic Theas, ach go dtí seo i mbliana tá 136 acu maraithe cheana féin. Tá saineolaithe fiadhúlra ag iarraidh go dtógfar céimeanna éigeandála mar iarracht chun dul i ngleic le póitseálaithe na tíre. Tá tóir ar adharca na srónbheannach san Áise do leigheas traidisiúnta agus is féidir le póitseálaithe níos mó ná milliún Euro a fháil ar adharca srónbheannach. Measann caomhnóirí nach bhfuil ach 18,000 srónbheannach dubh agus bán fágtha sa tír.

# Fodhlíthe Uiscebhealaí Éireann

Le Treasa Bhreathnach

TÁ tús curtha ag an eagrais Uiscebhealaí Éireann leis an gcéad chéim i bpróiseas comhairliúcháin maidir leis na fodhlíthe a bhaineann leis an seacht gcinn d’uiscebhealaí atá faoina chúram. Is éard atá i gceist leis na fodhlíthe seo ná bainistíocht na n-uiscebhealaí a shoiléiriú agus na dualgais a bhíonn ar dhaoine a bhaineann úsáid astu a shoiléiriú,

bíodh caitheamh aimsire nó cúrsaí tráchtála i gceist.

Tá an chéad chéim den phróiseas comhairliúcháin dírithe ar scairshealbhóirí, ar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhaineann leas as na huiscebhealaí agus ar eagraíochtaí a bhféadfadh na fodhlíthe dul i bhfeidhm ar a gcearta reachtúla.

Beidh deis ag na scairshealbhóirí tréimhse 12 seachtaine a chaitheamh

ag staidéar na bhfodhlíthe agus iarrtar orthu an scéal a phlé go himhneánach le lucht a réimse féin sula dtagann siad ar ais chuig Uiscebhealaí Éireann le freagra aonarach.

Mar gheall ar dhifriochtaí reachtaíochta i dTuaisceart Éireann beidh fodhlíthe nua d’uiscebhealaí an Tuaiscirt á dtabhairt isteach am éigin eile.

Is é 15ú Deireadh Fómhair an spriodhata don chéad chéim den

phróiseas comhairliúcháin ar na fodhlíthe. Ní thosófar ar an dara céim go dtí go mbeidh anailís, athbhreithniú agus staidéar déanta ar an gcéad chéim.

Is próiseas comhairliúcháin phoiblí atá i gceist don dara céim den phróiseas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an bpróiseas seo seol ríomhphost chuig:

byelaw.consultation@waterwaysireland.org.

# €8m le caitheamh ar Shliabh a’ Liag

Le Seán Ó Curraighín

TÁ deontas de bheagnach €2 mhilliún ceadaithe ag Fáilte Éireann d’fhorbairt áiseanna turasóireachta bheanna Shliabh a’ Liag i nDún na nGall. Deir an Tánaiste, Máire Ní Chochláin, gur dul chun cinn iontach atá sa mhaoiniú do thurasóireacht sa chontae.

Beidh 50% den mhaoiniú á chaitheamh ar infreastruchtúr áitiúil faoi scáth na Chomhairle Contae agus 50% a chaitheamh ar an sliabh trí thairiscint oscailte.

Tá cuma ar an scéal gur tús for-

bairt mhór turasóireachta atá ann don cheantar Gaeltachta. Ag labhairt le Gaelscéal, dúirt an Comhairleoir Contae Breandán Ó Beirn go bhfuil sé muiníneach go mbeidh deontas €1.4 milliún i ndán don sliabh trí thionscnamh trasteorann i gceann dhá mhí.

De réir obair chúnta atá ar siúl ag Comhairle Chontae Dhún na nGall tabharfaidh 160,000 duine cuairt ar Shliabh a’ Liag i mbliana, méadú 33% ar anuraidh.

I gceann trí bliana táthar ag súil go mbeidh 250,000 duine ag tabhairt cuairte ar na haillte ar bhonn

bliantúil nuair a bheidh an fhorbairt críochnaithe.

Rinneadh an t-iarratas don mhaoiniú trí chomhpháirtíocht atá ar bun idir Comhairle Chontae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta agus grúpaí áitiúla.

Deir Paddy Clark, seandálaí áitiúil agus úinéir ionad cultúrtha Tí-Línn, go bhfuil súil aige go gcuirfidh “an deontas le rochtain chun an tsléibhe agus go gcríochnófar an cosán siúlóide. Tá stair sheandálaíochta ag baint leis an chúlchríoch a théann siar 5,000 bliain.”

Is ábhar imní i measc cuid den

phobal áitiúil go mbeidh barraíocht tráchtálaíochta ar na haillte. Dúirt an Comhairleoir Contae Breandán Ó Beirn gurb í príomhspríoc an tionscadail nach mbeidh truailliú á dhéanamh ar an chomhshaol áitiúil.” Beidh maor sléibhe á fhosú amach anseo chun turasóirí a stiúradh,” arsa an comhairleoir.

Cuirfear tús leis an fhorbairt i mí Dheireadh Fómhair ionas nach gcuirfear isteach ar an séasúr turasóireachta. Tá teorainn ama 18 mí i bhfeidhm chun an deontas a chaitheamh.

De réir figiúir atá ar fáil ó na hiar-

ratais a cuireadh chun cinn, táthar ag súil go mbeidh idir €7-€8 milliún caite ar Shliabh a’ Liag faoi 2013 faoin am a thiocfaidh an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 chun críche.

Bunófar eagraíocht neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt Shliabh a’ Liag. Beidh ionadaí ó Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus grúpaí pobail ar an choiste seo. “Cuirfear tús le bunú an choiste le linn an Gheimhridh,” arsa an comhairleoir Ó Beirn.

# 7 BEATHA

## An Buachail sa Bhaile

Fréamhacha Éireannacha ag Badly Drawn Boy


Bhí Damon Gough, nó Badly Drawn Boy mar is fearr aithne air, ag casadh ceoil i nGaillimh an deireadh seachtaine seo caite mar chuid d'Fhéile Ealaíon na Gaillimhe. Labhair **MEADHBH NÍ EADHRA** leis an gceoltóir iomráiteach seo a bhain duais Mercury agus a scríobh an ceol don scannán 'About a Boy' i measc go leor eile.

**D**en chéad uair riamh, bhí ceolchoirm ag Badly Drawn Boy i nGaillimh Dé Sathairn seo caite, agus de réir dealraimh, bhí áthas an domhain ar an gceoltóir iomráiteach seo cósta an iarthair a shroicheadh.

"Is as Éirinn dom go teicniúil," ar sé. "Tá an ceathrú cuid díom Éireannach, mar gurb as Ros Comáin do mo sheantuismitheoirí. Bhí brionglóid agam i gcónaí tiomáint trasna na hÉireann i veain cham-pála leis na páistí agus dul go Gaillimh agus ar ais."

Tá mac agus iníon aige, an bheirt acu faoi dheich mbliana d'aois.

"Faoi láthair, tá siad an-mheasúil, agus tá siad airdeallach faoin rud a bhíonn ar siúl agam. Ceapann siad go bhfuil mé maith go leor. Bhí siad thuas ar stáitse liom cúpla uair. Tá mé ag fanacht go dtí go mbíonn siad ina ndéagóirí agus ansin déarfadh siad nach bhfuil maitheas ar bith ionam! Is dócha go mbeidh mé i mo



Badly Drawn Boy i mbun cheoil De Sathairn.



Bhuail Sharon Ní Bheoláin le Badly Drawn Boy agus é i nGaillimh dá cheolchoirm ag an deireadh seachtaine. PICS: COLM HOGAN.

leveller faoin am sin!"

D'fhás Damon aníos in Bolton, baile atá suite 20 míle ó Mhanchain i Sasana, ach tá cónaí air i Manchain le cúig bliana déag anuas.

"Tá sé deacair a bheith ag casadh i Manchain, uaireanta. Nuair a bhíonn aithne ag daoine ort agus nuair a bhíonn siad ar an eolas faoi do chuid ceoil, éiríonn siad cineál fuarchúiseach, agus b'fhéidir nach ndéanann siad iarracht dul agus tú a fheiceáil." Ag caint faoina chuid amhrán, deir Damon go mbíonn an ghráin aige orthu go léir uaireanta, ach ansin go dtaitníonn siad go léir leis arís.

**"Sílím go dtagaim trasna mar dhuine deas, báúil, ach i ndáiríre is beagán de asshole mé!"**

"An t-amhrán is fear liom féin, sílim, ná 'What's Around the Block'. Tá sé ar mo chéad albam. Casaim an t-amhrán sin ag ceolchoirmeacha i gcónaí. Taitníonn sé leis an slua, agus liomsa, agus motháíonn sé go maith i gcónaí é a sheinm."

Scríobhann sé formhór dá chuid amhrán i rith na hoíche, le gloine fiona, agus é ar a sháimhín só. É sin, nó go luath ar maidin, nuair a éiríonn sé chun a pháistí a chur chun na scoile.

"Tá uair an bhreacsholais ann, nuair nach mbíonn tú ag smaoineamh go róshoiléir, ach tagann smaoineamh a bhíonn agat ar lá ar leith sainiúil don lá sin, agus mura dtapaíonn tú an smaoineamh sin, caillfear é."

Deir Damon go mbíonn sé ag taifeadadh rudaí ar téipthaifeadán.

"Bíonn go leor raiméise á taifeadadh agam ach ansin, go tobann, tagann smaoineamh suimiúil chugam," ar sé.

Ba bhreá le Damon gearscéal nó úrscéal a scríobh, ach ní dóigh leis go bhfuil an cumas aige.

"Sílím gur mhaith le gach duine go mbeidís in ann leabhar a scríobh," ar sé. "Labhair mé leis an údar Nick Hornby nuair a chum mé an ceol don scannán About a Boy. Dúirt mé leis gur bhreá liom úrscéal a scríobh. Dúirt Nick liomsa go raibh brionglóid aige amhrán 3 nóiméad a scríobh, ach nach bhféadfadh sé. Ceapaim féin go bhfuil sé an-éasca amhrán a scríobh." Maidir lena mhodh scríbh-neoireachta, scríobhann sé an fonn ar dtús i gcónaí.

"Tagann na focail amach as cruth an cheoil," ar sé.

Filleann Damon ar cheol The Smiths agus Bruce Springsteen i gcónaí, agus tá an-mheas aige orthu.

"Níl a fhios agam conas a scríobh Bruce píosa chomh mór le Born to Run gan é ach 25 bliain d'aois!" ar sé.

An dtugann amhráin Damon léargas dúinn air féin mar dhuine?

"Is dócha go bhféadfá go leor a fhogh-

laim fúmsa trí mo chuid ceoil, ach bréag a bheadh i go leor de freisin. Sílim go dtagaim trasna mar dhuine deas, báúil, ach i ndáiríre is beagán de asshole mé!" ar sé ag gáire. Ní raibh sé i gceist ag Damon riamh a bheith ina cheoltóir.

"Botún mór a bhí ann," ar sé. "Bhí mé ag déanamh iarrachta a bheith mar innealtóir fuaimne i stiúideo taifeadta agus lá amháin phioc mé suas cúpla uirlis mar go raibh leadrán orm. Tharla sé trí thimpiste. Fuair mé amach go raibh mé in ann scríobh le ceol."

Cad as ar tháinig an t-ainm Badly Drawn Boy?

"Bhí mé féin agus cara liom ag caint agus ag ól cúpla gloine beorach. Bhí mo chara ag breathnú ar chartún ar an teilifís agus bhí carachtar breaccha ann, cosúil le scribble. Tarraingíodh go dona ar fad é, agus is uaidh sin a tháinig m'ainm! Is fuath liom é, ach caithfidh mé é a choinneáil. Bhí sé go maith dom go dtí seo, agus is duine dílis mé."

Is There Nothing We Could Do is ainm don albam is deireanaí a d'eisigh Damon, agus beidh trí albam eile, atá mar chuid de thriológ darb ainm It's What I'm Thinking, á n-eisiúint amach anseo.

Photographing snowflakes is ainm don chéad albam sa triológ, a bheidh ar fáil i mí Dheireadh Fómhair.

"Tagairt atá ansin don rud a dhéanaim agus mé ag scríobh amhráin. Bíonn greim á fháil agam ar nóiméad ar leith sa saol," a deir Damon.

Cé go bhfuil an oiread sin taithí aige ar cheolchoirmeacha agus ar a bheith ag casadh os comhair na sluaite, bíonn sé neirbhíseach i gcónaí, seachas má bhíonn gach rud iomlán foirfe!

Tá sé d'aidhm ag Damon dlúthdhiosca le go leor seanamhráin dá chuid nár eisíodh riamh a chur ar fáil amach anseo, ach deir sé go bhfuil sé i gcónaí ag breathnú chun tosaigh. Beidh sé ag dul ar chamchuairt timpeall na Breataine san fhómhar agus beidh sé ag casadh in Éirinn arís mar chuid de sin.

EcoGalway.com

Tá sí go hiomlán nádúrtha . . .  
Lámhdhéanta ar an gcaighdeán is airde

Táirgí  
Aloe  
Vera

Handmade and 100% natural



# NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



## An bhfuil eagla ort?



Tagann an coirscéalaí Ian Rankin go Gaillimh

Le Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ slua mór i láthair in Óstán an Radisson i gceartlár na Gaillimhe oíche Dé Máirt, agus iad ag éisteacht le caint an scríbhneora cháiliúil Ian Rankin. Tá clú agus cáil bainte amach ag an scríbhneoir Albanach seo as a chuid coirscéalta agus baineann léitheoirí ar fud an domhain sult as na leabhair a scríobhann sé agus na scéalta a insíonn sé. Tá Dún Éideann lár-nach ina chuid scéalta agus tá cosúlachtaí ann idir an bealach a léiríonn James Joyce cathair Bhaile Átha Cliath sa leabhar Ulysses, agus an bealach a léiríonn Ian cathair Dhún Éideann ina chuid leabhar. Cruthaítear mapa den chathair tríd na leabhair agus cuirtear an-bhéim ar áit. Tá Dún Éideann ar nós carachtair sna scéalta.

Ba é seo an chéad uair do Ian teacht go Gaillimh, agus tugadh cuireadh dó mar chuid d’Fhéile Ealaíon na Gaillimhe. Cé go raibh sé le teacht chun na cathrach mar chuid d’Fhéile Idirnáisiúnta Cúirt i Mí Aibreáin, cuireadh bac air de bharr an luathreamháin bhol-cánaigh. Bhí go leor ban sa lucht féachana, agus meascán

maith d’aoisghrúpaí, ach go leor acu níos sine ná Ian féin, rud a bhí suimiúil.

Is duine greannmhar, macánta agus cliste é Ian Rankin de réir cosúlachta, duine atá iontach bródúil as seánra na gcoirscéalta agus duine a bhí i gcónaí ag iarraidh ficsean a scríobh.

Is scéalaí é gan aon amhras agus fad is a bhí sé ag caint, bhí an lucht féachana ag gáire go minic agus iad ag baint suilt as carachtar an scríbhneora chlúitigh seo. Labhair sé go gasta ach go soiléir agus ba léir go raibh neart le rá aige agus neart le plé. Shíl mé gur chuir Philip King, a chuir faoi agallamh é, an iomarca béime ar an spéis atá ag Ian sa cheol, go háirithe mar nár mhair an t-agallamh ach uair an chloig. Chomh maith leis sin, bhí díomá ar dhaoine mar nár léigh Ian óna chuid saothar, cé gur fógraíodh go ndéanfadh sé amhlaidh.

Tá cúirt ann anois a ainmníodh as Ian Rankin, agus deir sé gur chóir dó a bheith ann, is dócha, mar gheall ar na “coireanna in aghaidh na litríochta” atá déanta aige. Lean gáire ón lucht éisteachta é sin, ach d’ardaigh sé ceist faoin luach a

bhaineann le coirscéalta, agus faoin dearcadh atá ag daoine ina leith. Tá go leor ann, a deir Ian, nach bhfuil báúil do na coirscéalta agus nach gceapann gur “litríocht cheart” atá sna leabhair a scríobhann sé.

“Cathain a bheidh leabhar ceart á scríobh agat, a Ian?” a d’fiafraigh duine éigin de cheana, agus iad lándáiríre. Ní gá a rá go raibh Ian iontach fear-gach faoi sin. Tá go leor béime ar áit agus ar reacaireacht láidir thraidisiúnta i gcoirscéalta, ar sé, rud a thaitníonn leis. Tá a ngrúpa féin ag na scríbhneoirí coirscéalta, agus bíonn a gcruinnithe féin acu. Tá lucht léitheoireachta agus lucht leanúna mór acu freisin, a deir Ian, ag gáire, rud nach mbíonn ag go leor údar a scríobhann litríocht “cheart”!

Mothaíonn Ian go mbíonn “rud éigin amuigh ansin i gcónaí a mbíonn eagla ar dhaoine roimhe”. Tá gné dorchacha ag baint lena chuid scríbhneoireachta, agus dar leis tá litríocht na hAlban dorchacha go maith. Rinne sé tagairt do leabhair ar nós The Strange Case of Dr Jekyll and Mr Hyde cúpla uair i rith na hoíche.

Tá scríbhneoir ar nós “voyeur proifisiúnta”, arsa Ian, agus

fiosraíonn siad saol daoine chun scéalta a aimsiú.

“Caithfidh muid na rudaí móra a léiriú trí na rudaí beaga,” ar sé, ag caint faoin scríbhneoireacht. Nuair a iarrann Philip King soiléiriú air maidir leis seo, deir sé gur cheart do scríbhneoir rud a thaispeáint don léitheoir ar bhealach caolchúiseach in ionad é a rá amach díreach.

Ní oibríonn scéalta Ian amach mar a bhíonn sé ag súil, i gcónaí. Mar shampla, bhí sé ar intinn aige go mbeadh carachtar ar leith lárnach i scéal a bhí á scríobh aige, ach maraíodh an duine sin ar leathanach 50.

“Agus ansin bhí corp eile ar mo lámha agam!” ar sé.

Is breá le Ian a bheith ag scríobh, mar “nuair a bhíonn tú ag scríobh is féidir le rudaí titim amach mar a theastaíonn uait.”

“Ní tharlaíonn sin san fhíor shaol,” ar sé.

An bhfuil sé tógtha leis an taobh dorchacha den saol?

“Caithfidh tú a bheith má bhíonn tú ag scríobh leabhar mar seo,” ar sé. “Tá sé ar nós rollercoaster, ach is féidir leat imeacht uaidh am ar bith gur

**Tá scríbhneoir ar nós “voyeur proifisiúnta” agus fiosraíonn siad saol daoine chun scéalta a aimsiú**

mian leat!”

Labhraíonn sé faoi Rebus, an príomhcharachtar i gceann de na sraitheanna leabhair atá foilsithe aige, ar nós gur fiordhuine é.

“Maireann sé san fhíor-am,” ar sé. “Éiríonn sé níos sine de réir mar a bhíonn na leabhair á scríobh agam. Mar sin, nuair a shroich sé 58 bliain d’aois, agus

nuair a dúradh liom go mbeadh air éirí as a phost sna péas agus é 60 bliain d’aois, bhí díomá an domhain orm. Ní raibh ach dhá leabhar fágtha go dtí go mbeadh deireadh le saol Rebus mar phóilín!”


Ní bhíonn pleananna fada ná go leor oibre déanta ag Ian sula dtosaíonn sé ag scríobh.

“Cumaim mo chuid scéalta fad is a bhím ag scríobh,” ar sé.

Mar sin, téann sé ar thuras anaithnid lena chuid scríbhneoireachta. Tá Ian ar bhliain shaor faoi láthair agus cé go bhfuil sé ag baint suilt as rudaí nua a thriail agus as an tsaoirse atá aige, tá sé ag súil le tús a chur le húrscéal nua i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna.

Beidh an scríbhneoir Albanach seo ag scríobh leis go ceann tamall maith eile de réir dealraimh. Tá an leabhar is deireanaí uaidh, The Complaints, ar díol anois, agus an-tóir ar fad air go dtí seo.

## Úrscéalta Grafacha ó Chló Mhaigh Eo



CLÓ MHAIGH EO

www.leabhar.com

094 9371744

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Tionól Domhanda Raidió Pobail san Airgintín

Le Treasa Bhreathnach

TÁ Craol, an eagraíocht tacaíochta agus ionadaíochta do raidió pobail in Éirinn, ag tacú le craoltóirí pobail atá ag iarraidh an deis a thapú dul chuig an Tionól Domhanda do chraoltóirí Raidió Pobail. Is in Buenos Aires san Airgintín a bheidh an tionól ar siúl ón 8 go dtí an 13 Samhain. Beidh níos mó ná 400 craoltóir pobail as breis agus 110 tír ag glacadh páirte ann. Is é seo an chéad uair a bheidh an tionól ar siúl i Meiriceá Theas, an áit ar thosaigh an ghluaiseacht raidió pobail an chéad lá riamh. Cuireadh tús leis an tionól i 1983 nuair a chas grúpa craoltóirí raidió pobail le chéile i Montréal, Ceanada. Ag an gcrúinniú sin rinne siad cinneadh casadh le chéile gach bliain chun forbairt raidió pobail go domhanda a phlé. I láthair na huaire tá os cionn 3,000 ball ann. Tá Craol ag iarraidh ar chraoltóirí nó ar léiritheoirí raidió pobail ar mian leo dul chuig an tionól iarratas a chur chucu sna seachtainí beaga amach romhainn ar mhaoiniú i leith na gcostas a bhaineann le freastal ar an ócáid san Airgintín.

‘Buillí’ - sraith nua ceoil ar Nuacht 24

Le Treasa Bhreathnach

TÁ Nuacht 24 ag cur leis an tseirbhís ar líne le sraith nua ceoil, Buillí. Is í Méabh Ní Thuathaláin láithreoir na sraithe agus beidh sí ag cur ceoltóirí agus bannaí ceoil faoi agallamh. Tá Alalé, Casadh, Caoimhín Mac Giolla Catháin agus Chrissy McCullagh i measc na gceoltóirí a bheidh le cloisteáil le linn na sraithe. Dar le Méabh, cuireann an tseirbhís úr seo, Buillí, le tarraingteacht Nuacht 24 agus deir sí go bhfuil sí cinnte go mbainfidh an lucht féachana sult mór as. Beidh eagrán nua de Buillí ar fáil ar shuíomh Nuacht 24 gach Aoine i rith an tsamhraidh. [www.nuacht24.com](http://www.nuacht24.com)

Féach ar:

**TG4:** ‘Turas i mBaol: An tSibéir - An Bealach Ó Thuaidh’. Seo sraith clár ina léirítear an turas is ársa ar domhan. Taistealaíonn Dermot Somers ar fud thuaisceart na Sibéire in éineacht le teaghlach fáin i gcarr sleamhnáin atá á tharraingt ag fianna rua. Dé Domhnaigh ar 8.30i.n.

**RTÉ:** ‘Skippers’, Sraith nua ag tosú ar an Domhnach ar 8.30i.n. a bhreathnaíonn ar scipéirí bháid iascaireachta na tíre. Sa chéad chlár den tsraith díreítear ar bheirt iarthógálaithe atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh agus iad ag iascaireacht. **BBC Alba:** ‘Cló Mór’. Déantar bréidín na Hearaidh in Inse Gall agus sa chlár seo



déantar cur síos ar an scéal atá mar chúla ag tionscal an bhréidín. Beidh an clár seo le feiceáil an Déardaoin seo chugainn ar 9i.n.



Tá Gráinne Seoige chun bogadh go ITV le bheith mar chuid den foireann eagarthóireacht ar an clár 'Daybreak'. Ní chiallaíonn sé seo nach mbeidh sí le feiceáil ar RTÉ arís, tá sé i gceist aici tais-tíl idir London agus Baile Átha Cliath agus roinnt obair a dhéanamh do RTÉ go fóill, mar shampla 'The All Ireland Talent Show' agus 'Up for the Match'.



Éist leis:



**RTÉ Raidió na Gaeltachta:** ‘An Saol ó Dheas’. Craolfar an clár seo beo ó Thigh Tábhairne Pháidí Uí Shé i gCiarraí mar chuid den chomóradh ceathrú céid a bheidh ar bun ann. Is í Helen Ní Shé a bheidh sa chathaoir agus is iad Páidí Ó Sé agus Séamus Ó

Beaglaíoch a bheidh mar bheirt de na haíonna a bheidh ar an gclár. Inniu ar 12.08i.n. **Newstalk:** ‘Splanc’. Is clár seachtainiúil é seo ina phléitear gach rud - ceol, cúrsaí reatha, sport, imeachtaí sna contaetha ar fad ina measc. Is é Ronán Ó Muirthile a

chuireann an clár i láthair. Anocht ar 9i.n. **Tipp FM:** ‘Cairt Bheo’. Clár curtha i láthair ag Trystan Russell ina nascann sé a chion ar an gceol lena chion ar an nGaeilge. Bíonn an clár seo le cloisteáil gach maidin Dé Sathairn ó 8i.n go dtí 10i.n.

Do Ghuth

Le Treasa Bhreathnach

TÁ tús curtha ag Galway Bay FM le clár nua seachtainiúil Gaeilge darb ainm ‘Do Ghuth’. Is í Eibhlín Ní Chlochartaigh-Bairéad láithreoir na sraithe a dhíreoidh ar phobal na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe. Is iar-oibrí í Eibhlín le Conradh na Gaeilge i nGaillimh agus is é an Conradh a bheidh ag léiriú na sraithe. Beidh agallaimh, ceol, scéalta agus eolas ar imeachtaí Gaelacha na cathrach le cloisteáil ar an gclár. Ní hé seo an chéad uair d'Eibhlín a bheith le cloisteáil ar Galway Bay FM. Bhíodh an-tóir ar an gclár a bhíodh á chur i láthair aici roinnt blianta ó shin, ‘Blúiríní Eolais’. Beidh deis agaibh ‘Do Ghuth’ a chloisteáil gach Máirt ar Galway Bay FM ó 8i.n. go dtí 10i.n.

# Ceoltóir na Seachtaine

## Labhraíonn Caitríona Ní Chadhain le Damien Dempsey

**Céard atá ar siúl agat faoi láthair?**

Tá mé díreach tagtha abhaile ó Londain, bhí mé ag déanamh gig agus taifeadadh ann. Tá mé sa bhaile anois don samhradh.

**Tá tú ag obair ar albam nua, cén chaoi a bhfuil ag éirí leis?**  
Beidh sé tamall eile fós. Tógann sé píosa orm, scríobhfainn 10 n-amhrán sula mbeadh ceann maith agam.

**Cén sórt stíle a bheidh leis an albam?**

Tá mé triail é a dhéanamh níos bríomhaire ná albaim a bhí agam cheana, ach níl mé cinnte fós an bhfeileann sé sin dom. Tá ábhar níos dorcha dearfaí ann, má dhéanann sé sin ciall!

**Cá has a dtagann inspioráid?**

Óna bheith ag léamh agus ag labhairt le daoine don chuid is mó. Bhí mé ag léamh aréir faoin chéad Ghorta Mór in Éirinn; ‘bliain an tsléachta’ a tugadh air.



Ní chloiseann tú mórán faoi, ach bhásaigh leathmhilliún duine, i dtír nach raibh inti ach dhá mhilliún ag an am. Sin duine i ngach ceathrar. Tá mé ag smaoineamh ar rud éigin a scríobh mar gheall air sin.

**Cén sórt próiseas scríbh-neoireachta a bhíonn agat?**

Athraíonn sé, fonn ar dtús go leor den am. Tá neart leabhar nótaí agam, tagann smaointe chugam agus mé ag siúl na sráide nó ag léamh nuachtáin. Breacaim síos i gcónaí iad.

**Cén uair a bhí a fhios agat gur mhaith leat a bheith i do cheoltóir?**

Thosaigh mé ag seinm ceoil nuair a bhí mé 12 bhliain d’aois. Nuair a thosaigh mé bhí a fhios

agam gur sin a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Bhí sé go hiontach fócas a bheith agam. Feiceann tú roinnt gasúr agus níl a fhios acu céard le déanamh leo féin. Níl aon aidhm acu. Bhí an t-ádh orm ar an gcaoi sin.

**Cé hiad na ceoltóirí a raibh tionchar mór acu ort?**

Na laochra giotáir i dtús báire, Jimi Hendrix agus Thin Lizzy. Thaitin Christy Moore, Planxty agus na Dubliners i gcónaí liom. Ansin tá Sinéad O’Connor, na Pogues, Bob Marley.

**Agus tá aithne agat ar roinnt acu sin anois, nach bhfuil?**

Tá, bhí Sinéad ag taifeadadh san áit chéanna a raibh mé ag déanamh an albaim. Rinne sí

leagan de m’amhrán ‘Factories, Train and Houses’. Tá sé go hálainn, cur chuige difriúil, an bhfuil a fhios agat.

**Sheinn tú in Inis Oírr anuraidh agus beidh tú ann arís i mbliana, an bhfuil tú ag súil leis?**

Tá, bhí sé iontach an uair dheireannach. Bhí na daoine an-deas. Rinne siad iarracht neart Gaeilge a mhúineadh dúinn. Tá trá dheas ann le haghaidh snámha freisin.

**Cén áit is fearr leat seó a dhéanamh?** Aon áit a bhfuil an slua bríomhar agus ag canadh amach. Is maith liom nuair a bhíonn ‘buzz’ maith timpeall na háite.

## Rodrigo y Gabriela ag Féile Ealaíon na Gaillimhe

**Le Caitríona Ní Chadhain**

BHÍ an bháisteach ag síleadh go flaithiúil ar an Mháirt, agus na sluaite ag déanamh a mbealaigh trí na locháin uisce go dtí an Big Top. Agus na tinte á bhfadú timpeall na cathrach, bhí splanc eile á lasadh ar an stáitse mór. Léiríonn Rodrigo y Gabriela fíor-chumas an ghiotáir.



Cruthaíonn siad fuaimeanna nach dtagann ó sé shreang go héasca. Leo féin tá siad ar fheabhas, le chéile tá siad dochreidte. Tá an t-albam nua 11:11 in ómós do na ceoltóirí a d’imir tionchar ar a gceol. Chloisfeá rian de Metallica agus Led Zeppelin ag sleamhnú isteach agus ag meascadh go héasca le stíl na beirte Meicsiceach. Cuireadh fáilte mhór roimh an bheirt, a thosaigh amach ag seinm ar Shráid Grafton, agus atá anois ag casadh ar stáitsí timpeall na cruinne.

Ní féidir dearmad a dhéanamh ar Wallis Bird ach an oiread, a bhí mar thaca acu. Bhí paisean dá ceol le mothú san ollphobal don bhean óg as Contae na Mí. Bhris sí dhá shreang ar an ngiotár agus thuirigh sí amach an ‘amp’ leis an bhfuinneamh a chuir sí isteach ina cuid amhráin. Mar sin féin, choinnigh sí an lucht féachana léi, lena meangadh gáire ollmhór agus a pearsantacht, fad is a bhí an trealamh á dheisiú thart timpeall uirthi.



Raidió Uirbeach Gaeilge  
**106.4FM**  
**RAIDÍO NA LIFE**  
Cuisle na Cathrach  
do Bhaile Átha Cliath!

**Stáisiún Gaeilge Átha Cliath**

**Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruth ar**

**www.raidionalife.ie**



**Taifeadadh & Léiriú Fuaim**  
**Tel: 01-6616333**

Le cabhair ó:  
  
**Foras na Gaeilge**



**“AR MUIN NA MUICE”**  
Clár Gaeilge de chuid Near 90fm

**Ag craoladh ag 5.30 gach lá i rith na seachtaine**  
**A athchraoladh ag 9:00 ar maidin**  
**Abhaile polaitíocht, curraí reatha, spóirt, taisteal, na healaíona**  
**Agallaimh le daoine aitiúla ó Bhaile Átha Cliath**  
**Their Thuaidh agus ó thimpeall na tíre**

Podcraoladh: [www.nearfm.ie/podcast](http://www.nearfm.ie/podcast)  
fón: 01 8671190 r-phost: [gaeilge@nearfm.ie](mailto:gaeilge@nearfm.ie)

## Folúntais

### Tuairisceoir/Taighdeoir Raidio

Tá folúntas ag Edgecast Media do Thaighdeoir/  
Tuairisceoir ar shraith nua raidio náisiúnta seachtainiúil, ag plé  
cúrsaí eolaíochta agus timpeallachta.

Conradh 4 mhí, lonnaithe i gContae an Chláir. Ardchaighdeán  
Gaeilge riachtanach.

Taithí bliain amháin ar a laghad ag obair ar an raidio. Carr ag  
teastáil. Beidh buntáiste ag iarrthóir atá cleachtaithe ar mheáin  
idirlin agus ar mheáin sóisialta.

Seol CV/demo chuig:

[info@edgecast.ie](mailto:info@edgecast.ie) roimh 31 Iúil 2010

**edgecast media**

# 8 OIDEACHAS

## Easaontas faoi theagasc reiligiúnach ag cothú trioblóide

Cathaoirleach Chumann Daonnachta na hÉireann éirithe as

### Le Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRAÍODH Dé Luain go bhfuil Dick Spicer, Cathaoirleach ar bhord Chumann Daonnachta na hÉireann, ag éirí as a phost mar gheall ar easaontas faoin mbealach a múintear reiligiún in dhá scoil nua de chuid an Choiste Gairmoideachais, Scoil Ghráinne agus Scoil Choilm. Is scoileanna píolótacha iad seo agus tá an Cumann Daonnachta mar chuid de ghrúpa tagartha atá ag forbairt clár ilchreidmheach don dá scoil. Deir CGO Chontae Átha Cliath go bhfuil “aiféala” orthu faoi Dick Spicer ag éirí as a phost mar chathaoirleach ar bhord Chumann Daonnachta na hÉireann.

“Caillteanas” a bheidh ann don ghrúpa tagartha, ar siad. Freastalaíonn scoileanna gairmoideachais Bhaile Átha Cliath ar dhaltai “le gach cineál creidimh, nó gan creideamh ar bith”.

“Tá ár gcuid scoileanna tiomanta do chuimsiú, comhionannas agus cothromas a chur ar fáil, de réir mhianta na dtuismitheoirí,” a deir siad.

In alt a foilsíodh ar *The Irish Times* Dé Luain, maíodh go leanann scoileanna de chuid Educate Together múnla Francach de theagasc reiligiúnach, múnla a chruthaíonn réimse saolta (secular sphere) sa seomra ranga. Ach, deir Príomhfheidhmeannach Educate

Together, Paul Rowe, nach bhfuil sé seo fíor ar chor ar bith.

Deir Educate Together go gcuireann siad clár cuim-

**“Tá ár gcuid scoileanna tiomanta do chuimsiú, comhionannas agus cothromas a chur ar fáil, de réir mhianta na dtuismitheoirí,” a deir siad.**

sitheach ocht mbliana ar fáil a spreagann páistí chun a bhféiniúlacht féin a fhorbairt, fad is a fhoghlaimíonn siad

faoi chreidimh reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha mar chuid d’fhóram oideachasúil.

Tarraingíodh aird ar an gCoiste Gairmoideachais níos luaithe an mhí seo freisin mar gheall ar theagasc reiligiúnach. Rinne Oifig an Choimisinéara Sonraí teagmháil le Coistí Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath, Chill Dara, agus Chontae na Mí maidir le foirmeacha iarratais do chúig bhunscoil. De réir dealraimh, bhí sé le tuiscint ó na foirmeacha seo go mbeadh eolas pearsanta faoi reiligiúin na ndaltai á dháileadh ar bhunscoileanna áitiúla eile, rud a chuir as do dhaoine.

Deir CGO Chontae Átha Cliath “go bhféadfadh cruth na foirme reatha an tuairim mhíchheart a chruthú, is é sin go bhféadfai mionsonraí comhcheangal creidmheach a roinnt ar scoileanna, rud nach fíor.”

Tá sé ráite ag CGOnna Chill Dara agus na Mí freisin nach raibh sé i gceist go roinnfí na sonraí sin ar scoileanna eile, agus gur míthuiscint a bhí ann.

## Lucht na Gaelscolaíochta ag tarraingt le chéile

### Le Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH oíche bailithe airgid ann ar son Ghaelscoil an tSeanchaí in Óstan an Europa i mBéal Feirste Dé Sathairn 31ú Iúil. Is iad Iontaobhas na Gaelscolaíochta i gcomhar le Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain a reáchtálfadh an oíche seo, a bheidh mar an 11ú oíche mhór a eagraíodh san óstán chun airgead a bhailiú ar son na Gaelscolaíochta.

Tá Gaelscoil an tSeanchaí lonnaithe i Machaire Fíolta i nDoire. Is scoil í seo nach bhfuil aitheanta ag an Roinn Oideachais, ach tá sí beo go fóill mar gheall ar ghníomhaíochas agus flaithiúlacht an phobail áitiúil. Tá lucht na scoile ag súil go mbainfidh siad an tairseach amach sa todhchaí ach tá ga le cuidiú ó phobal na Gaeilge le go dtarlóidh sé sin. Tá an tAire Oideachais ó thuaidh, Caitríona Ruane, i measc an 350 atá deimhnithe don ócáid.

Beidh deireadh á chur le Scoil Shamhraidh Mhic Reachtain an deireadh seach-

taine céanna.

Bronnfar seic ar Ghaelscoil Ráth Tó ar an oíche fosta. Seo Gaelscoil atá lonnaithe i gContae na Mí. Cé gur éirigh leis an scoil critéir na Roinne Oideachais ó dheas a chomhlíonadh, ar fháth amháin nó fáth eile ní bhfuair siad an taitheantas a bhí tuillte acu. Beidh TACA, an carthanas a bhailíonn airgid ar son na Gaelscolaíochta ó thuaidh, ag bronnadh £2,000 ar an scoil.

Anuraidh bailíodh £12,600 ar mhaithe le Naíscoil Uachtar Tíre ag an ócáid seo.

Creideann Iontaobhas na Gaelscolaíochta gur féidir leo na figiúirí sin a sháru i mbliana de bharr an méid tacaíochta atá faighte acu go dtí seo. Beidh taispeántas ceoil agus damhsa ar an sean-nós ar siúl ar an oíche freisin agus amhránaithe agus damhsóirí cosúil le Pádraig Ó Sé agus Jon Saunders i láthair. Deir Maighréad Ní Chonghaile, rúnaí Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain, go bhfuil siad “fíorbhuíoch” do phobal labhartha na Gaeilge ar fud na tíre atá ag tacú leis an oíche seo.



OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD

NUI Maynooth

### An Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh (TMGA)

Beidh cúrsa bliana páirtaimseartha ar siúl in Ollscoil na hÉireann Má Nuad ó mhí Mheán Fómhair 2010 a bhfuil sé mar aidhm aige deis a thabhairt do dhaoine cáiliócht phroifisiúnta a bhaint amach i dteagasc na Gaeilge do dhaoine fásta.

#### Feidhmeanna an chúrsa

- Cuirfear oiliúint ar rannpháirtithe a dhíríonn ar an taighde is deireanaí sa teangeolaíocht fheidhmeach, a chuirfidh go mór le scileanna teagaisc na rannpháirtithe
- Beidh cur amach cuimsitheach ag rannpháirtithe ar an Teastas Eorpach Gaeilge (TEG)

#### Soláthar agus struchtúr an chúrsa

- Beidh an cúrsa á reáchtáil in Ollscoil na hÉireann Má Nuad.
- Beidh 10 gceardlann ar siúl i rith na bliana acadúla (Satharn 10 r.n.-5 i.n.).

#### Riachtanais Iontrála agus Costas

Caighdeán ard Gaeilge, idir scríobh agus labhairt. Taithí mhúinteoireachta ina buntáiste. Beidh ar iarrthóirí scrúdú scríofa agus agallamh a dhéanamh.

#### Dátaí Tábhachtacha

Spriocdháta d'iarratais: 3.09.2010

Gréasán: <http://www.nuim.ie/language/courses/cert-irish.shtml>

Guthán: 01-7086417 / 01 7083737

Ríomhphost: [teanga@nuim.ie](mailto:teanga@nuim.ie)



### Coláiste Phádraig,

Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Fáilteofar roimh iarratas ar na poist seo a leanas:

#### Roinn na Gaeilge

**Léachtóir/ Léachtóir Cúnta - post ar chonradh cúig bliana**  
**Léachtóir/ Léachtóir Cúnta - post ar chonradh dhá bhliain**

|            |                  |                   |
|------------|------------------|-------------------|
| TUARASTAL: | LÉACHTÓIR CÚNTA: | €46,474 - €76,853 |
|            | LÉACHTÓIR:       | €50,159 - €81,401 |

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar: [www.spd.dcu.ie/vacancies](http://www.spd.dcu.ie/vacancies) nó trí theagmháil a dhéanamh le:

Mary Donnelly, Bainisteoir Acmhainní, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9  
Teil: 01 8842023; Ríomhphost: [mary.donnelly@spd.dcu.ie](mailto:mary.donnelly@spd.dcu.ie)


a bhfuil foirmeacha iarratais comhlánaithe le seoladh chuici: faoi 12.00 méan lae Dé hAoine, 13 Lúnasa 2010

Fostóir comhionannais is ea Coláiste Phádraig

Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9  
COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH



## Crosfhocal 23.07.2010



### NODANNA

#### TRASNA

- 1 Bó óg (3)
- 6 Dearbhaigh, i mbealach thar a bheith brodúil (5)
- 8 Iarnóin (9)
- 10 Slog siar uisce nó deoch eile (2)
- 12 Toradh crainn feá, coille srl: dearcán mar shampla (3)
- 13 Téigh i ndiaidh, nó tabhair tacaíocht d'fhoireann (4)
- 15 Drong, grúpa mór daoine (4)
- 18 Béal (3)
- 19 Prios, áit ina gcoinnítear bia sa chistin (5)
- 20 Deacair, rud nach bhfuil bog (4)
- 21 Ar barr, thart (2)
- 22 Dath an tsionnaigh (3)
- 23 Rud atá tuillte agat faoin dlí (5)
- 25 Ábhar a ndéantar buama as (8)
- 26 Uimhir a bhfuil sé náid ann (7)
- 27 Dán fada a insíonn scéal éigin (4)
- 28 Briseadh as a chéile go foréigneach (7)

#### SÍOS

- 2 Méadaigh, fás (2)
- 3 Tá ceann acu ar do dhá láimh (5)
- 4 Cur siar go dáta eile (5)
- 5 Stoirm (4)
- 6 Fuaim a thagann ar ais chugat (7)
- 7 Tráchtáil, díol agus ceannach (3)
- 9 Fiche (4)
- 11 Áit gur féidir leat ábhar léitheoireachta a fháil ar iasacht (11)
- 14 Daoine a mbíonn freagrach as cruinneas agus líne thuairimíochta nuachtán (11)
- 16 David Norris, Piaras Ó Dochartaigh, Mary O'Rourke mar shampla (9)
- 17 Bláth, nó spéirbhean atá páirteach i bhféile Thrá Lí (3)
- 19 Baintear úsáid as seo le stop a chur ar ghluaiseán (6)
- 20 Ainmhithe oibre nó rásaíochta, eacha (7)
- 23 An struchtúir nó creatlach laistigh den chorp (6)
- 24 Áit ard, charraigeach le himeall contúirteach (4)

## Crosfhocal

16.07.2010

Buaiteoir na Seachtaine  
seo:

Maire Uí Chonghaile  
Cnoc a dTua  
Casla  
Co na Gaillimhe



### Duais na seachtaine

Bronnfar rogha leabhar Gaeilge ar bhuaitheoir na seachtaine. Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 28 Iúil, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

Uimhir Fóin.....

# Uachtarán nua insealbhaithe ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

## Le Meadhbh Ní Eadhra

IS é an tOllamh Brian Mac Craith Uachtarán nua Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Tá go leor dúshláin os a chomhair agus ar ndóigh tá deireadh curtha ar bhealach le ré i saol na hollscoile, agus iad ag fágáil slán le Ferdinand von Prondynski. Chaith Prondynski deich mbliana mar Uachtarán na hollscoile agus is beag duine nár chuala trácht air i rith an ama sin.

Bhíodh an tUasal MacCraith mar Ollamh Fhisice in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus chomh maith leis sin, bhíodh sé mar stiúrthóir ar an Institiúid Diagnóisic Bithleigheis. Is ionad eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta é seo. Rinneadh insealbhú ar Bhrian MacCraith mar Uachtarán DCU an tseachtain seo caite. Deir an tUachtarán nua go mbeidh DCU mar Ollscoil fiontraíochta nua-aimseartha agus idirghníomhach, agus go mbeidh luach mhór ag an ollscoil don náisiún agus do na mic léinn, a bheidh i gceannas ar an gcéad ré eile de stair na hÉireann.

“Ní ollscoil seanfhaiseanta, traidisiúnta muid agus níor cheart go mbeadh muid ag iarraidh a bheith. Tagann ár misean ón gcúlra atá againn, ónár luachanna agus ón mbunús a bhí le bunú DCU sa chéad dul síos, sé sin go mbeidh ról lárnach againn i ngníomhaíochtaí eacnamaíochta a thapú agus todhchaí



na hÉireann a sholáthar, go háirithe inár gceantar féin.”

Is é an tOllamh MacCraith an tríú hUachtarán a bhí ag DCU ó bunaíodh é mar NIHE i 1980. Bhí os cionn 1200 ball foirne, mac léinn, ionadaithe rialtais agus tuilleadh i láthair ar champas DCU agus é á insealbhú.

Cén fis atá ag an Uachtarán nua seo do thodhchaí DCU?

Feiceann sé DCU mar fhórsa “sainiúil agus nuálach” in ardoideachas, bunaithe ar cheithre bhun phrionsabail. Ina script, cuireann sé go leor béime ar fhiontraíocht agus ar an eacnamaíocht, rud a ardaíonn ceisteanna faoi chúrsaí oideachais go ginearálta agus faoin treo ina bhfuil sé ag dul.

Tá gnó, cúrsaí airgeadais, an eacnamaíocht agus oideachas á mheascadh le chéile agus tá daoine ann a deir gur cheart oideachas a choinneáil mar rud eile ar fud, rud nach bhfuil aidhmeanna eacnamaíocha aige,

ach aidhmeanna foghlama agus forbartha.

Tá sé fógartha ag an Uasal MacCraith go mbeidh bord comhairleach fiontraíochta á bhunú ag DCU. Beidh ionchur domhanda agus náisiúnta ag an mbord seo chun comhairle a thabhairt ar riachtanais fhiontraíochta ón oideachas. Chomh maith leis sin, beidh sraith léachtaí Nobel Laureate ar siúl, ócáid bhliantúil ina dtiocfaidh Laureate Nobel go DCU chun léacht phoiblí a thabhairt. Tá ciste d'aon mhilliún Euro le cur ar fáil chun cabhair a thabhairt do chomhlachtaí teicneolaíochta nach bhfuil ach ag tosú amach, agus tá cúrsa nua sa Bhainistiú Eitlíochta le tosú san Fhómhar.

Cé go bhfuil go leor pleananna agus go leor tograí ag an Uachtarán nua agus ag DCU, deir an tOllamh MacCraith go bhfuil go leor dúshláin agus deacrachtaí ann faoi láthair do réimse an ardoideachais.

“Tá misean an ardoideachais níos tábhachtaí anois ná riamh don tír seo, ach tá brú á chur ar ollscoileanna mar gheall ar bhuiséid laghdaithe, ardú ar líon na mac léinn agus éileamh ollmhór. Mar sin, tá caighdeán an oideachais a chuireann muid ar fáil faoi bhagairt uafásach.”

Tá an tOllamh an-phaiseanta faoi DCU agus deir sé go bhfuil sé an-bhuíoch as oidhreacht iad siúd a tháinig roimhe agus go bhfuil sé ag dúil leis na dúshláin os a chomhair.

“Tá mé muiníneach go n-éireoidh linn na dúshláin sin a sháru agus ní hamháin sin ach barr feabhais a bhaint amach sna réimsí atá mar chroílár na hollscoile seo: múineadh agus foghlaim, taighde agus nuálaíocht, agus tionchar mhór a bheith againn ar an gceantar seo agus ar an tír seo sna deich mbliana amach romhainn.”

Ina bhlag, deir Ferdinand von Prondynski go mbeidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag leanacht ar aghaidh le clár oibre lán le hathruithe agus forbairt, faoi chinnireacht Bhrian MacCraith. Cé go bhfuil a ról mar Uachtarán agus (go minic) aghaidh phoiblí na háite, thart anois, tá sé muiníneach go rachaidh an ollscoil ó neart go neart. Deir sé freisin gur dócha nach n-imeoidh sé as radharc an phobail go hiomlán. An mbeidh blag ag an Uachtarán Brian MacCraith? Beidh le feiceáil!

# Cúrsaí ionduchtúcháin ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe

## Le Treasa Bhreathnach

Beidh deis ag múinteoirí nua-cháilithe cúrsa ionduchtúcháin (induction) a dhéanamh faoi phleananna a d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan, inné ag Scoil Samhraidh MacGill. Beidh an clár tacaíochta ionduchtúcháin ar fáil do mhúinteoirí bunscoile i mbliana agus do mhúinteoirí iarbhunscoile ón bhliain seo chugainn.

Tá sé d'aidhm ag an gclár ionduchtúcháin caighdeán na múinteoirí a ardú agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe.

Beidh na cúrsaí seo á reáchtáil in ionad oideachais ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad le linn na scoilbhliana, taobh amuigh d'uaireanta scoile. Deir an Roinn Oideachais agus Scileanna go

mbeidh tábhacht faoi leith ag baint leis seo do mhúinteoirí nua-cháilithe agus iad ag iarraidh dul i dtaithí ar an seomra

ranga. Is iad an Chomhairle Theagaisc a bheidh freagrach as an gclár ionduchtúcháin ó mhí Mheán Fómhair 2012 ach tab-

harfar an clár ionduchtúcháin agus promhadh isteach ar bhonn céimeanna ó mhí Mheán Fómhair seo chugainn.

Dublin City University  
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



**Scoláireachtaí €2,000 ar fáil!**

**MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais**

Cúrsa suimiúil solúbtha ar bhonn páirtaimseartha. Léachtaí 8 deireadh seachtaine sa bhliain. Deiseanna gairme den scoth do chéimithe.

**Déan d'iarratas ar líne ag [www.pac.ie](http://www.pac.ie) roimh 31 Iúil 2010**  
**Breis eolais: [www.dcu.ie/fiontar](http://www.dcu.ie/fiontar) fiontar@dcu.ie 01 700 5614**

*Táillí laghdaithe, agus scoláireachtaí ar fáil don MSc.*

*Fiontar - i lár an aonaigh i bhforbairt na Gaeilge*

# 9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



'An Fiach Fiáin', paráid Macnas na Gaillimhe



An t-aisteoir Mairéad Ní Chuaig ar stáitse sa dráma 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!' i Seanscoil Sailearna. Is í a dhéanann páirt Mháirín sa dráma PIC: CATHAL Ó CUAIG



Bernie agus Máire Bean Uí Fhlatharta ag oíche oscailte 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!' i Seanscoil Sailearna, Indreabhán

GRIANGHRAF: MIKE SHAUGHNESSY



Nóirín Ní Nuadháin, an Spidéal le Fedelmaagus Helena Ní Raighne, Coill Rua, ag oscailt 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!'

PIC: MIKE SHAUGHNESSY



Phós Tommy Mac Gearailt agus Geraldine O'Sullivan i Séipéal Inse Dé hAoine seo caite. Is ón bhFeothanaigh Tommy, mac le Eileen & Joe gur leo Tigh Tábhairne An Cúinne. Is ó Inse Geraldine agus is iad Mary & John O'Sullivan a tuismitheoirí.



'An Fiach Fiáin', carachtair pharáid Macnas na Gaillimhe



Laoise & Brid Ní Neachtain ag 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!'

PIC: MIKE SHAUGHNESSY



Bean na gCultacha Stephanie Healy, ag réiteach amach Bhríd Ní Churraoin don stáitse, le haghaidh 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!'

PIC: CATHAL Ó CUAIG

# Poc ar an Chnoc

## Comórtas Poc Fada beartaithe do Bhéal Feirste

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH comórtas Poc Fada ar siúl ar an Satharn 7 Lúnasa in Stormont mar chuid d'Fhéile an Phobail in Iarthar Bhéal Feirste. Tá an comórtas seo á eagrú i gcomhar le ceannaire Shinn Féin, Gerry Adams. Deir sé go bhfuil áthas air tacaíocht a thabhairt don chomórtas. Beidh an comórtas ar siúl mar chuid de shraith imeachtaí de chuid Chumann Lúthchleas Gael atá beartaithe don fhéile. Roinnt blianta ó shin d'eagraigh Féile an Phobail comórtas Poc Fada mar chuid dá clár. Bhí an-tóir air agus tá sé ar siúl gach bliain ó shin i leith ag Club Uí Dhonnabháin Rossa. Ag an ócáid i mbliana beidh comórtais shinsearach na bhfear agus na mban, Comórtas Poc Fada do dhaoine mór le rá, agus blitz-chomórtas camógaíochta agus iomána do pháistí faoi dheich mbliana d'aois. Beidh foirne ó gach cearn de Bhéal Feirste ag glacadh páirte sa bhlitz-chomórtas. Tá cuireadh tugtha do Chomhaltaí den Tionól Reachtach chun páirt a ghlacadh in 'Poc Fada na nIomráiteach' in éineacht le réaltaí spóirt aitheanta. Tá cuireadh roimh iar-iomaitheoirí páirt a ghlacadh sna comórtais shinsearach do mhná agus fir. Ina measc siúd a bheidh i láthair ag an ócáid tá Sambo McNaughton, Davy Fitzgerald, Damian Fitzhenry, Brendan Cummins, Gregory O'Kane agus Brian McGilligan. Is é Martin Donnelly as Baile Átha Cliath, a bhíonn ag díol uirlisí cumhachta agus oiriúintí, atá ina phríomhuraithitheoir ar an ócáid.

# Am Cinniúnach Anois

Le Gráinne McElwain

TÁ seans ann anois nach mbeidh an lúthchleasaí óg ó Dhoire Jason Smyth ag rith i gCraobh-chomórtas na hEorpa i mBarcelona an tseachtain seo chugainn mar gheall ar ghortú theannán na hioscaide atá ag cur as dó. Ní raibh sé in ann rith i gComórtas Náisiúnta Lúthchleasaíochta na hÉireann cúpla seachtain ó shin mar gheall ar an ghortú sin ach ainmníodh é ar fhoireann na hÉireann le déanaí agus tabharfar gach seans dó rith sa rás 100 méadar. Níl Jason ach 23 bliain d'aois agus faoi láthair is é an dara duine is gasta sa tír é taobh thiar de Paul Hession. Ní amháin go bhfuil sé fíorspeisialta mar lúthchleasaí ach tá dhá bhonn óir buaite aige sna cluichí Para-oilimpeacha in 2008 nuair a bhris sé curiarracht an domhain sna rásaí 100 agus 200 méadar. Ag ocht mbliana d'aois fuair Smyth amach go raibh an galar Stargardt air agus ciallaíonn sin

nach bhfuil aige ach radharc imeallach na súil. Le bliain anuas, chaith Jason agus a chóitseálaí Stephen Maguire am ag traenáil in Florida, Meiceiceá ag obair faoi stiúir Lance Brauman atá mar chóitseálaí ag Tyson Gay. Réitigh Stephen agus Lance chomh maith sin lena chéile go bhfuil Stephen ag obair anois mar leas-chóitseálaí aige. Ba bhuille mór é do spriocanna Jason muna mbeadh sé in ann a dhul san iomaíocht i gCraobh-chomórtas na hEorpa, mar go bhfuil sé ag iarraidh a bheith ar an chéad lúthchleasaí Para-oilimpeach chun páirt a ghlacadh sa Chraobh-chomórtas. Déanfar cinneadh an mbeidh sé in ann rith sna laethanta amach romhainn. Trí lúthchleasaí is tríocha as Éirinn atá le bheith i mBarcelona le Colin Griffin, Steven Colvert agus Rory Chesser ag fáil cuiridh le déanaí chuig na cluichí. Is i gcampa traenála i Murcia sa Spáinn atá foireann na hÉireann faoi láthair.



Jason Smyth ar a bhealach chun an dara rása i gcomórtas 100m na bhfear a bhuachan ag Craobhacha Foirne na hEorpa i mBúdapeist na hUngaire. GRIANGHRAF: TOMAS GREALLY / SPORTSFILE

## DVD do chúl báirí

D'ÉISIGH an CLG, i gcomhar leis an oiliúnóir báireoireachta Mici Ó Sé agus Forás na Gaeilge, DVD nua oiliúna as Gaeilge 'Slí an Bháireora' nó 'The Way of the Goalkeeper' an teideal atá ar an DVD a dhíríonn ní hamháin ar na gnéithe teicniúla den bháireoireacht ach freisin ar an ról fíorleithleach agus eisceachtúil a bhíonn ag an bháireoir ar pháirc na himeartha. Tá taithí na mblianta ag an Chiarraíoch Mici Ó Sé ag cóitseáil cúl báirí i ngrád na mionúr, sa ghrád f-21 agus i ngrád na sinsear i gCiarraí. Chaith sé tréimhse chomh maith le foirne Ros Comáin, Luimnigh, na Mí, Chill Dara agus na hIarmhí. Is trí mheán na Gaeilge atá an DVD ar fad agus luaigh Liam Ó Néill atá



Iar chúl báire Chiarraí Diarmuid Murphy ag seoladh a dlúthdhiosca Mici Ó Sé i bPáirc an Chrócaigh. GRIANGHRAF: RAY MCMANUS / SPORTSFILE

ina Chathaoirleach ar an Choiste Náisiúnta Cóitseála agus Forbartha Cluichí “..Tá áthas orm go bhfuil uirlis den chineál seo ann anois agus go mbeidh sé an-úsáideach ag daoine a bheidh in ann é a íoslódáil ón suíomh idirlín. Léiríonn sé an ceangal speisialta atá idir an CLG agus an Ghaeilge”. Dúirt Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge “..Tá mé an-sásta a bheith páirteach leis an fhorbairt nua seo agus beidh an DVD seo ina uirlis luachmhar do chlubanna agus scoileanna mar aon”. Beifear in ann an DVD a íoslódáil ó láithreán gréasáin CLG [www.gaa.ie](http://www.gaa.ie) agus freisin ó [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie)

# An Tour De France ar ais ag barr a mhaitheasa

Le Páidí Ó Lionáird

I ndiaidh 3,487.4 cileaméadar rásaíochta tiocfaidh toradh deimhnitheach Tour De France 2010 ó staid an lae amáirigh. Deir lucht rásaíochta rothar nach bhfuil aon áit le dul i bhfolach sa triail ama. Pointe go pointe in aghaidh an chloig. An cúrsa céanna do gach uile dhuine acu seo, 180 de na rothaithe is fearr ar thalamh na cruinne. Mar a sheasann cúrsaí, tá a thríú Tour ag Alberto Contador le cailliúint.

Roimh dheireadh an cúigiú staid déag, bhí Andy Schleck i seilbh an gheansaí bhuí agus, le 31 soicind farasbairr ar an Spainneach, cheapfaí gur aige a bheadh an geansaí sin go dtí an triail ama amárach. Níorbh shin a bheadh i ndán dó áfach. Nuair a chinn sé ar éalú ón peleton agus óna chéile comhraice Contador ar an gcileaméadar deireannach den Port de Bales, bhí an chuma ar an scéal go n-eireodh leis. Bhí bearna oscailte aige agus lúth na gcós

freisin aige. Níos mó ná sin, níor chonaic Contador é ag éalú mar sin bhí leis in ainneoin go raibh Alexander Vinokourov, garda cosanta Chontador, sa tóir air. Ansan, nuair nach mbeadh éinne ag súil lena leithéid de mhí-ádh, léim slabhra a rothair de na fáinní. Rud fánach ach nuair a theip air é a chur ar ais an chéad uair, bhuail taom scaoil é agus thapaigh an Spáinneach a dheis. In aghaidh omerta an spóirt (nach n-ionsaítear an gheansaí buí nuair atá fadhban-

na meicniúla aige) chuaigh sé chun cinn ina thoirneach agus as san ar aghaidh, ní bheadh ceist ach cé mhéad ama a chaillfeadh Schleck. Ar deireadh chonacthas go raibh a dhóthain ama goidte ag Contador leis an ngeansaí buí á thógaint agus 8 soicind le spáráil aige - an méid céanna ama lenar bhuaigh Greg Lemond ar Laurent Fignon i 1989. Tá Contador slán áfach. Bíodh is go bhfuil go leor oibre Earraigh déanta ag Schleck le Fabian Cancellara, an rothaí triail ama is

fearr sa Tour, ní dócha go bhfuil a dhóthain déanta aige le Contador a chloí. Beidh 3,600 km rothaithe acu faoi thrathnóna Dé Domhnaigh. Ba cheart geansaí buí a bhronnadh orthu ar fad ar an ábhar go gcríochnaíonn siad rás chomh dúshlánach sin. Mar a deir siad, nochtfaidh siad iad fein dúinn amárach agus beidh muid ag faire ar gach casadh troitheáin de chlabhsúr an Tour De France is spleodraí le glúin anuas. Féach ar an gcríoch ar TG4.

# An Choimhlint ag Géarú

## Deireadh seachtaine suimiúil eile Gaelspóirt amach romhainn



Le John Allen

Tá an séasúr CLG ag treabhadh léi ; foirne eile agus deireadh déanta acu an deireadh seachtaine seo caite. Go dtí seo, i mo thuairim , bhí i bhfad níos mó cluichí maithe sa pheil . Tugann sé spreagadh dos na foirne eile nuair a thagann foireann nua chun cinn. Tarlaíonn sé sin minic go leor sa pheil ach is rí-annamh a tharlaíonn sé san iomáint.

Tá sé dochreidte go bhfuil beagnach nóch Craobh na hÉireann buaite eatarthu ag Cill Chainnigh , Corcaigh agus Tiobraid Árann ó 1884, agus na Cait ar bharr an dréimire agus tríocha dó buaite acu .

Gan dabht is iad Ciarraí atá ar barr sa pheil agus tríocha dó buaite acu freisin le BÁC sa dara háit agus dhá chraobh is fiche acu. Gaillimh le naoi gcinn atá sa tríú háit . Tá Corn Sam Mhic Uidhir buaite ag naoi bhfoireann déag ach níl ach aon fhoireann déag i ndiaidh an corn iomána a bhuachaint. Maidir le cuid de na foirne sin, tá sé tamall fada ó bhuaigh Ciarraí,

Londain nó Laois agus is dócha go mbeidh sé tamall eile go dtí go mbuafaidh siad arís.

An ceist mhór fós i mbliana ná an mbeidh aon athrú ar barr ag deireadh Mheán Fómhair?

Bhuel ag tógaint fhianaise an deireadh seachtaine seo caite san iomáint is iad foireann na nDéise atá ar shála na gCat na laethanta seo. Nach iontach an bua a bhí acu i nDurlas Éile agus an seanlaoch Dan Shanahan ag soláthar an scóir chin- niúnaigh an uair seo. Anois tá coicís eile acu chun iad féin a ullmhú don leathchraobh i gcoinne na Gaillimhe nó Thiobraid Árann.

Tabharfaidh siadsan aghaidh ar a chéile ar an Domhnach. Táimid ag súil le hardchoimhlint anseo. Tá na Tio- bradaigh i ndiaidh cúpla athrú a dhéanamh le déanaí, an ceann is suimiúla ná go bhfuil Shane McGrath ag caitheamh geansaí uimhir a haon déag na laethanta seo agus dár ndóigh geansaí uimhir a seacht á chaitheamh ag lánchúláí 2009 Pádraig Maher.

Ach is deacair iad a thomhas mar fhoireann. I ndiaidh sárthaispeántais i gCraobh na hÉireann anuraidh bhí- mar go léir ag súil go mbeidís ullamh do Chill Chainnigh i mbliana ach go dtí seo ní fhacamar mórán fianaise go bhfuil siad chomh maith agus a bhí- dar naoi mí ó shin. Beidh níos mó eolais againn fúthu nuair a bheidh

**An mbeidh Co. Lú ábalta iad féin a ghríosadh don dúsh- lán ollmhór atá amach rompu i gcoinne BÁC?**

deireadh déanta an Domhnach seo.

Tá súil agam go dtosnóidh bainis- teoir na Gaillimhe John McIntyre Joe Canning ag uimhir a ceathair déag, pé foireann a thugann sé dos na páipéirí, agus go bhfágfaidh sé Damian Hayes in aice leis.

Is deacair buaiteoir a phiocadh ach is dóigh liom, má éiríonn leis na Tio- bradaigh Canning a choimeád ar scór íseal, go beidh an lá leo.

Sa chluiche eile iomána ba dheacair gan do gheall a chur ar Chorcaigh. Cinnte cuirfidh tuirse agus gortuithe isteach orthu ach fós ba cheart go mbeidís róláidir d'Aontroim. Cé go raibh bua iontach ag an bhfoireann ó Chúige Uladh an Satharn seo caite ceapaim go bhfuil an iomad taithí fós ag Corcaigh.

Is buille marfach é do Bhaile Átha Cliath gur chailleadar an cluiche sin i gcoinne Aontroma agus tá trua agam dóibh mar tá obair iontach á déanamh sa phríomhchathair chun an iomáint a fhorbairt agus is spreagadh mór é dos na hógánaigh nuair a bhíonn an fhoireann sinsir ag dul go maith. Ach tá deireadh leo don séasúr seo agus an- díomá orthu gan dabht.

Tá ardmholadh ag dul d'fhoireann Ros Comáin a thug leo Craobh Chon- nacht sa pheil an Domhnach seo caite. Beidh súil ghéar á coiméad acu ar thorthaí an deireadh seachtaine .

Thaispéain Tír Eoghain nach bhfuil

siad críochnaithe fós le bua cuim- sitheach ar Mhuineachán . Ní bheidh aon fhoireann róshásta iad a fháil sna cluichí ceathrú ceannais ach caith- fimid fanacht go dtí go mbeidh deireadh déanta an deireadh seach- taine seo.

Thíos i bPáirc na nGael i Luimneach tabharfaidh an fhoireann bhaile aghaidh ar Chorcaigh i gcluiche thar a bheith deacair don dá fhoireann. Cad é mar mhí-ádh atá ar Luimneach le cúpla bliain anuas agus iad ag cail- leadh sna nóiméid dheireanacha i gcoinne Chiarraí i mbliana agus i gcoinne Corcaí anuraidh.

Nach deas dá bhfaigheadh laoch mar John Galvin luach saothar éigin sara n-éiríonn sé as an imirt ach is dóigh liom, le cabhair an dá chluiche atá buaite ag Corcaigh le coicís anuas, agus an painéal sách láidir atá acu, go mbeidh air fanacht bliain eile.

Ní bheidh mórán idir na foirne sna cluichí peile eile . An mbeidh Co. Lú ábalta iad féin a ghríosadh don dúsh- lán ollmhór atá amach rompu i gcoinne BÁC agus an mbeidh Muineachán agus Sligeach ábalta tosnú arís le meon dearfach? Táimid ag feitheamh go foighneach ar fhrea- graí na gceisteanna sin .

Tríd is tríd tá deireadh seachtaine suimiúil eile Gaelspóirt amach romhainn.


Beir Bua.

## SÚIL ar an Liathróid

Le Gráinne McElwain

**Dé Sathairn 24ú Iúil-Peil Muineachán v Cill Dara**  
**Babhta 4 de na Babhtai Cáilithe Páirc an Chrócaigh @ 3.00i.n.**  
Deacair a rá cé chomh maith is a bheidh Muineachán tar éis an drochthaispeántas a bhí acu in aghaidh Thír Eoghain. Ní bheidh JP Mone ná Vincent Corey ar fáil do Mhuineachán mar gheall ar ghortú agus sin buille mór don chontae. Tá rudaí ag dul go maith do Chill Dara. Bhí Eamon Callaghan ar fheabhas in aghaidh Dhoire ag aimsiú 1-4. Seo an cúigiú deireadh seachtaine as a chéile a bheidh Cill Dara ag imirt ach tá imní faoi ghortú ar an tosaí Tomás O'Connor. Seo an chéad uair go gcasfaidh na foirne seo in aghaidh a chéile sa Chraobh ó 1930. An ghaoth sna seolta ag Cill Dara. Bua: Cill Dara

**An Lú v Baile Átha Cliath**  
**Babhta 4 de na Babhtai Cáilithe Páirc an Chrócaigh @ 5.00i.n.**  
Tiocfaidh an Lú ar ais go láthair na coire agus iad ag iarraidh rudaí a chur in gceart tar éis an díomá uafásach a bhí orthu tar éis Chluiche Ceannais Laighean in aghaidh na Mí. Dúirt Peter Fitzpatrick go bhfuil na himreoirí ag súil go mór le dul ar ais ann agus go bhfuil an eachtra curtha taobh thiar díobh anois. Bhí bua maith ag Baile Átha Cliath ar Ard Mhacha ach tá siad ag brath go mór ar Bernard Brogan chun na scóranna a fháil. D'aimsigh sé 0-9 an lá sin agus tá níos mó ag teastáil ó Bhaile Átha Cliath chun seo a bhaint. Bua: Baile Átha Cliath



**Bernard Brogan, Áth Cliath.**  
GRIANGHRAF: RAY MCMANUS/SPORTSFILE

**Corcaigh v Luimneach**  
**Babhta 4 de na Babhtai Cáilithe Páirc na nGael, Luimneach @ 7.00i.n.**  
Arís ní raibh éinne ag iarraidh bualadh le Cor- caigh ach ní bheidh faitíos ar fhir Mickey Ned rompu. Chaill siad in aghaidh Chorcaí i gCluiche Ceannais na Mumhan anuraidh agus sin cluiche ba chóir a bheith buaite acu.



**Paul Shiels, Aontroim.**  
GRIANGHRAF: BRIAN LAWLESS/SPORTSFILE

Tógadh Nicholas Murphy Chorcaí den pháirc in aghaidh Loch Garman mar gheall ar ghortú súl ach beidh sé in ann imirt amárach. D'imir imreoirí Luimnigh cluichí lena gclubanna an deireadh seachtaine seo caite agus tháinig gach imreoir fríd slán. Ní ró-mhaith a d'éirigh le Luimneach sna babhtai cáilithe cheana agus beidh sé an-deacair dóibh in aghaidh Chorcaí. Bua: Corcaigh

**An Dún v Sligeach**  
**Babhta 4 de na Babhtai Cáilithe Páirc Brefini Kingspan, An Cabhán @ 7.00i.n.**  
Beidh an Dún ag iarraidh go rachaidh siad go

dtí an pháirc pheile ceart an uair seo. Níor imir siad go maith in aghaidh Uíbh Fhailí agus braitheann go leor ar mheon Shligigh ar an lá. Tá imní faoi Daniel Hughes, An Dún le gortú coise agus beidh an choimhlint i lár na páirce an-tábhachtach don dá fhoireann. Bua: Sligeach

**Dé Domhnaigh 25ú Iúil- Iomáint Aontroim v Corcaigh**  
**An Cluiche Ceathrú Ceannais Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n.**  
Gan dabht beidh Corcaigh díomhach tar éis dóibh cailleadh in aghaidh Phort Láirge i gCluiche Ceannais na Mumhan ach beidh siad sásta leis an tarraingt. Ní fios an mbeidh Seán Óg Ó hAilpín (teannán na hioscaide) ar fáil, Jerry O'Connor (teannán na hioscaide), Shane O'Neill (teannán na hioscaide) agus Ronan Curran (gortú ceathrún). Beidh Aontroim muiníneach tar éis an bhua mhaith in aghaidh Bhaile Átha Cliath ach beidh an lá le Corcaigh. Bua: Corcaigh

**Gaillimh v Tiobraid Árann**  
**An Cluiche Ceathrú Ceannais Páirc an Chrócaigh @ 4.00i.n.**  
Níor imir Gaillimh go maith in aghaidh Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais Laighean ach caithfidh siad a bheith go maith chun an lámh in uachtar ar fháil ar an Domhnach. Tá gortu- ithe ag cur as do Niall Healy, Damien Joyce, Richie Cummins agus Cyril Donnellan ach tá an bhainistíocht muiníneach go mbei- dh siad ábalta imirt. Tá na seolta faoi Thio-



**Ger Farragher, Gaillimh.**  
GRIANGHRAF: DAVID MAHER/SPORTSFILE

braid Árann tar éis buanna maithe in aghaidh Loch Garman agus Uíbh Fhailí. Beidh Tiobraid Árann ag súil le cluiche in aghaidh Phort Láirge sa chéad bhabhta eile agus má imríonn siad chomh maith agus is féidir leo, ba chóir go mbeadh an lá leo. Bua: Tiobraid Árann.

# Rugbaí na dTrí Náisiún

## Súil chun cinn ar an Astráil V an Afraic Theas

Le Cillian Ó Conchúir

DHÁ chluiche imeartha, dhá chluiche caillte agus dhá imreoir ar fionraí. Leis seo i gcúl a gcinn tá cheithre athrú déanta ag an Afraic Theas don 15 imreoir a thabharfaidh aghaidh ar an Astráil i mBrisbane ar an Satharn.

Mhínigh Peter de Villiers, bainisteoir na hAfraice Theas, an tuiscint taobh thiar den chinneadh. “Léiríonn statistici gurb é dromchla imeartha an staidiam Suncorp an ceann is sciobthaí sa Vodacom Super 14 (Corn Clubanna na dTrí Náisiún) agus caithfidimid bheith ullamh do chluiche níos tapúla.” Tagann imreoir nua Uladh, Ruan Pienaar (ag uimhir a naoi), chomh maith le Gio Aplon (ar an gcliathán) agus Ryan Kankowski (cúltosaí cliatháin) isteach chun roinnt luais a thabhairt don fhoireann nár léirigh mórán sa teip 17-31 in aghaidh an Nua-Shéalainne an

tseachtain seo caite. “Tá dhá chluiche chrua taobh thiar dinn,” a deir de Villiers, “ach má cloímid lenár struchtúir agus ár ndeiseanna a thapú, creidim go bhfuil an cumas sa bhfoireann seo toradh a bhaint amach.” Chaill de Villiers an tosach, Andries Bekker, le gortú a fuair sé in aghaidh na All Blacks, mar aon le Jean de Villiers agus Bakkies Botha, atá beirt ar fionraí. Ach deir sé go bhfuil an tacaíocht bhreise acu. “Is míbhuntáiste é ach caithfidimid déileáil leis. Cuid den chluiche atá ann. Caithfidimid feidhm a bhaint as an láidreachat atá

laistigh den fhoireann don chluiche seo.” Níl an stair ar thaobh na Springboks. Níl bua faighte acu in aghaidh na hAstráile i Suncorp sna cúig chluiche a imríodh eatarthu go dtí seo. Ach seo deis chun é sin a chur ina cheart agus iarracht a dhéanamh comórtas Trí Náisiún na bliana seo a shábháil. Tá beocht agus óige i lár na páirce ag an Astráil, le Will Genia (ag uimhir a naoi) agus Quade Cooper (ag uimhir a 10) ag stiúradh na foirne agus gan iad ach 22. Níl cluiche Trí Náisiún imeartha ag Cooper go dtí seo agus feicfear an

mbeidh sé in ann ceannasaíocht na foirne a iompar. Tá brú millteanach ar Robbie Deans, bainisteoir na Wallabies, agus gan cluiche buaite acu. Thabharfaidh bua i mBrisbane roinnt faoisimh dó roimh theacht na All Blacks go Melbourne ar an Satharn dár gcionn. “Táimid tar éis súil a chaitheamh ar an Afraic Theas agus an Nua-Shéalainn. Níl aon amhras faoin dúshlán atá roimh na himreoirí tar éis an méid a chonaiceamar sna cluichí sin. Tá na trí fhoireann is fearr i rangú an IRB sa chomórtas agus táimid sna sála ar an díis eile.”

## Lá na fuascailte do Ghaillimh?

### Agallamh le John McIntyre, Bainisteoir na Gaillimhe

Le Gráinne McElwain

Beidh Gaillimh ar ais ar an bhóthar an Domhnach beag seo in aghaidh Thio-braid Árann agus iad ag iarraidh go mbeidh taispeántas níos fearr ag na himreoirí ná mar a bhí acu i gCluiche Ceannais Laighean. “Bhí andíomá orainn gur chaill muid in aghaidh Chill Chainnigh. Theip ar ár muinín tar éis an chluiche sin agus bhí orainn amharc ar na deacrachtaí a bhí againn” a deir John McIntyre, bainisteoir na Gaillimhe. Chaith foireann na Gaillimhe cúpla lá an tseachtain seo caite i Johnstown House i gCo. na Mí ag iarraidh na deacrachtaí sin a réiteach.

“Níor imir muid go maith ar an lá, níor úsáid muid seilbh na liathróide mar is ceart agus nuair a bhí an tseilbh againn, ní dhearna muid go leor damáiste. Ní raibh muid ag gluaiseacht mar ba cheart dúinn a bheith agus muid ar an ionsaí” a deir John. “Ní raibh muid ag iarraidh cailliúint in aghaidh Chill Chainnigh ach ní féidir le héinne aon bheart a dhéanamh ón taobhlíne muna bhfuil an liathróid agat. Tá foireann iontach ag Cill Chainnigh, cur chuige cliniciúil acu, muiníneach as a chéile agus tá taithí acu a bheith ag buachaint le cúig



Bainisteoir na Gaillimhe, John McIntyre. GRIANGHRAF: DAVID MAHER / SPORTSFILE

bliana anuas.” “Chonaic mé Tiobraid Árann i bPortlaoise an Domhnach seo caite agus cosúil linne, chaill siad a bhféin-mhuinín tar éis dóibh cailleadh in aghaidh Chorcaí. Níor chuir Loch Garman mórán dua orthu agus ní raibh Uíbh Fhailí chomh maith in aghaidh Thiobraid Árann agus a bhí nuair a chas siad orainne. B’fhéidir nár lig Tiobraid Árann dóibh imirt nó b’fhéidir go raibh Uíbh Fhailí tuirseach, níl a fhios agam.” “Ach tá foireann iontach ag na Tiobradaigh. Gan

dabht, is iad atá mar rogha na n-údar agus tá níos mó taithí acu ná mar atá againne. Is é an phríomhrud atá muid a chuartú ná taispeántas maith ó na leaids. Tá a fhios againn go bhfuil muid níos fearr mar fhoireann ná mar a bhí muid in aghaidh Chill Chainnigh agus tá muid ag iarraidh sin a thaispeáint. Níl ach cúig chluiche fágtha i gCraobh na hÉireann agus tá muid ag iarraidh a bheith ag imirt sa chéad bhabtha eile. Tá deis fuascailte againn in aghaidh na dTiobradach agus caithfidh muid an deis sin a thapú.”

## Níos Astrálaigh ná na hAstrálaithe iad féin

Le Gráinne McElwain

BEIDH Éire ag glacadh páirte i gCraobh na hEorpa sa Pheil Astrálach den chéad uair riamh ag tús na míosa seo chugainn i gCóbanhávan, an Dánmhairg agus i Malmo na Sualainne. Roghnófar imreoirí don fhoireann sin ó na clubanna atá scaipthe ar fud na tíre.

Creid nó é nó ná creid ach bunaíodh an chéad chlub Peile Astrálaí i mBaile Átha Cliath i 1999, na Dublin Demons. Thosaigh Colm Cronin, fear as Cnoc Mór i Maigh Eo, an club le beirt eile agus mheall sé Ciarán Ó hEadhra as Maigh Eo chomh maith chun a bheith páirteach ann. Ag an am céanna bhí club i mBéal Feirste á bhunú, na Belfast Red Backs agus thosaigh an dá chlub ag obair lena chéile chun baill nua a mhealladh. D’éirigh leo 40 ball a fháil an bhliain sin agus, in 2000, bunaíodh trí chlub eile i gCorcaigh, Muileann gCearr agus Droichead Átha. Inniu tá níos mó ná 300 duine ag imirt peil Astrálach le clubanna in Éirinn.

Is iad na Midwest Magpies i gCathar na Gaillimhe an club is deireanaí a bunaíodh. “Shocraigh cúpla duine de na leaids club a bhunú i nGailimh” a deir Ciarán Ó hEadhra, Uachtarán Shraith Peile Astrálaí na hÉireann, “agus fuair muid geansaithe ó Collingwood, club mór san Astráil, agus chaith roinnt cóitseálaithe a gcuid ama linn ag traenáil agus ag míniú an chluiche dúinn. Is ag méadú an t-am ar fad atá an club,

anuraidh bhí ochtar againn agus anois tá 36 duine ann. Ní chaithfidh na rialacha a bheith ar eolas agat agus tá gach cumas peileadóra againn”

Le cúpla bliain anuas, bhí roinnt daoine ag gearán faoi pheileadóirí CLG ar nós Tommy Walsh agus Tadhg Kennelly ag fágáil na tíre chun dul go dtí an Astráil ag imirt peile ansin. An mbíonn aon duine ag tabhairt amach dóibh faoi?

“Níl muid ag cuartú imreoirí chun iad a réiteach le dul amach go dtí an Astráil. Gach duine a bheas ag imirt linn, is ar mhaithe leis an chraic agus an spraoi atá siad ann. Cinnte fuair muid cuidiú ó chóitseálaithe Collingwood a bhíonn anseo ag amharc ar imreoirí óga ach ní dóigh liom go mbeidh siad ag iarraidh éinne de dhream s’againne a ghoid” a deir Ciarán.

Gach seachtain bíonn cluichí ar siúl sa tSraith Náisiúnta atá 10 mbliana in Éirinn i mbliana agus seo an chéad bhliain ag na Midwest Magpies a bheith páirteach ann. “Chaill muid an chéad dá chluiche ach bhuaigh muid in aghaidh South Dublin Swans, ceann de na foirne is láidre sa tSraith. B’shin é ár gcéad bhua mar fhoireann” a deir Ciarán.

Ach ag díriú isteach ar Chomórtas na hEorpa, cén sort seans atá ag Éirinn i mbliana? “Tá an-seans againn” a deir Ciarán. “Seo an chéad bhliain de chomórtas mar seo agus beidh muid i ngrúpa A leis an Ghearmáin, An Chróit agus an tSualainn. Tá an spórt an-mhór sna tíortha Lochlannacha.

Tosnóidh an Comórtas ar an 1ú Lúnasa agus beidh sé ar siúl ar feadh seachtaine. Beidh ceithre chluiche againn agus ansin an Cluiche Ceannais. Bheinn dóchasach”. Cé nár thosaigh na Magpies go dtí an bhliain seo caite, beidh Declan Coyne ón chlub mar ionadaí ar phainéal na hÉireann.

I 2012, beidh Craobh an Domhain ar siúl i Melbourne na hAstráile. “ Bíonn an comórtas ar siúl gach trí bliana agus bhuaigh Éire é in 2002, an chéad uair a ghlac muid páirt ann” a deir Ciarán. “Tháinig muid sa cheathrú áit in 2005 agus 2008. Ó 2002 ar aghaidh chuir Cumann Peile na hAstráile infheistíocht mhór isteach sa chluiche i dtíortha ar nós na Nua-Shéalainne, Nua-Ghuine Phapua agus na hAfraice Theas. Mar shampla tá idir fiche agus tríocha míle duine ag imirt peil Astrálach san Afraic Theas anois. Níl aon infheistíocht in Éirinn agus beidh sé speisiúil a fheiceáil cén sórt feabhais atá tagtha ar na foirne sin ó shin”.

Le déanaí, bunaíodh foireann do mhná i nDoire agus tá pleananna ann foireann eile a bhunú i mBaile Átha Cliath go luath. Má tá tú ag iarraidh cluiche a fheiceáil sa pheil Astrálach, beidh cluichí ar siúl an deireadh seachtaine seo. Beidh na Midwest Magpies sa bhaile amárach in aghaidh na Leaside Lions as Corcaigh ar Pháirc Pheile an GMT ag a 2.00i.n.

Tuilleadh eolais ar na Midwest Magpies nó eolas eile faoin spórt ar: [www.midwestmagpies.com](http://www.midwestmagpies.com)

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag [sport@gaelsceal.ie](mailto:sport@gaelsceal.ie)

## Gaelscéal

● 23.07.2010

GRIANGHRAF: PAT MURPHY / SPORTSFILE



Na capaill ag déanamh a mbealaigh chuig tús cliathrasa núiosach Gheata Naomh Séamus ag ráschúrsa na Gaillimhe anuraidh.

## Na Rásaí Móra i nGaillimh



Le Gráinne McElwain

**T**osnóidh féile rásaíochta na Gaillimhe an Luan seo chugainn agus mar a deir bainisteoir an ráschúrsa John Moloney “Seo ceann de na féilte spóirt agus ócáidí is mó

sa tír”. Beidh seacht lá rásaíochta ar siúl agus anuraidh d’fhreastail 150,000 duine ar an ócáid. Cé go bhfuil an cúlú eacnamaíochta ag cur isteach ar gach duine i láthair na huaire, tá coiste an ráschúrsa muiníneach go dtiocfaidh na sluaite amach.

Is iad an Galway Plate agus an Galway Hurdle na rásaí is mó a bheidh ar siúl i rith na seachtaine. Tá urraitheoir nua ar an Galway Plate i mbliana le Tote Ireland tagtha isteach. Tabharfar €200,000 do bhuaiteoir an rása agus beidh duais

€250,000 ar fáil don Guinness Galway Hurdle.

Tá an Galway Plate buaite ag an traenálaí Dermot Weld ceithre huaire le fiche bliain agus tá an-seans ag a chapall Majestic Concorde sa rás seo. Ar an Déardoin, sa Galway Hurdle, is ar Overturn, a bhuaigh an Northumberland Plate le déanaí, a bheas an t-airgead ag dul ach tá gach duine ag súil le rás maith idir é agus Dirar atá ag 7/1 faoi láthair.

Seo lá na mban chomh maith agus seans iontach do bhean ghalánta duais €12,000 a bhuachan don

éadach is fearr ar an lá. Is é an siopa Anthony Ryan’s as Gaillimh a bheidh mar urraitheoir ar an duais seo. Chomh maith leis sin bronnfar €1500 don háta is fearr ar an lá.

Caithfidh Bairbre Power, Eagarthóir Faisin ón Irish Independent, Glenda Gilson, mainicín agus láitheoir teilifíse le Exposé ar TV3 agus PJ Gibbons, eagarthóir ón iris Social & Personal an cinneadh mór a dhéanamh.

Cé gur bhuaigh Ruby Walsh an Galway Plate anuraidh ar Oslo, ní bheidh sé ag glacadh páirte san fhéile i

mbliana. Bhreis sé a lámh ag marcaíocht ar Celestial Halo in Aintree i mí Aibreáin agus níl biseach tagtha ar an láimh go fóill. Feicfear Davy Russell ag marcaíocht ann mar go bhfuil sé ar ais ar a shean léim tar éis dó a rúitín a bhriseadh dhá mhí ó shin i Lios Tuathail.

Oslóidh Daithí Ó Sé TG4 an Fhéile ar an Luan seo agus ina chomluadar beidh na himreoirí rugbaí Ronan O’Gara agus Tommy Bowe agus beidh Dónal Barry agus Ger Faragher ann ó fhoireann iomána na Gaillimhe.